2026/2497

11.11.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2497 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Samhain 2026

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí feadán copair de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, Mheicsiceo, Vítneam agus na hÚisbéiceastáine

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 7 de,

Tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

(1) An 12 Márta 2026, thionscain an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') imscrúdú frithdhumpála ar allmhairí feadán copair de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín'), Stáit Aontaithe Mheicsiceo ('Meicsiceo'), Phoblacht Shóisialach Vítneam ('Vítneam') agus Phoblacht na hÚisbéiceastáine ('na tíortha lena mbaineann') de bhun Airteagal 5 den bhun-Rialachán. Tháinig sé sin sna sála ar ghearán a chuir Coiste Cosanta Feadáin Chopar an Aontais ('na gearánaigh' nó 'Coiste Cosanta Feadáin Chopar an Aontais') isteach an 26 Eanáir 2026 thar ceann thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán.

(2) Bhí údar leis an tionscnamh mar gheall ar an bhfianaise a soláthraíodh sa ghearán ar dhumpáil agus ar dhíobháil ábhartha dá deasca sin, mar a shonraítear san fhógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]) ('an fógra tionscnaimh').

1.2. Clárú

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1161 ón gCoimisiún ('an Rialachán maidir le clárú'), chuir an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir a gcláraithe ([3]).

1.3. Páirtithe leasmhara

(4) San fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, thug sé fógra do na gearánaigh, do tháirgeoirí aitheanta de chuid an Aontais, do tháirgeoirí onnmhairiúcháin, d'údaráis na Síne, Mheicsiceo, Vítneam agus na hÚisbéiceastáine, agus do pháirtithe leasmhara aitheanta eile - lena n-áirítear allmhaireoirí, úsáideoirí agus comhlachais trádála - agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach. Tugadh an deis do gach páirtí leasmhar barúil a thabhairt maidir leis an tionscnamh agus éisteacht os comhair an Choimisiúin nó os comhair an Oifigigh Éisteachta in imeachtaí trádála a iarraidh.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.

([2]) Fógra tionscnaimh maidir le himeachtaí frithdhumpála i ndáil le hallmhairí feadán copair de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, Mheicsiceo, Vítneam agus na hÚisbéiceastáine. IO C, C/2026/1506, 12.3.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/1506/oj.

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1161 an 22 Bealtaine 2026 ón gCoimisiún lena gcuirtear allmhairí feadán copair de thionscnamh na Síne, Mheicsiceo, Vítneam agus na hÚisbéiceastáine faoi réir a gcláraithe d'fhonn tobhach dleachtanna frithdhumpála a cheadú ar na hallmhairí atá faoi réir a gcláraithe (IO L, L/2026/1161, 26.5.2026, ELI http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1161/oj).

1.4. **Barúlacha maidir leis an tionscnamh**

(5) Rinne Rialtas na hÚisbéiceastáine agus trí tháirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na hÚisbéiceastáine aighneachtaí maidir le tionscnamh, is iad sin 'JV Sharq Tubes LLC', 'ICG Infinity Copper Group LLC' agus 'Angren Pipe Plant LLC'. Sna haighneachtaí sin, mhaígh na páirtithe a) gur cheart an t-imscrúdú a fhoirceannadh i gcás na hÚisbéiceastáine ar an bhforas go bhfuil a sciar den mhargadh diomaibhseach; agus b) nach gcomhlíontar na coinníollacha chun an Úisbéiceastáin a charnadh leis na tíortha onnmhairiúcháin eile chun críoch na hanailíse díobhála. Ós rud é go ndearnadh agóid san aighneacht in aghaidh sonraí áirithe a chuir na gearánaigh ar fáil gan amhras a chaitheamh ar thionscnamh an imscrúdaithe ann féin, tugadh aghaidh ar na maímh sin mar chuid den anailís díobhála i roinn 4.

1.5. **Sampláil**

(6) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

Táirgeoirí an Aontais a shampláil

(7) San fhógra tionscnaimh, chuir an Coimisiún páirtithe ar an eolas go raibh sampla de tháirgeoirí ón Aontas roghnaithe go sealadach aige. Roghnaíodh an sampla ar bhonn an mhéid táirgeachta agus díolachán, agus bhí trí tháirgeoir de chuid an Aontais ann.

(8) Chuimsigh táirgeoirí sampláilte an Aontais breis agus 40 % de mhéid iomlán táirgeachta agus díolachán measta an táirge chomhchosúil san Aontas. D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir leis an sampla sealadach. Ní bhfuarthas aon bharúil maidir leis an sampla. Suíodh go raibh an sampla cinntitheach ionadaíoch ar thionscal an Aontais.

Allmhaireoirí neamhchomhlachaithe a shampláil

(9) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a shonraítear san fhógra tionscnaimh a sholáthar.

(10) Níor sholáthair aon allmhaireoir neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a iarradh agus níor thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. Ina fhianaise sin, níorbh ann d'aon sampla d'allmhaireoirí neamhchomhlachaithe.

Sampláil táirgeoirí onnmhairiúcháin ón tSín

(11) Tá an lámh in uachtar ag trí ghrúpa mhóra ilnáisiúnta de chuid na Síne ar an margadh domhanda le haghaidh feadáin chopair: Golden Dragon Precise Copper Tube Group Inc ('Dragon Copper Tubes Group'), Jintian Group agus Hailiang Group. Tá táirgeoirí onnmhairiúcháin na ngrúpaí sin lonnaithe i dtrí cinn de na tíortha lena mbaineann, is iad sin an tSín, Meicsiceo agus Vítneam, agus baineann na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte uile san imscrúdú seo (seachas na táirgeoirí onnmhairiúcháin san Úisbéiceastáin) le ceann de na grúpaí sin.

(12) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin sa tSín an fhaisnéis a shonraítear san fhógra tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile ar spéis leo a bheith páirteach san imscrúdú a shainaithint, agus/nó teagmháil a dhéanamh leo.

(13) Sa fhreagra ar an bhfógra tionscnaimh, chuir ceithre tháirgeoir onnmhairiúcháin ó dhá ghrúpa chorparáideacha sa tSín an fhaisnéis a iarradh isteach agus d'aontaigh siad a bheith san áireamh sa sampla.

(14) Bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil ag an gcéim seo, b'ionann méid iomlán na n-onnmhairí ó na cuideachtaí Síneacha sin, bíodh siad díreach nó trí thrádálaithe gaolmhara agus neamhghaolmhara, agus [3-5] % de mhéid iomlán measta na n-onnmhairí feadán copair chuig an Aontas ón tSín le linn na tréimhse imscrúdúcháin ([4]). I bhfianaise leibhéal íseal na n-onnmhairí chuig an Aontas ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin a sholáthair freagraí samplála, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nárbh fhéidir sampla ionadaíoch a roghnú i gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán.

([4]) Measta gur 4 000 MT a bhí sna hallmhairí ón tSín chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin — féach mír 332 den ghearán.

(15) I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle le gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta lena mbaineann agus le húdaráis na tíre lena mbaineann maidir le heasnamh an tsamplála.

(16) Chuir Ningbo Jintian Copper Tube Co. Ltd., an tSín ('Jintian China') barúlacha isteach maidir leis an easpa samplála. D'áitigh siad go raibh roinnt táirgí nach dtagann faoi raon feidhme an imscrúdaithe seo san áireamh sa chód CC a úsáideadh chun allmhairí a ríomh le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, mhaígh siad go raibh méid iomlán na n-onnmhairí a úsáideadh mar bhonnlíne boilscithe, rud a chiallaíonn gur sciar níos airde ná [3-5] % measta den táirge iomlán lena mbaineann a onnmhairíodh ón tSín chuig an Aontas a bhí i gceist leis na cuideachtaí comhoibríocha.

(17) Tráth an chinnidh samplála, rinne an Coimisiún meastachán ar mhéid na n-allmhairí ar bhonn na modheolaíochta a soláthraíodh sa ghearán. Ós rud é go dtagann an táirge lena mbaineann faoi chód AC 7411 10 90, lena gcumhdaítear táirgí eile freisin, measadh sa ghearán gurbh é a bhí i dtuairim is 50-60 % d'iomlán na n-allmhairí faoin gcód AC sin an táirge lena mbaineann. Bhunaigh an gearánach a mheastachán ar na sonraí a sholáthair táirgeoirí de chuid an Aontais, ar an gcumarsáid le custaiméirí an ghearánaigh agus ar an anailís mhargaidh a rinne sé, lena gcomhcheanglaítear faisnéis ó thuarascálacha margaidh ó fhoinsí seachtracha, ar shonraí staidrimh maidir le hallmhairí agus onnmhairí ó gach ceann de na tíortha lena mbaineann ([5]). Ar bhonn an mheastacháin sin, shuigh an Coimisiún méid na n-allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne. Níor chuir Jintian China in aghaidh na modheolaíochta a úsáideadh sa ghearán agus níor chuir sé aon mhodheolaíocht mhalartach ar fáil. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh agus dheimhnigh sé nach bhféadfaí aon sampla ionadaíoch a roghnú i gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán.

(18) An 7 Aibreán 2026, chuir an Coimisiún Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne ('Rialtas na Síne') ar an eolas faoina chinneadh Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm i gcomhar le hAirteagal 17(4) den bhun-Rialachán i bhfianaise an mhéid ábhartha neamh-chomhoibrithe ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin. Dá dheasca sin, bhunaigh an Coimisiún a thorthaí maidir le táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín ar Airteagal 18 agus chuir sé na fíorais a bhí ar fáil i bhfeidhm.

(19) Ina bharúlacha, chuir Rialtas na Síne i bhfios go láidir gur cheart do chuideachtaí Síneacha atá cláraithe chun páirt a ghlacadh sna himeachtaí, gan beann ar a méid onnmhairiúcháin, corrlach dumpála aonair a fháil bunaithe ar a bhfreagraí in ionad na bhfíoras atá ar fáil. Thug an Coimisiún dá aire gur cuireadh na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha uile ar an eolas go cuí leis an nóta maidir le torthaí na samplála dá mba mhian leo corrlach dumpála aonair a iarraidh, gur cheart dóibh an ceistneoir le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin a líonadh isteach.

Sampláil táirgeoirí onnmhairiúcháin ó Mheicsiceo

(20) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin i Meicsiceo an fhaisnéis a shonraítear san fhógra tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Stáit Aontaithe Mheicsiceo chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile a shainaithint agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, ar táirgeoirí iad a bhféadfadh suim a bheith acu a bheith rannpháirteach san imscrúdú.

(21) Sholáthair táirgeoir onnmhairiúcháin amháin i Meicsiceo, GD Affiliates de RL de CV ('GDA') an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh sé a bheith san áireamh sa sampla. Is fochuideachta de Dragon Copper Tubes Group é GDA agus chuimsigh sé 100 % d'iomlán na n-onnmhairí ó Mheicsiceo chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(22) Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún nach raibh gá le sampláil. Dá bhrí sin, iarradh ar an táirgeoir onnmhairiúcháin a tháinig chun cinn freagra ar an gceistneoir a chur isteach.

Sampláil táirgeoirí onnmhairiúcháin ón Úisbéiceastáin

(23) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin san Úisbéiceastáin an fhaisnéis a shonraítear san fhógra tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Phoblacht na hÚisbéiceastáine chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile ar spéis leo a bheith páirteach san imscrúdú a shainaithint, agus/nó teagmháil a dhéanamh leo.

([5]) Mír 287 den ghearán.

(24) Sholáthair trí tháirgeoir onnmhairiúcháin san Úisbéiceastáin an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. 'JV Sharq Tubes' LLC, 'ICG Infinity Copper Group' LLC agus 'Angren Pipe Plant LLC'. Chuimsigh siad 100 d'iomlán na n-onnmhairí ón Úisbéiceastáin chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(25) Chinn an Coimisiún imscrúdú a dhéanamh ar na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin agus dá bhrí sin ní raibh gá le sampláil. Dá bhrí sin, iarradh ar na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin freagra ar an gceistneoir a chur isteach.

Sampláil táirgeoirí onnmhairiúcháin ó Vítneam

(26) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin i Vítneam an fhaisnéis a shonraítear san fhógra tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar mhisean Phoblacht Shóisialach Vítneam táirgeoirí onnmhairiúcháin eile a shainaithint agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, ar táirgeoirí iad a bhféadfadh suim a bheith acu a bheith rannpháirteach san imscrúdú.

(27) Sholáthair ceithre tháirgeoir onnmhairiúcháin sa Vítneam an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla.

(28) I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin. Hailiang (Vítneam) Copper Manufacturing Co., Ltd ('Hailiang Vietnam'), fochuideachta de chuid Chinese Hailiang Group, agus Jintian Copper Industrial (Vítneam) Company Limited ('Jintian Vietnam'), fochuideachta de chuid Chinese Jintian Group. Bhí an roghnú sin bunaithe ar an méid ionadaíoch is mó d'onnmhairí chuig an Aontas a d'fhéadfaí a imscrúdú go réasúnta laistigh den am a bhí ar fáil. Bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil ag an gcéim seo, chuimsigh an sampla níos mó ná 90 d'onnmhairí iomlána na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha uile de chuid Vítneam.

(29) Chuir ceann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin neamhshampláilte de chuid Vítneam, Toan Phat Copper Tube Joint Stock Company, barúlacha isteach maidir le roghnú an tsampla, agus d'áitigh sé go mbeadh torthaí ann nach mbeadh ionadaíoch ar staid Toan Phat dá n-áireofaí dhá chuideachta faoi úinéireacht na Síne a raibh a dtáirgeadh i Vítneam lonnaithe laistigh de chriosanna próiseála onnmhairiúcháin amhail Hailiang Vietnam agus Jintian Vietnam. D'áitigh an chuideachta freisin, cé gur chuir an Coimisiún srian leis an líon cuideachtaí sampláilte i Vítneam go dhá chuideachta mar gheall ar shrianta ar an méid a d'fhéadfaí 'a imscrúdú go réasúnach laistigh den am a bhí ar fáil', go ndearnadh trí chuideachta a shampláil san Úisbéiceastáin, agus gur cheart go mbeadh acmhainní saortha ag an gcomhar íseal sa tSín lenar ceadaíodh Toan Phat a áireamh sa sampla.

(30) Mheas an Coimisiún, ós rud é gurbh iad an dá chuideachta de chuid Vítneam a roghnaíodh, go mór fada, onnmhaireoirí is mó den táirge lena mbaineann chuig an Aontas, go raibh a n-úinéireacht agus a mbunú táirgeachta ionadaíoch don mhargadh foriomlán, agus thug sé dá aire nach raibh a mhéid a bhí sé réasúnta sampla a leathnú ag brath go hiomlán ar an líon cuideachtaí a sampláladh i dtíortha eile.

1.6. **Corrlach aonair**

(31) D'iarr táirgeoir onnmhairiúcháin amháin sa tSín, Jintian China, scrúdú aonair faoi Airteagal 17(3) den bhun-Rialachán agus thug sé freagra ar an gceistneoir. Ós rud é nár thug ach cuideachta amháin freagra cuí agus tráthúil ar an gceistneoir a d'fhéadfaí a fhíorú i gcomhréir le hAirteagal 16(1) den bhun-Rialachán, chinn an Coimisiún corrlach aonair a ríomh le haghaidh Jintian China.

1.7. **Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin**

(32) Sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne maidir le saobhadh suntasach a bheith sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

(33) Thairis sin, sholáthair an gearánach fianaise leordhóthanach sa ghearán ar shaobhadh amhábhar faoi Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán sa tSín agus i Vítneam maidir leis an táirge lena mbaineann. Dá bhrí sin, mar a fógraíodh san fhógra tionscnaimh, chumhdaigh an t-imscrúdú an saobhadh amhábhar sin chun a chinneadh an gcuirfí forálacha Airteagal 7(2a) nó 7(2b) den bhun-Rialachán i bhfeidhm maidir leis an tSín agus Vítneam. Ar an gcúis sin, sheol an Coimisiún ceistneoirí breise maidir leis sin chuig Rialtas na Síne agus chuig Rialtas Vítneam.

(34) Sheol an Coimisiún ceistneoirí chuig táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, chuig táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte sna tíortha lena mbaineann, chuig na gearánaigh ('macraicheistneoir'), chuig allmhaireoirí aitheanta, agus chuig úsáideoirí. Cuireadh na ceistneoirí céanna ar fáil ar líne ([6]) lá an tionscnaimh.

(35) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh sealadach a dhéanamh maidir le dumpáil, an díobháil dá deasca, agus leas an Aontais. Is in áitribh na n-eintiteas a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

Táirgeoirí de chuid an Aontais agus na gearánaigh:

— ELVALHALCOR S.A., Oinofyta, Viotia, an Ghréig;

— FEINROHREN SPA, Passirano, an Iodáil;

— Wieland-Werke AG, Ulm, an Ghearmáin;

— Coiste Cosanta Feadáin Copair an Aontais ('EUCTDC'), an Bhruiséil, an Bheilg;

Táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín:

— Ningbo Jintian Copper Tube Co. Ltd., ('Jintian China'), Ningbo, an tSín, agus a chuideachta chomhlachaithe Hongkong Maytime International Industry Limited, Hong Cong;

Táirgeoirí onnmhairiúcháin i Meicsiceo:

— GD Affiliates de RL de CV ('GDA') agus GD Copper S de RL de CV ('GDC'), Toluca, Meicsiceo agus a chuideachtaí comhlachaithe (le chéile ('GD Group'):

— Hong Kong GD Trading Company Limited ('HKGD'), Shanghai, an tSín agus GD Copper (SAM), Inc. ('GDUS'), Pine Hill, Alabama, Stáit Aontaithe Mheiriceá

Táirgeoirí onnmhairiúcháin san Úisbéiceastáin:

— ICG Infinity Copper Group LLC, Tashkent, an Úisbéiceastáin agus a tháirgeoir comhlachaithe Metal Processing Technology LLC, Tashkent, an Úisbéiceastáin

— Angren Pipe Plant LLC, Markaziy Kurgon, an Úisbéiceastáin

— JV Sharq Tubes LLC, Cathair Chirchik, an Úisbéiceastáin

Táirgeoir onnmhairiúcháin sa tír ionadaíoch

— Rinne an Coimisiún cros-seiceáil chianda ar Wieland Copper Products, LLC, Pine Hall, Stáit Aontaithe Mheiriceá;

Táirgeoirí onnmhairiúcháin i Vítneam

— Hailiang Copper Manufacturing Co., Ltd, Tan Phuoc, Vítneam;

— Jintian Copper Industrial Company Limited, Tan Phuoc, Vítneam;

— Ina theannta sin, rinne an Coimisiún cros-seiceáil chianda ar chuideachtaí comhlachaithe na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin seo a leanas: Hailiang Copper Manufacturing Co., Ltd (Hong Kong Hailiang Metal Trading Limited (Hong Cong)) agus Jintian Copper Industrial Company Limited (Hongkong Maytime International Industry Limited (Hong Cong) agus Jintian International Industry Pte. Ltd (Singeapór)).

1.8. **An tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(36) Chumhdaigh an t-imscrúdú ar dhumpáil agus ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025 ('an tréimhse imscrúdúcháin'). Chumhdaigh an t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí deireadh na tréimhse imscrúdúcháin ('an tréimhse faoi bhreathnú').

([6]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2847.

2. AN TÁIRGE FAOI IMSCRÚDÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. An táirge faoi imscrúdú

(37) Is éard atá sa táirge faoi imscrúdú píopaí agus feadáin de chopar mínghlanta, i gcornaí atá tochraiste go cothrom, bídís mín nó le heitrí laistigh, nach bhfuil tuilleadh próiseála déanta orthu ('feadáin chopair').

(38) Chun feadáin chopair a tháirgeadh, is féidir le táirgeoirí catóidí as mianach copair, fuíoll nó meascán díobh a úsáid. Trí chéim a bhíonn sa mhonaraíocht de ghnáth: an t-amhábhar a leá, an copar leáite a theilgean agus bailchríochnú, lena n-áirítear an próiseas líníochta chun an trastomhas agus an tiús balla inmhianaithe a bhaint amach agus an t-ainéaladh chun an táirge a fhaghairt do riachtanais an chustaiméara ([7]). Déantar an táirge a thochras ansin ina chornaí atá tochraiste go cothrom.

(39) Úsáidtear feadáin chopair i raon leathan feidhmeanna, mar gheall ar cháilíochtaí fisiciceimiceacha, airíonna baictéarastatacha agus dódhíonacha agus frithchreimneacha copair. Úsáidtear iad san earnáil téimh, aerála, aerchóirithe agus chuisniúcháin agus i bhfeidhmeanna sláintíochta, leighis agus tionsclaíocha. Is príomh-chomhpháirt iad feadáin chopair freisin le haghaidh gréasáin fuinnimh in-athnuaite áirithe ([8]).

2.2. An táirge lena mbaineann

(40) Is é an táirge lena mbaineann an táirge faoi imscrúdú de thionscnamh na Síne, Mheicsiceo, Vítneam agus na hÚisbéiceastáine, atá faoi láthair faoi chód AC ex 7411 10 90 (cód TARIC 7411 10 90 10) ('an táirge lena mbaineann').

2.3. An táirge comhchosúil

(41) Léirigh an t-imscrúdú gurb ionann na saintréithe bunúsacha fisiceacha ceimiceacha agus teicniúla mar aon leis na húsáidí bunúsacha céanna atá ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;

— an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol ar mhargadh intíre na dtíortha lena mbaineann; agus

— an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(42) Chinn an Coimisiún ag an gcéim sin gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

2.4. Maímh maidir le raon feidhme an táirge

(43) D'iarr Jintian Vietnam agus Jintian China ar an gCoimisiún a dheimhniú nach raibh píopaí copair díreacha, cornaí leacracha, feadáin chopair inslithe nó bhrataithe agus feadáin chopair ribeacha faoi raon feidhme an imscrúdaithe. Ar an gcaoi chéanna, mhaígh Hailiang Vietnam nár cumhdaíodh feadáin chopair ribeacha le raon feidhme an táirge.

(44) Dheimhnigh an Coimisiún nár chomhlíon píopaí copair díreacha, cornaí panca, feadáin chopair inslithe nó bhrataithe an tuairisc ar an táirge faoi imscrúdú agus, dá bhrí sin, nár cumhdaíodh iad leis an imscrúdú.

(45) A mhéid a bhaineann le feadáin chopair ribeacha, ar feadáin chopair iad a bhfuil trastomhas an-bheag acu a tháirgtear chun sreabhadh a rialú go beacht, mhínigh Jintian Vietnam agus Jintian China gur trastomhas seachtrach an-bheag é a chroí-shaintréith, idir 1 agus 3,6 milliméadar de ghnáth, agus go dtáirgtear iad trí phasanna iomadúla líníochta ardchruinnis de chornaí atá tochraiste go cothrom, arb ionann iad agus céim phróiseála bhreise d'fheadáin chopair, lena gcuirfí na táirgí sin lasmuigh de raon feidhme an imscrúdaithe, de réir an tsainmhínithe ar an táirge faoi imscrúdú.

([7]) Gearán, míreanna 20 go 31.
([8]) Gearán, míreanna 32 go 40.

(46) Mhaígh Hailiang Vietnam gur táirgí iartheachtacha iad feadáin ribeacha, a ndéantar tuilleadh próiseála orthu ó fheadáin chorna tochraiste go cothrom a bhfuil an t-imscrúdú dírithe orthu. Mhínigh sé freisin gur táirgí atá leithleach go teicniúil agus ó thaobh na tráchtála de iad feadáin chopair agus feadáin ribeacha, a bhfuil feidhmeanna, próisis táirgthe, caighdeáin thionsclaíocha is infheidhme, cuma fhisiceach, feidhmeanna úsáide deiridh, agus leibhéil praghsanna éagsúla acu.

(47) D'áitigh na gearánaigh, sa ghearán, gur eisiadh feadáin ribeacha ó raon feidhme an táirge faoi imscrúdú toisc nach soláthraítear iad de ghnáth i gcornaí atá tochraiste go cothrom ach i gcornaí míne nó i bhfaid ghearrtha lena n-úsáid go feidhmiúil. Má dhíoltar feadáin chopair le trastomhas beag i gcornaí atá tochraiste go cothrom, áfach, beidh siad fós ina dtáirge faoi imscrúdú gan beann ar an ainm tráchtála a thug an táirgeoir dóibh, de réir na ngearánach.

(48) Shoiléirigh an Coimisiún go bhfuil feadáin chopair ribeacha faoi raon feidhme an imscrúdaithe fad a dhíoltar iad i gcornaí atá tochraiste go cothrom. Cé gurb é an trastomhas beag seachtrach saintréith líomhnaithe na bhfeadán sin, thug an Coimisiún dá aire nach bhfuil aon teorainn le trastomhas na bhfeadán sa tuairisc ar an táirge, ná in uimhir rialaithe an táirge. Thairis sin, an cinneadh maidir le cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann táirge an tuairisc ar an táirge, ní mór é a bheith ag brath ar shaintréithe fisiceacha agus teicniúla inbhraite. Mar shampla, is gá tuilleadh próiseála a dhéanamh chun bratú a chur leis agus is léir go bhfuil sé inbhraite sna táirgí deiridh, nach gcomhlíonann an tuairisc ar an táirge a thuilleadh agus a mheastar, dá bhrí sin, a bheith lasmuigh de raon feidhme an imscrúdaithe. Os a choinne sin, ós rud é go gcinneann táirgeoir cornaí atá tochraiste go cothrom a úsáid ag céim idirmheánach dá tháirgeadh, ní féidir eisiamh ón raon feidhme a bheith mar thoradh air sin, mura mbeidh saintréithe fisiceacha agus teicniúla inbhraite na dtáirgí deiridh atá lasmuigh de raon feidhme an táirge mar thoradh ar an úsáid sin agus ar an bpróiseáil bhreise. Go deimhin, is é trastomhas níos lú na bhfeadán, a chomhlíonann tuairisc an táirge fós, an t-aon difríocht inbhraite idir na feadáin ribeacha a dhíoltar i gcornaí atá tochraiste go cothrom agus na cornaí eile a díoladh atá tochraiste go cothrom. Ar na cúiseanna sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh sin ag an gcéim seo den imscrúdú. Thug an Coimisiún dá aire freisin, le linn na tréimhse imscrúdúcháin, nach raibh ann d'allmhairí feadán copair ó na tíortha lena mbaineann a d'fhéadfaí a mheas mar fheadáin ribeacha nó gur dhiomaibhseach iad, agus dá bhrí sin nach mbeadh aon tionchar ábhartha ag a n-eisiamh ón raon táirgí ar chonclúidí an imscrúdaithe.

(49) Entalpia Europe Sp. D'iarr Z o. o., úsáideoir feadán copair a mhonaraíonn feadáin chopair inslithe, raon táirgí an imscrúdaithe a leathnú chun allmhairí feadán copair inslithe críochnaithe a chumhdach. De rogha air sin, d'iarr an chuideachta díolúine ó na dleachtanna frithdhumpála ar fheadáin chopair ós rud é nach bhfuil a cuid oibríochtaí in iomaíocht le tionscal an Aontais. Mhaígh an chuideachta go bhféadfadh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sna tíortha lena mbaineann dul timpeall ar na dleachtanna frithdhumpála trí fheadáin chopair inslithe a onnmhairiú in ionad an táirge faoi imscrúdú, rud a mhéadódh iomaíocht le táirge na cuideachta agus a bhainfeadh an bonn dá hinfheistíochtaí le déanaí.

(50) Thug an Coimisiún dá aire, áfach, nár cumhdaíodh feadáin chopair inslithe leis an sainmhíniú ar an táirge, mar a leagtar amach in aithris (37), ná i ngearán an cháis seo, agus, dá bhrí sin, nár sholáthair tionscal an Aontais aon fhianaise ar dhumpáil agus ar dhíobháil dá thoradh sin lena dtugtar údar le himscrúdú ar fheadáin chopair inslithe. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(51) Thug an Coimisiún dá aire go ndéantar faireachán ar éifeachtaí na mbeart tar éis iad a fhorchur, agus féadfaidh an Coimisiún imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh nuair a chomhlíontar na coinníollacha. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

3. **DUMPÁIL**

3.1. **An tSín**

3.1.1. *Nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán*

(52) Ó tharla gur leor an fhianaise a bhí ar fáil ag tús an imscrúdaithe a thug le fios gur ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán maidir leis an tSín mheas an Coimisiún gurbh iomchuí tús a chur leis an imscrúdú i ndáil leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin ón tír sin, ag féachaint d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(53) Dá thoradh sin, chun na sonraí is gá a bhailiú chun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm amach anseo, d'iarr an Coimisiún, san fhógra tionscnaimh, ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin sa tSín faisnéis a sholáthar maidir leis na hionchuir a úsáidtear chun feadáin chopair a tháirgeadh. Chuir ceithre tháirgeoir onnmhairiúcháin ó dhá ghrúpa an fhaisnéis ábhartha isteach.

(54) Chuir an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne. Ina theannta sin, i bpointe 5.3.2 den fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara uile a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh de 37 lá tar éis dháta fhoilsithe an fhógra tionscnaimh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne agus ní bhfuarthas aon aighneacht maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán roimh an sprioc-am. Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go n-úsáidfeadh sé na fíorais a bhí ar fáil de réir bhrí Airteagal 18 den bhun-Rialachán chun a chinneadh an ann do shaobhadh suntasach sa tSín.

(55) I bpointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún freisin, de réir na faisnéise a bhí ar fáil don Choimisiún, go bhféadfadh an Téalainn a bheith ina tír ionadaíoch iomchuí de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, chun an gnáthluach a chinneadh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa. Shonraigh an Coimisiún freisin go scrúdódh sé tíortha ionadaíocha eile a d'fhéadfadh a bheith iomchuí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán. San fhógra tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún freisin, mar gheall ar an bhfianaise a bhí ar fáil, go bhféadfadh sé gur ghá dó tír ionadaíoch iomchuí a roghnú de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, chun an gnáthluach a chinneadh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa.

3.1.2. *An Gnáthluach*

(56) I gcomhréir le hAirteagal 2(1) den bhun-Rialachán, '[b]eidh an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc de ghnáth, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir.

(57) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, 'más rud é go gcinntear … nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tír is onnmhaireoir toisc gur ann do shaobhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí pointe (b), ríomhfar an gnáthluach go heisiach ar bhonn costais táirgthe agus díola a léiríonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa' agus '[á]ireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús ('costais SGA' a thugtar anseo feasta ar 'costais riaracháin, díola agus ghinearálta').

(58) Mar a mhínítear thíos freisin, ba é conclúid an Choimisiúin san imscrúdú seo, bunaithe ar an bhfianaise a bhí ar fáil agus ag féachaint don easpa comhoibriú ó Rialtas na Síne agus ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin, gurbh iomchuí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

3.1.2.1. Saobhadh suntasach a bheith ann

(59) Sonraítear in Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán gurb é atá i '*saobhadh suntasach an saobhadh sin a tharlaíonn nuair nach torthaí ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad na praghsanna ná na costais a tuairiscíodh, lena n-áirítear costais amhábhar agus fuinnimh, toisc go bhfuil tionchar ag idirghabháil shubstainteach rialtais orthu. Agus measúnú á dhéanamh an ann do shaobhadh suntasach, tabharfar aird, inter alia, ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:*

— *an margadh atá i gceist a bheith á chothú go suntasach ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht, nó faoi mhaoirseacht bheartais, nó faoi stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir;*

— *an stát a bheith i láthair i gcuideachtaí lena gcumasaítear don stát cur isteach i leith praghsanna nó costas;*

— *beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthraithe intíre nó lena n-imrítear tionchar ar chaoi eile ar fhórsaí an mhargaidh shaoir;*

— *maidir leis na dlíthe féimheachta, corparáideacha, nó maoine, easnamh a bheith ann ina leith, nó iad a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó iad a fhorfheidhmiú go neamhleor;*

— *saobhadh a bheith á dhéanamh ar chostais phá;*

— *rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó ar chaoi eile nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an stát.'*

(60) Os rud é nach carnach an liosta in Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, ní gá na gnéithe uile a thabhairt chun a chinneadh gur ann do shaobhadh suntasach. Thairis sin, féadfar úsáid a bhaint as na himthosca fíorasacha céanna chun a léiriú gur ann do cheann amháin nó níos mó d'eilimintí an liosta.

(61) Mar sin féin, ní mór aon chonclúid maidir le saobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán a dhéanamh ar bhonn na fianaise uile atá ar fáil. Nuair atá an measúnú foriomlán á dhéanamh lena fháil amach an ann do shaobhadh, féadfar comhthéacs ginearálta agus an staid sa tír is onnmhaireoir a chur san áireamh freisin, go háirithe i gcás ina dtugann na gnéithe bunúsacha de chomhdhéanamh eacnamaíoch agus riaracháin na tíre is onnmhaireoir cumhachtaí substainteacha don rialtas chun idirghabháil a dhéanamh sa gheilleagar ar bhealach a fhágann nach toradh ar shaor-fhorbairt fhórsaí an mhargaidh iad praghsanna agus costais.

(62) Foráiltear in Airteagal 2(6a)(c) den bhun-Rialachán '[i] *gcás ina bhfuil údar maith ag an gCoimisiún lena chreidiúint go bhféadfadh saobhadh suntasach dá dtagraítear i bpointe (b) a bheith i dtír ar leith nó in earnáil ar leith sa tír sin, agus i gcás inarb iomchuí chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil lena dtuairisceofar imthosca an mhargaidh dá dtagraítear i bpointe (b) sa tír sin nó san earnáil sin a ullmhú, a phoibliú agus a thabhairt cothrom le dáta*'.

(63) De bhun na forála sin, d'eisigh an Coimisiún tuarascáil tíre maidir leis an tSín ('*an Tuarascáil*') ([9]), ina bhfuil fianaise gur ann d'idirghabháil shubstaintiúil rialtais ar roinnt mhaith leibhéal den gheilleagar, lena n-áirítear saobhadh sonrach i roinnt mhaith príomhthoisc táirgeachta (amhail talamh, fuinneamh, caipiteal, amhábhair agus saothar) agus in earnálacha roghnaithe, (amhail earnáil na gceimiceán, ….). Iarradh ar na páirtithe leasmhara an fhianaise a bhí sa chomhad imscrúdaithe tráth an tionscnaimh a fhrisnéis, barúil a thabhairt maidir léi nó an fhianaise a fhorlíonadh. Cuireadh an Tuarascáil maidir leis an tSín sa chomhad imscrúdúcháin ag an gcéim thionscnaimh. Bhí roinnt fianaise ábhartha sa ghearán freisin a chomhlánaíonn an Tuarascáil.

(64) Chuir an gearánach in iúl gur geilleagar margaidh sóisialach í an tSín a forbraíodh faoi cheannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne ('CCP') lena gceadaítear idirghabháil shubstaintiúil rialtais sa gheilleagar. Tá struchtúir Stát na Síne agus Pháirtí Cumannach na Síne fite fuaite ina chéile ar gach leibhéal (dlíthiúil, institiúideach agus pearsanta). Bíonn Rialtas na Síne ag gabháil do bheartas eacnamaíoch idirghabhálach agus é ag saothrú spriocanna, ar spriocanna iad a thagann leis an gclár oibre polaitiúil arna leagan síos ag Páirtí Cumannach na Síne seachas a bheith ag léiriú na ndálaí eacnamaíocha atá i réim i margadh saor. Tá an iliomad uirlisí eacnamaíocha crioscaíolacha in úsáid ag rialtas na Síne, lena n-áirítear an córas a bhaineann le pleanáil thionsclaíoch, an córas airgeadais agus leibhéal na timpeallachta rialála chomh maith.

(65) Meabhraíodh sa ghearán na heilimintí seo a leanas a raibh saobhadh suntasach mar thoradh orthu.

(66) Ar an gcéad dul síos, tá idirghabháil an Rialtais i margaí réamhtheachtacha agus iartheachtacha ag freastal ar earnáil feadán copair na Síne, rud a fhágann go bhfuil saobhadh mór ann maidir le costais na n-amhábhar a úsáidtear sa phróiseas táirgthe. Bhí an gearánach ag brath ar an Tuarascáil chun a léiriú go bhfuil an táirgeadh copair is mó ar domhan ag an tSín, agus gurb ionann a táirgeadh agus 38 % den táirgeadh domhanda. Eascraíonn an cheannasacht sin as a thionsclú tapa agus as a idirghabháil Stáit. Ghlac Rialtas na Síne a Phlean Copair le déanaí (2025-2027) lena bhféachtar le '*forbairt ardcháilíochta an tionscail copair a chur chun cinn [agus] tacaíocht níos fearr a thabhairt do phríomhshlabhraí tionsclaíocha san earnáil monaraíochta*' lena léirítear, i gcás na Síne, '*gur bun-amhábhar tábhachtach é an copar agus gur acmhainn straitéiseach é a bhfuil dlúthbhaint aige leis an bhforbairt eacnamaíoch náisiúnta*'. Thairis sin, déantar foráil sa 14ú Plean Cúig Bliana a glacadh in 2021 maidir le príomhphleananna earnála áirithe lena ndírítear ar earnálacha amhábhar, lena n-áirítear miotail neamhfheiriúla amhail copar. Déantar foráil sa 14ú Plean Cúig Bliana freisin maidir le roinnt Pleananna Cúig Bliana ar an leibhéal cúigeach ina bhfuil bearta sonracha beartais pleanála ar an leibhéal cúigeach agus ar an leibhéal earnála. Áitíonn an gearánach, leis na beartais sin a fhéachann leis an soláthar miotail copair sa tSín a mhéadú, go n-ísleofar an praghas ar mhiotal copair sa tSín agus go rachaidh siad chun tairbhe go hindíreach do tháirgeoirí feadán copair trína gcostais táirgthe a ísliú go saorga. Ina theannta sin, chuir an gearánach in iúl go bhfuil an margadh intíre le haghaidh ionchuir chopair agus earraí críochnaithe iartheachtacha saofa ag beartais onnmhairiúcháin amhail dleachtanna onnmhairiúcháin agus cuótaí onnmhairiúcháin. Thairis sin, bíonn tionchar mór ag gníomhaíochtaí stoc-charntha ar phraghsanna agus ar infhaighteacht tráchtearraí áirithe lena n-áirítear copar. D'áitigh an gearánach go bhfuil tionchar ag saobhadh mór i dtionscail iartheachtacha amhail an earnáil fuinneamh in-athnuaite agus an earnáil earraí comhshaoil ar thionscal na bhfeadán copair.

([9]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críoch Imscrúduithe Cosanta Trádála, 10 Aibreán 2024, SWD (2024) 91 final.

(67) Ar an dara dul síos, tá freastal nach beag á dhéanamh ar mhargadh feadán copair na Síne ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht, faoi mhaoirseacht bheartais nó faoi stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir. Is cuid bhunriachtanach de gheilleagar na Síne iad fiontair atá faoi úinéireacht Stáit. Coinníonn Rialtas na Síne agus Páirtí Cumannach na Síne struchtúir lena n-áirithítear go mbeidh tionchar leanúnach acu ar fhiontair faoi úinéireacht stáit. Go traidisiúnta, bhí earnáil mianadóireachta na Síne faoi rialú an stáit den chuid is mó. D'ainneoin príobháidiú méadaithe na n-earnálacha mianadóireachta agus miotail, tá idirghabháil agus rialú Rialtas na Síne i gcuideachtaí atá ag feidhmiú sna hearnálacha sin fós suntasach.

(68) Ar an tríú dul síos, cuireann láithreacht an stáit i gcuideachtaí feadán copair nascshníofa ar a gcumas do na húdaráis cur isteach ar phraghsanna agus/nó ar chostais freisin. Bhraith an gearánach ar an Tuarascáil chun a mheabhrú gurb ionann an ceart atá ag údaráis an Stáit agus ag cealla Pháirtí Cumannach na Síne i bhfiontair faoi úinéireacht stáit príomhphearsanra bainistíochta i bhfiontair faoi úinéireacht stáit a cheapadh agus a chur as a bpost agus bealaí trínar féidir leis an Stát cur isteach ar chinntí gnó. Thairis sin, tá éifeacht saofa breise ar an margadh ag láithreacht an Stáit agus idirghabháil an Stáit sna margaí airgeadais, chomh maith lena láithreacht i soláthar amhábhar agus ionchur.

(69) Ar an gceathrú dul síos, saothraíonn Rialtas na Síne beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthraithe intíre nó lena n-imrítear tionchar ar shlí eile ar fhórsaí an mhargaidh shaoir. Sa 14ú Plean Cúig Bliana maidir le Forbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta, leagtar síos cuspóirí forbartha, tugtar treoracha maidir le spriocanna táirgthe de réir deighleoga tionscail, lena n-áirítear tionscail miotal neamhfheiriúil, agus forchuirtear rialú rialtais ar acmhainneacht táirgeachta, agus ar chinntí corparáideacha.

(70) Ar an gcúigiú dul síos, mórán mar a chéile le haon earnáil eile i ngeilleagar na Síne, tá an earnáil feadán copair faoi réir an tsaofa a eascraíonn as cur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó forfheidhmiú neamhleor na ndlíthe féimheachta, corparáideacha agus maoine na Síne: Bhí an gearánach ag brath ar an Tuarascáil chun a áitiú gur cosúil nach leor córas féimheachta na Síne chun a phríomhchuspóirí féin a bhaint amach. Mar shampla, tá an líon féimheachtaí fós thar a bheith íseal i ndáil le méid gheilleagar na tíre. Ina theannta sin, tá easnaimh chóras na gceart maoine soiléir go háirithe maidir le húinéireacht talún agus cearta úsáide talún sa tSín. Is leis an Stát an talamh uile, agus tá a leithdháileadh fós ag brath go hiomlán ar an Stát. Thairis sin, is minic a thugann na húdaráis faoi spriocanna sonracha polaitiúla, lena n-áirítear cur chun feidhme na bpleananna eacnamaíocha agus tailte á leithdháileadh acu.

(71) Ar an séú dul síos, déantar costais phá a shaobhadh san earnáil feadán copair freisin. Ní féidir córas pá margadhbhunaithe a fhorbairt go hiomlán sa tSín toisc go gcuirtear bac ar chearta oibrithe agus fostóirí maidir le comheagrú. Faoin dlí náisiúnta, níl ach ceardchumann ghníomhach amháin ann. Mar sin féin, níl an eagraíocht sin neamhspleách ar na húdaráis stáit agus ní dhéanann sí ach obair an-bhunúsach maidir le cómhargáil agus cearta oibrithe a chosaint. Thairis sin, tá soghluaisteacht lucht saothair na Síne srianta ag an gcóras clárúcháin teaghlaigh. Cuireann na torthaí sin saobhadh ar chostais pá sa tSín.

(72) Ar an seachtú dul síos, tá rochtain ag táirgeoirí feadán copair ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an stát ar shlí eile. Saintréith de chuid chóras airgeadais na Síne is ea seasamh láidir na mbanc faoi úinéireacht an Stáit, a chuireann san áireamh, agus rochtain á tabhairt acu ar airgeadas, critéir seachas inmharthanacht eacnamaíoch tionscadail. Tá fiontair neamhairgeadais faoi úinéireacht stáit fós nasctha leis an Stát, ní hamháin trí úinéireacht ach freisin trí chaidreamh pearsanta agus trí bheartais phoiblí arna gceapadh ag an Rialtas a chur chun feidhme. Ina theannta sin, thug an gearánach le fios gur minic a dhéantar rátálacha bannaí agus creidmheasa a shaobhadh. Coinníodh costais iasachtaithe íseal go saorga chun fás infheistíochta a spreagadh. Cé gur baineadh amach léirscaoileadh sna rátaí ainmniúla úis i mí Dheireadh Fómhair 2015, níl na comharthaí praghais ann de bharr fhórsaí an mhargaidh shaoir fós, ach iad faoi thionchar saobhadh a thagann chun cinn ón Rialtas. Ar deireadh, léirítear leis an bhfás foriomlán ar chreidmheas sa tSín go bhfuil cúrsaí ag dul in olcas ó thaobh a éifeachtúlaí a leithdháiltear caipiteal gan aon chomhartha ann go bhfuil creidmheas ag éirí níos doichte, rud a mbeadh coinne leis i dtimpeallacht mhargaidh neamhshaofa.

(73) Bhí an gearánach ag brath ar an Tuarascáil agus d'áitigh sé gur saobhadh sistéamach é an saobhadh thuasluaite. Léirítear leis an bhfianaise atá ar fáil go bhfuil feidhm ag fíorais agus gnéithe chóras na Síne mar a thuairiscítear thuas ar fud na tíre agus ar fud earnálacha an gheilleagair. Déantar costais ionchuir maidir le táirgeadh feadán copair a shaobhadh toisc go ndéanann idirghabháil shubstaintiúil rialtais difear dá bpraghasmhúnlú. Ina theannta sin, tá rannpháirtíocht an Rialtais san earnáil fuinnimh ábhartha go háirithe ós rud é go bhfuil táirgeadh feadán copair an-dian ar fhuinneamh. Thairis sin, fostaíonn soláthróirí na n-ionchur lucht saothair atá faoi réir saobhadh.

(74) Mar chonclúid, d'áitigh an gearánach go bhfuil saobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán san earnáil feadán copair.

(75) Scrúdaigh an Coimisiún cé acu is iomchuí nó nach iomchuí praghsanna agus costais intíre sa tSín a úsáid, i ngeall gur ann do shaobhadh suntasach de réir phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún amhlaidh ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil sa chomhad. San fhianaise ar an gcomhad, áiríodh an fhianaise a bhí sa Tuarascáil, a bhraitheann ar fhoinsí atá ar fáil go poiblí.

(76) Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substaintiúla ón rialtas i ngeilleagar na Síne i gcoitinne, ach cumhdaíodh freisin staid shonrach an mhargaidh san earnáil ábhartha a chuimsíonn an táirge lena mbaineann. Chuir an Coimisiún leis na gnéithe fianaiseacha sin a thuilleadh lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gur ann do shaobhadh suntasach sa tSín.

3.1.2.1.1. *Saobhadh suntasach a dhéanann difear do phraghsanna agus costais sa tSín*

(77) Tá córas eacnamaíoch na Síne bunaithe ar an gcoincheap "geilleagar margaidh sóisialach". Tá an coincheap sin cumhdaithe i mBunreacht na Síne agus cinneann sé rialachas eacnamaíoch na Síne. Is é an príomhphrionsabal '*úinéireacht phoiblí shóisialach ar na modhanna táirgthe, is é sin, úinéireacht an phobail uile agus comhúinéireacht ag an lucht oibre*' ([10]).

(78) Is é an geilleagar faoi úinéireacht stáit an '*fórsa ceannasach sa gheilleagar náisiúnta*' agus tá sainordú ag an stát '*a chomhdhlúthú agus a fhás*' a áirithiú ([11]). Go deimhin, i gcomparáid leis an 13ú Plean Cúig Bliana, dheimhnigh an Coimisiún um Maoirseacht agus Riarachán ar Shócmhainní Stáit gur tháinig méadú 44,6 % ar shócmhainní iomlána na bhfiontar lárnach le linn an 14ú Plean Cúig Bliana, '*ag spreagadh forbairt chomhtháite na bhfiontar réamhtheachtach agus iartheachtach sa slabhra tionsclaíoch go héifeachtach agus ag soláthar tacaíocht láidir chun príomhspriocanna agus príomhchúraimí fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta na Síne a bhaint amach go rathúil*' ([12]).

(79) Dá réir sin, ní hamháin go bhfuil geilleagar na Síne socraithe go foriomlán sa chaoi gur féidir leis an Rialtas idirghabhálacha substaintiúla a dhéanamh sa gheilleagar, tá idirghabhálacha den sórt sin sainordaithe go sainráite. Tá an coincheap maidir le ceannas na húinéireachta poiblí ar an úinéireacht phríobháideach leata ar fud an chórais dhlíthiúil fhoriomláin agus cuirtear é i dtábhacht mar phrionsabal ginearálta i ngach píosa lárnach reachtaíochta.

(80) Sampla maith de sin is ea dlí maoine na Síne: tagraíonn sé do phríomhchéim an tsóisialachais agus cuireann sé ar iontaoibh an stáit seasamh leis an gcóras eacnamaíoch bunúsach faoina bhfuil ról ceannasach ag an úinéireacht phoiblí. Glactar le foirmeacha eile úinéireachta, agus tugtar cead dóibh de réir dlí forbairt taobh le taobh leis an úinéireacht stáit ([13]).

(81) Ina theannta sin, faoi dhlí na Síne, forbraítear an geilleagar margaidh sóisialach faoi cheannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne. Tá struchtúir stát na Síne agus Pháirtí Cumannach na Síne fite fuaite ina chéile ar gach leibhéal (dlíthiúil, institiúideach, pearsanta), rud a chruthaíonn forstruchtúr nach féidir róil an Pháirtí agus an stáit a idirdhealú óna chéile ann.

(82) Tar éis leasú a dhéanamh ar Bhunreacht na Síne i mí an Mhárta 2018, tugadh tábhacht níos mó fós do ról ceannasach Pháirtí Cumannach na Síne trína athdhearbhú i dtéacs Airteagal 1 den Bhunreacht.

(83) Tar éis na chéad abairte a bhí ann cheana féin san fhoráil: '[i]*s é an córas sóisialach córas bunúsach Dhaon-Phoblacht na Síne*' cuireadh an dara habairt nua isteach ina léitear: '[i]*s í gné shainiúil an tsóisialachais ag a bhfuil saintréithe Síneacha ceannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne.*' ([14]) Léiríonn sé sin rialú gan cheist an Pháirtí Chumannaigh ar chóras eacnamaíoch na Síne, rialú atá ag fás de shíor.

([10]) Tuarascáil – Caibidil 2, lch. 7.
([11]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 7-8.
([12]) Féach: http://finance.people.com.cn/n1/2026/0128/c1004-40654753.html (arna rochtain an 19 Meitheamh 2026).
([13]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 1018.
([14]) Le fáil ag: http://www.npc.gov.cn/zgrdw/englishnpc/Constitution/node_2825.htm (arna rochtain an 19 Meitheamh 2024).

(84) Is gnéithe lárnacha de chóras na Síne iad an cheannaireacht agus an rialú sin agus téann siad i bhfad thar an ngnáthstaid i dtíortha eile ina bhfeidhmíonn na rialtais rialú ginearálta maicreacnamaíoch laistigh de na teorainneacha ina mbíonn fórsaí an mhargaidh shaoir i gceist.

(85) Bíonn stát na Síne ag gabháil do bheartas eacnamaíoch idirghabhálach agus é ag saothrú spriocanna, ar spriocanna iad a thagann leis an gclár oibre polaitiúil arna leagan síos ag Páirtí Cumannach na Síne seachas a bheith ag léiriú na ndálaí eacnamaíocha atá i réim i margadh saor ([15]). Tá an iliomad uirlisí eacnamaíocha idirghabhálacha in úsáid ag údaráis na Síne, lena n-áirítear an córas pleanála tionsclaíche, an córas airgeadais, chomh maith leis na spriocanna beartais uile atá sna rialacháin éagsúla.

(86) Ar an gcéad dul síos, ar leibhéal an rialaithe riaracháin ghinearálta, tá treo gheilleagar na Síne á rialú ag córas casta um pleanáil tionscail a dhéanann difear do gach gníomhaíocht eacnamaíoch sa tír. Leis na pleananna sin ar fad cumhdaítear maitrís chuimsitheach chasta earnálacha agus beartas trasghearrtha, agus tá siad ann ar gach leibhéal rialtais.

(87) Bíonn na pleananna ar leibhéal na gcúigí mionsonraithe agus leagtar spriocanna níos leithne síos sna pleananna náisiúnta. Sonraítear freisin sna pleananna na modhanna lena dtacófar leis na tionscail/na hearnálacha ábhartha, chomh maith leis na tráthchláir ar laistigh díobh is gá na cuspóirí a bhaint amach. Tá spriocanna follasacha don táirgeacht fós leagtha síos i roinnt de na pleananna.

(88) Faoi na pleananna, tugtar aird ar leith ar earnálacha tionsclaíocha aonair agus/nó ar thionscadail aonair mar thosaíochtaí (dearfacha nó diúltacha) i gcomhréir leis na tosaíochtaí rialtais agus sanntar spriocanna forbartha sonracha (uasghrádú tionsclaíoch, fairsingiú idirnáisiúnta etc.) dóibh.

(89) Ní mór do na hoibreoirí eacnamaíocha, idir oibreoirí príobháideacha agus oibreoirí faoi úinéireacht an stáit araon, a ngníomhaíochtaí gnó a choigeartú go héifeachtach de réir na ndálaí a fhorchuirtear leis an gcóras pleanála. Ní hamháin go bhfuil sé sin fíor mar gheall ar chineál ceangailteach na bpleananna ach freisin toisc go gcloíonn údaráis ábhartha na Síne ar gach leibhéal den rialtas leis an gcóras pleananna agus toisc go n-úsáideann siad na cumhachtaí atá dílsithe dóibh dá réir sin agus, ar an dóigh sin, mealltar na hoibreoirí eacnamaíocha chun na tosaíochtaí a leagtar amach sna pleananna a chomhlíonadh ([16]).

(90) Ar an dara dul síos, ar an leibhéal a ndéantar acmhainní airgeadais a leithdháileadh, is iad na bainc thráchtála agus na bainc bheartais faoi úinéireacht stáit atá i réim i gcóras airgeadais na Síne. Ní mór do na bainc sin, le linn dóibh a mbeartas iasachtaithe a bhunú agus a chur chun feidhme, iad féin a ailíniú leis na cuspóirí i mbeartas tionsclaíoch an rialtais seachas measúnú a dhéanamh go príomha ar fhiúntas eacnamaíoch tionscadail ar leith ([17]).

(91) Is amhlaidh atá i gcás comhpháirteanna eile de chóras airgeadais na Síne, amhail na stocmhargaí, na margaí bannaí, na margaí cothromais phríobháidigh etc. Chomh maith leis sin, tá na codanna sin den earnáil airgeadais curtha ar bun ar bhonn institiúideach agus oibríochtúil ar bhealach nach bhfuil oiriúnaithe chun feidhmiú éifeachtúil na margaí airgeadais a uasmhéadú ach ar mhaithe le rialú a áirithiú agus idirghabháil ón stát agus ó Pháirtí Cumannach na Síne a cheadú ([18]).

(92) Ar an tríú dul síos, maidir le leibhéal na timpeallachta rialála, tá roinnt cineálacha idirghabhála stáit sa gheilleagar ann. Mar shampla, úsáidtear na rialacha maidir le soláthar poiblí go tráthrialta chun spriocanna beartais, seachas éifeachtúlacht eacnamaíoch a shaothrú agus, dá bharr sin, baintear an bonn de phrionsabail mhargadhbhunaithe sa réimse. Foráiltear go sonrach sa reachtaíocht is infheidhme go ndéanfar an soláthar poiblí a stiúradh d'fhonn baint amach na spriocanna arna gceapadh le beartais an stáit a éascú. Mar sin féin, níor sainíodh cineál na spriocanna sin go fóill, rud a fhágann, dá bhrí sin, corrlach breithmheasa ag na comhlachtaí cinnteoireachta ([19]).

(93) Ar an gcaoi chéanna, sa réimse infheistíochta, tá smacht mór ag Rialtas na Síne fós agus tá tionchar mór aige ar cheann scríbe agus ar mhéid na hinfheistíochta stáit agus príobháidí araon. Úsáideann na húdaráis scagadh infheistíochta chomh maith le dreasachtaí, srianta, agus toirmisc éagsúla a bhaineann le hinfheistiú mar uirlis thábhachtach chun tacaíocht a thabhairt do spriocanna an bheartais thionsclaíoch, amhail smacht an Stáit a choimeád ar phríomhearnálacha nó borradh a chur faoin tionsclaíocht intíre ([20]).

([15]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 29-30.
([16]) Tuarascáil – Caibidil 4, lgh. 57, 92.
([17]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 149-150.
([18]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 153, -171.
([19]) Tuarascáil – Caibidil 7, lgh. 204-205.
([20]) Tuarascáil – Caibidil 8, lgh. 207-208, 242-243.

(94) Mar achoimre, tá samhail eacnamaíoch na Síne bunaithe ar aicsímí bunúsacha áirithe, lena ndéantar foráil maidir leis an iliomad idirghabhálacha rialtais agus lena spreagtar iad. Bíonn idirghabhálacha substainteacha den sórt sin ón rialtas ag teacht salach ar shaor-imoibriú fhórsaí an mhargaidh, agus déantar leithdháileadh éifeachtach acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh a shaobhadh dá bharr ([21]).

3.1.2.1.2. *Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán: an margadh atá i gceist a bheith á chothú go suntasach ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht, nó faoi mhaoirseacht bheartais, nó faoi stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir.*

(95) Sa tSín, is cuid ríthábhachtach den gheilleagar iad cuideachtaí a oibríonn faoi úinéireacht, smacht agus/nó maoirseacht bheartais nó faoi threoir an Stáit.

(96) Is cuideachtaí príobháideacha den chuid is mó a fhreastalaíonn ar earnáil an táirge lena mbaineann, amhail Changzhou Enreach Copper Co ([22])., Zhejiang Hailiang Co. Ltd ([23]) nó Ningbo Jintian Copper (Group) Co., Ltd ([24]). Thairis sin, ós rud é gur príomhionchur é copar chun feadáin chopair a tháirgeadh, tá na torthaí maidir le húinéireacht stáit san earnáil copair ábhartha dá bhrí sin: tá roinnt *cuideachtaí faoi úinéireacht stáit* i measc na bpríomhpháirtithe leasmhara san earnáil copair, mar shampla China Copper Corporation ([25]), atá faoi rialú Chinalco ([26]), cuideachta faoi úinéireacht stáit faoin gCoimisiún um Maoirseacht agus Riarachán ar Shócmhainní Stáit ([27]), nó China Minmetals Corp ([28])., cuideachta eile faoi úinéireacht stáit faoin gCoimisiún um Maoirseacht agus Riarachán ar Shócmhainní Stáit ([29]).

(97) Mar sin féin, tá idirghabhálacha Pháirtí Cumannach na Síne sa chinnteoireacht oibríochtúil tagtha chun bheith ina ngnáthchleachtas, ní hamháin i gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit ach i gcuideachtaí príobháideacha freisin ([30]), agus éilíonn Páirtí Cumannach na Síne ceannaireacht ar bheagnach gach gné de gheilleagar na tíre. Go deimhin, is é an toradh a bhíonn ar thionchar an Stáit trí struchtúir Pháirtí Cumannach na Síne laistigh de chuideachtaí oibreoirí eacnamaíocha a bheith, a bheag nó a mhór, faoi rialú agus faoi mhaoirseacht bheartais an rialtais, i bhfianaise a mhéid ar fhás struchtúir an Stáit agus an Pháirtí le chéile sa tSín.

(98) Thairis sin, tá earnáil an táirge lena mbaineann faoi réir roinnt beartas rialtais, amhail an 14ú Plean Cúig Bliana maidir le forbairt an tionscal amhábhar ([31]) lena sainordaítear '*forbairt dall agus mí-ordúil i mbruithniú copair a chosc* ([32])' agus 'díriú ar fho-earnálacha tionscail nó ar phríomhtháirgí a bhfuil bonn tionsclaíoch láidir acu, buntáistí comparáideacha tábhachtacha, agus príomhtheicneolaíochtaí, [chun] *ról ceannasach na bpríomhfhiontar sa slabhra tionsclaíoch a ghiaráil* [...] *agus roinnt braislí tionsclaíocha a chruthú i* [...] *miotail neamhfheiriúla* ([33]).'

(99) Ar an gcaoi chéanna, féachtar leis an bPlean Oibre maidir le fás seasta thionscal na miotal neamhfheiriúil 2025-2026 ([34]) a áirithiú '[ó]*2025 go 2026, go bhfásfaidh breisluach thionscal na miotal neamhfheiriúil ag meánráta bliantúil thart ar 5 %, rud a choinneoidh treocht eacnamaíoch dhearfach ar bun,* [go bhfásfaidh]*aschur deich miotal neamhfheiriúil ag meánráta bliantúil thart ar 1,5 %.* [agus go ndéanfar] *dul chun cinn dearfach i bhforbairt acmhainní intíre amhail copar.*' ([35])

([21]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 19-24, Caibidil 4, lch. 69, lgh. 99-100, Caibidil 5, lgh. 130-131.
([22]) Féach https://www.enreach.com.cn/about_14/ (arna rochtain an 19 Meitheamh 2026).
([23]) Féach tuarascáil bhliantúil 2025 Zhejiang Hailiang Co. Ltd., lch. 107, le fáil ag: http://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESZ_STOCK/2026/2026-4/2026-04-29/12269645.PDF, (arna rochtain an 19 Meitheamh 2026).
([24]) Féach tuarascáil bhliantúil 2025 Ningbo Jintian Copper (Group) Co. Ltd., lch. 72, le fáil ag: http://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESH_STOCK/2026/2026-4/2026-04-24/12156933.PDF, (arna rochtain an 19 Meitheamh 2026).
([25]) Féach https://zgty.chinalco.com.cn/ (arna rochtain an 19 Meitheamh 2026).
([26]) Féach tuarascáil bhliantúil 2025 Chinalco, lch. 253, le fáil ag: https://www.chalco.com.cn/tzzgx/thygg/202603/P020260330341392300660.pdf, (arna rochtain an 19 Meitheamh 2026).
([27]) Féach :http://wap.sasac.gov.cn/n2588045/n27271785/n27271792/c14159097/content.html (arna rochtain an 19 Meitheamh 2026).
([28]) Féach https://www.minmetals.com/ (arna rochtain an 19 Meitheamh 2026).
([29]) Féach :http://wap.sasac.gov.cn/n2588045/n27271785/n27271792/c14159097/content.html (arna rochtain an 19 Meitheamh 2026).
([30]) Airteagal 33 de Bhunreacht Pháirtí Cumannach na Síne, Airteagal 19 de Dhlí Cuideachtaí na Síne. Féach an Tuarascáil – Caibidil 3, lgh. 47-50.
([31]) Féach https://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/2021-12/29/5665166/files/90c1c79a00b44c67b59c29392476c862.pdf (arna rochtain an 22 Meitheamh 2026).
([32]) Ibid., Roinn IV.1, lch. 12.
([33]) Ibid., Roinn IV.2, lch. 14.
([34]) Féach https://www.gov.cn/lianbo/bumen/202509/P020250928687723775593.pdf, (arna rochtain an 22 Meitheamh 2026).
([35]) Ibid., Roinn II, lch. 2.

(100) Go sonrach, sonraítear sa Phlean Cur Chun Feidhme maidir le forbairt ardcháilíochta an tionscail copair (2025-2027) ([36]) *'[f]aoi 2027, go gcuirfear feabhas mór ar athléimneacht agus ar shlándáil na slabhraí tionsclaíocha agus soláthair. Neartófar slándáil amhábhar copair go leanúnach, agus iarracht á déanamh méadú 5 %-10 % a bhaint amach ar acmhainní méine copair intíre* [...agus go] gcuirfear feabhas leanúnach ar an n*uálaíocht éiceolaíoch, go mbainfear amach dul chun cinn i bpríomhphróisis* ([37]).' Leagtar síos sa Phlean Cur Chun Feidhme freisin an sprioc '[go saothrófar] *líon fiontar tionscail copair ardcháilíochta, agus go ndéanfar an struchtúr tionsclaíoch a bharrfheabhsú a thuilleadh* ([38]).' Ar deireadh, féachann Rialtas na Síne lena áirithiú go mbeidh '*slabhra tionsclaíoch na Síne ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain faoi 2035 [...] ag cruthú patrún forbartha a mbeidh struchtúr tionsclaíoch réasúnta, ardleibhéal nuálaíochta teicneolaíche, dea-cháilíocht agus éifeachtúlacht, agus iomaíochas láidir domhanda mar shaintréith de*' ([39]).

(101) Chomh maith leis sin, liostaítear teicneolaíochtaí nua le haghaidh bruithniú copair i measc tionscail atáthar a spreagadh sa Chatalóg Threorach le haghaidh coigeartú struchtúrach an tionscail (eagrán 2024) ([40]). Léirítear sa Chatalóg chéanna cur isteach iomlán an Rialtais san earnáil copair. Liostaítear na '*tionscadail bhruithnithe copair ag a bhfuil toilleadh níos lú ná 100 000 tona in aghaidh na bliana*' mar thionscail shrianta sa Chatalóg chéanna ([41]).

(102) Is féidir rialú rialtais agus maoirseacht bheartais a fheiceáil freisin ar leibhéal na gcomhlachas tionscail ábhartha ([42]).

(103) Mar shampla, deir Comhlachas Thionscal Monaraithe Miotal Neamhfheiriúil na Síne ([43]) in Airteagal 2 dá Airteagail Chomhlachais gurb é cuspóir na heagraíochta '*seasamh le bunlíne an Pháirtí agus le beartais éagsúla; freastal ar an rialtas, ar an tionscal, ar fhiontair,* [... agus] *a ról mar chomhairleoir agus mar chúntóir don rialtas a chomhlíonadh go hiomlán.*' ([44])

(104) Ina theannta sin, luaitear in Airteagal 3 '*go gcloíonn Comhlachas Thionscal Monaraithe Miotal Neamhfheiriúil na Síne le ceannaireacht fhoriomlán Pháirtí Cumannach na Síne*' agus '*go mbunaíonn sé eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne, go ndéanann sé gníomhaíochtaí an Pháirtí, agus go soláthraíonn sé na dálaí is gá le haghaidh ghníomhaíochtaí eagraíocht an Pháirtí*'. Thairis sin, glacann Comhlachas Thionscal Monaraithe Miotal Neamhfheiriúil na Síne le '*treoraíocht ghnó agus maoirseacht na hAireachta Gnóthaí Sibhialta agus na roinne bainistíochta tionscail*' ([45]).

(105) Tá Zhejiang Hailiang Co. Ltd, Ningbo Jintian Copper (Group) Co., Ltd., agus Chinalco i measc chomhaltaí Chomhlachas Thionscal Monaraithe Miotal Neamhfheiriúil na Síne ([46]). Is iad an chéad dá ghrúpa amháin a d'fhreagair an fhoirm shamplála.

(106) Dá bhrí sin, cuirtear cosc ar tháirgeoirí faoi úinéireacht phríobháideach in earnáil an táirge lena mbaineann oibriú faoi dhálaí an mhargaidh. Go deimhin, tá fiontair faoi úinéireacht phoiblí agus fiontair faoi úinéireacht phríobháideach araon faoi réir maoirseacht bheartais agus treoraíochta.

3.1.2.1.3. *Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán: An stát a bheith i láthair i gcuideachtaí, rud a fhágann gur féidir leis an stát cur isteach ar phraghsanna nó ar chostais*

(107) Tá Rialtas na Síne in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais trí láithreacht an stáit i ngnólachtaí. Go deimhin, is bealach tábhachtach iad cealla Pháirtí Cumannach na Síne i bhfiontair, faoi úinéireacht stáit agus phríobháideach araon, trínar féidir leis an stát cur isteach ar chinntí gnó.

(108) De réir dhlí cuideachtaí na Síne, tá eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne le bunú i ngach cuideachta (ina bhfuil triúr comhaltaí, ar a laghad, de Pháirtí Cumannach na Síne mar a shonraítear i mBunreacht an Pháirtí ([47])) agus soláthróidh an chuideachta na dálaí a theastaíonn le haghaidh ghníomhaíochtaí eagraíocht an Pháirtí.

([36]) Féach https://www.ncsti.gov.cn/zcfg/zcwj/202502/t20250212_195423.html, (arna rochtain an 22 Meitheamh 2026).
([37]) Ibid., Roinn I.
([38]) Ibid., Roinn I.
([39]) Ibid., Roinn I.
([40]) Féach https://www.ndrc.gov.cn/xxgk/zcfb/fzggwl/202312/t20231229_1362999.html, lch. 22, (arna rochtain an 24 Meitheamh 2026).
([41]) Ibid., lch. 91.
([42]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 24-27.
([43]) Féach https://www.cnfa.net.cn/ (arna rochtain an 22 Meitheamh 2026).
([44]) Féach https://www.cnfa.net.cn/about/1546.aspx (arna rochtain an 22 Meitheamh 2026).
([45]) Ibid., (arna rochtain an 22 Meitheamh 2026).
([46]) Féach https://www.cnfa.net.cn/roster.aspx, (arna rochtain an 26 Meitheamh 2026).
([47]) Tuarascáil – Caibidil 3, lch. 40.

(109) Níor léir gur cloíodh leis an gceanglas sin i gcónaí roimhe seo nó gur forfheidhmíodh go docht é. Mar sin féin, ó bhí 2016 ann ar a laghad tá Páirtí Cumannach na Síne ag treisiú na maímh atá aige go bhfuil smacht aige ar chinntí gnó i gcuideachtaí ar bhonn prionsabal polaitiúil ([48]), lena n-áirítear brú a chur ar chuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don 'tírghrá' agus cloí le disciplín an Pháirtí ([49]).

(110) In 2017 cheana féin, tuairiscíodh go raibh cealla den Pháirtí in 70 % den 1,86 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú ar eagraíochtaí Pháirtí Cumannach na Síne an focal deiridh a bheith acu maidir leis na cinntí gnó laistigh dá gcuideachtaí féin ([50]). Tá feidhm ghinearálta ag na rialacha sin ar fud gheilleagar na Síne, sna hearnálacha uile, lena n-áirítear maidir le táirgeoirí an táirge lena mbaineann agus soláthróirí a gcuid ionchur.

(111) Ina theannta sin, an 15 Meán Fómhair 2020, eisíodh doiciméad dar teideal Treoirlínte ó Oifig Ghinearálta Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne maidir le dlús a chur le hobair an Fhronta Aontaithe san earnáil phríobháideach don ré nua ('na Treoirlínte') ([51]) , rud a chuir le ról na gcoistí páirtí i bhfiontair phríobháideacha.

(112) Luaitear an méid seo a leanas i Roinn II.4 de na Treoirlínte: '[n]*í mór dúinn acmhainneacht fhoriomlán an Pháirtí a mhéadú chun obair an Fhronta Aontaithe san earnáil phríobháideach a stiúradh agus dlús a chur le héifeachtacht na hoibre sa réimse sin*'; agus luaitear i roinn III.6: '[n]*í mór dúinn dlús a chur le tógáil an Pháirtí i bhfiontair phríobháideacha agus é a chur ar a gcumas do chealla an Pháirtí a ról mar dhaingean a imirt go héifeachtach agus é a chur ar a gcumas do chomhaltaí an Pháirtí a ról a imirt mar urghardaí agus mar cheannródaithe*'. Cuirtear i dtábhacht sna Treoirlínte, mar sin, ról Páirtí Cumannach na Síne agus féachtar leo le ról an Pháirtí a mhéadú i gcuideachtaí agus in eintitis eile na hearnála príobháidí ([52]).

(113) Deimhníodh san imscrúdú gur ann d'fhorluí idir poist bhainistíochta agus ballraíocht sa Pháirtí / feidhmeanna an Pháirtí san earnáil copair freisin. Chun sampla a thabhairt, tá duine de stiúrthóirí Zhejiang Hailiang Co. Ltd, atá ina leas-uachtarán freisin ar Hailiang Group Co., Ltd., scairshealbhóir rialaithe na cuideachta, ina chomhalta de Pháirtí Cumannach na Síne ([53]).

(114) Ina theannta sin, is comhalta de Pháirtí Cumannach na Síne ([54]) é Cathaoirleach Dongfang Run'an Group, cuideachta sealbhaíochta ceann de na príomhtháirgeoirí feadán copair Changzhou Enreach Copper Co., ([55]) agus bronnadh gradam air mar *'Thógálaí Sármhaith an tSóisialachais a bhfuil Saintréithe Síneacha aige i measc Pearsana Earnála Neamhphoiblí i gCúige Jiangsu'* ([56]).

(115) Chomh maith leis sin, feidhmíonn Cathaoirleach China Copper Corporation mar Leas-Bhainisteoir Ginearálta agus mar chomhalta de Ghrúpa Ceannaireachta an Pháirtí sa chuideachta sealbhaíochta Chinalco ([57]). Thairis sin, feidhmíonn Bainisteoir Ginearálta China Copper Corporation mar Rúnaí an Pháirtí freisin ([58]). Go sonrach, maíonn Coiste Páirtí China Copper Corporation *'gur dhírigh sé ar thógáil an Pháirtí a chomhtháthú go domhain le hoibríochtaí táirgthe agus gnó'* le blianta beaga anuas agus gur fhormheas sé tionscadail tar éis *'athbhreithniú a bheith déanta ar leibhéil éagsúla d'eagraíochtaí an Pháirtí'* ([59]).

(116) Tá tionchar saofa breise ar an margadh mar gheall ar láithreacht agus idirghabháil an stáit sna margaí airgeadais agus i soláthar amhábhar agus ionchur freisin ([60]). Dá réir sin, de bharr láithreacht an stáit i ngnólachtaí, san earnáil copair agus in earnálacha eile (amhail na hearnálacha airgeadais agus ionchuir), faigheann Rialtas na Síne deis cur isteach i dtaca le praghsanna agus earraí.

([48]) Féach mar shampla: Blanchette, J. - *Xi's Gamble*: *The Race to Consolidate Power and Stave off Disaster*; Foreign Affairs, imleabhar 100, uimh. 4, Iúil/Lúnasa 2021, lgh. 10-19.
([49]) Tuarascáil – Caibidil 3, lch. 41.
([50]) Le fáil ag: https://www.reuters.com/article/us-china-congress-companies-idUSKCN1B40JU (arna rochtain an 22 Meitheamh 2026).
([51]) Treoirlínte ó Oifig Ghinearálta Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne maidir le dlús a chur le hobair an Fhronta Aontaithe san earnáil phríobháideach don ré nua: www.gov.cn/zhengce/2020-09/15/content_5543685.htm (arna rochtain an 22 Meitheamh 2026).
([52]) Financial Times (2020) - *Chinese Communist Party asserts greater control over private enterprise:* Https://www.ft.com/content/582411f6-fc3b-4e4d-9916-c30a29ad010e?syn-25a6b1a6=1 (arna rochtain an 22 Meitheamh 2026).
([53]) Féach tuarascáil bhliantúil Zhejiang Hailiang Co. Ltd 2025, lch. 60, le fáil ag: http://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESZ_STOCK/2026/2026-4/2026-04-29/12269645.PDF, (arna rochtain an 22 Meitheamh 2026).
([54]) Féach https://js.news.cn/20250609/01a98f2d767044798192f9a068694b0d/c.html (arna rochtain an 22 Meitheamh 2026).
([55]) Féach https://www.cnfa.net.cn/institute/show-2672.aspx (arna rochtain an 22 Meitheamh 2026).
([56]) Féach https://finance.sina.com.cn/roll/2025-11-10/doc-infwwvuv1539830.shtml (arna rochtain an 22 Meitheamh 2026).
([57]) Féach https://zgty.chinalco.com.cn/gywm/gsld/ (arna rochtain an 22 Meitheamh 2026).
([58]) Ibid.
([59]) Féach https://zgty.chinalco.com.cn/xwzx/gsyw/202606/t20260612_171520.html (arna rochtain an 22 Meitheamh 2026).
([60]) Tuarascáil – Caibidil 14, Ranna 14.1 go 14.3.

3.1.2.1.4. *Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an tríú fleasc den bhun-Rialachán: beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthraithe intíre nó lena n-imrítear tionchar seachas sin ar fhórsaí an mhargaidh shaoir*

(117) Déantar treo gheilleagar na Síne a chinneadh a bheag nó a mhór le córas mionléirithe pleanála ina leagtar amach tosaíochtaí agus lena bhforordaítear na spriocanna nach mór do na rialtais láir, na rialtais chúige agus na rialtais áitiúla díriú orthu. Tá pleananna ábhartha ann ar gach leibhéal den rialtas agus cumhdaítear gach earnáil eacnamaíoch, nach mór, leo. Is de chineál ceangailteach iad na cuspóirí a leagtar síos leis na hionstraimí pleanála agus déanann na húdaráis ar gach leibhéal riaracháin faireachán ar chur chun feidhme na bpleananna ag an leibhéal comhfhreagrach is ísle den rialtas.

(118) Ar an iomlán, is é an toradh ar an gcóras pleanála sa tSín go ndírítear acmhainní ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha straitéiseacha nó mar earnálacha a bhfuil tábhacht pholaitiúil eile ag baint leo, de rogha ar na hacmhainní sin a leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ([61]).

(119) D'achtaigh údaráis na Síne roinnt beartas lena dtreoraítear feidhmiú earnáil an táirge lena mbaineann.

(120) Is é is aidhm don 14ú Plean Cúig Bliana maidir le forbairt an tionscal amhábhar ([62]) *'rialú docht a dhéanamh ar acmhainneachtaí nua'* agus ceanglaítear leis go ndéanfaidh '[n]a *rialtais lárnacha príomhábhar agus mórthionscadail an Phlean a ionchorpr*[ú] *ina bpríomhshocruithe oibre áitiúla'*. Thairis sin, féachann Rialtas na Síne le comhordú beartais a neartú agus '[r]*ól treorach an phlean a ghiaráil go hiomlán, agus an comhordú agus an comhar idir beartais fhioscacha, chánach, airgeadais, infheistíochta, allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin, fuinnimh, chomhshaoil éiceolaíoch, acmhainní nádúrtha, beartais praghsanna agus beartais thionsclaíocha a neartú'* ([63]).

(121) De réir an Phlean Cur Chun Feidhme maidir le forbairt ardcháilíochta an tionscail copair (2025-2027) ([64]) tá sé beartaithe ag Rialtas na Síne '[d]*lús a chur le dul chun cinn i bpríomhtheicneolaíochtaí* [agus]*fiontair táirgthe ábhar copair a threorú chun comhoibriú le hinstitiúidí taighde agus le fiontair feidhmeanna iartheachtacha chun taighde agus forbairt agus cur i bhfeidhm tionsclaíoch a dhéanamh ar theicneolaíochtaí ullmhúcháin ábhar cóimhiotail copair ardfheidhmíochta*, [chomh maith le]*dlús a chur le forbairt príomhthrealaimh amhail glúin nua de theilgean leanúnach agus línte táirgeachta feadán copair beacht-rollta*' ([65]). Chuige sin, meastar go neartóidh na húdaráis phoiblí '*an comhordú agus an comhar idir beartais fhioscacha, chánachais, airgeadais, infheistíochta, allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin agus beartais thionsclaíocha chun éifeachtaí beartais a scaoileadh a thuilleadh'*. Chomh maith leis sin, [b] *a cheart dóibh*(...) *institiúidí airgeadais a threorú chun tacaíocht bheacht agus éifeachtach a chur ar fáil do thógáil agus d'uasghrádú mórthionscadal tionscail copair a chomhlíonann caighdeáin tionscail* (...) agus m*easúnú agus treoir na bhfiontar ábhartha faoi úinéireacht stáit* a neartú.' ([66])

(122) Ar leibhéal an chúige, ar an gcaoi chéanna, de réir 14ú Plean Cúig Bliana Jiangxi maidir le forbairt ardcháilíochta thionscal na miotal neamhfheiriúil ([67]), tá údaráis an rialtais chun leagan amach tionsclaíoch na hearnála a mhúnlú mar a leanas: *'córas tionsclaíoch a thógáil arb é is príomhthréith ann tionscail atá sách comhchruinnithe, slabhraí tionsclaíocha iomlána, buntáistí comhlántacha, agus forbairt chomhordaithe'* ([68]).

(123) Ar an leibhéal bardasach, shínigh Bardas Kunming comhaontú maidir le comhair straitéiseach le China Copper Corporation ([69]) chun a áirithiú *'go mbeidh an dá pháirtí ailínithe go domhain leis na pleananna straitéiseacha cúigeacha náisiúnta agus Yunnan maidir le forbairt ardcháilíochta thionscal na miotal neamhfheiriúil.'* ([70])

([61]) Tuarascáil – Caibidil 4, lgh. 56-57, 99-100.
([62]) Féach https://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/2021-12/29/5665166/files/90c1c79a00b44c67b59c29392476c862.pdf (arna rochtain an 22 Meitheamh 2026).
([63]) Ibid. Ranna IV.1m lch. 12 agus VI.2, lch. 25.
([64]) Féach https://www.ncsti.gov.cn/zcfg/zcwj/202502/t20250212_195423.html, (arna rochtain an 22 Meitheamh 2026).
([65]) Ibid. Roinn VIII.
([66]) Ibid. Roinn XIII agus XIV.
([67]) Féach 14ú Plean Cúig Bliana Jiangxi maidir le forbairt ardcháilíochta thionscal na miotal neamhfheiriúil.
([68]) Ibid., Roinn III.1.
([69]) Féach https://www.sohu.com/a/970930639_121106902, (arna rochtain an 22 Meitheamh 2026).
([70]) Ibid.

(124) Tríothu sin agus trí mhodhanna eile, déanann Rialtas na Síne, dá bhrí sin, gach gné, nach mór, d'fhorbairt agus d'fheidhmiú na hearnála a stiúradh agus a rialú, chomh maith leis na hionchuir réamhtheachtacha.

(125) Mar achoimre, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí a spreagadh chun na cuspóirí beartais phoiblí a bhaineann leis an earnáil a chomhlíonadh. Cuireann bearta den sórt sin cosc ar fhórsaí an mhargaidh a oibriú gan bhac.

3.1.2.1.5. *Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán: maidir leis na dlíthe féimheachta, corparáideacha, nó maoine, easnamh a bheith ann ina leith, nó iad a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó iad a fhorfheidhmiú go neamhleor*

(126) De réir na faisnéise atá ann ar an gcomhad, ní bhaineann córas féimheachta na Síne a phríomhchuspóirí féin amach ar bhonn leordhóthanach amhail éilimh agus fiacha a réiteach go cóir agus cearta agus leasanna dleathacha creidiúnaithe agus féichiúnaithe a choimirciú. Dealraíonn sé gurb é fírinne an scéil go bhfuil dlí féimheachta na Síne bunaithe go foirmiúil ar phrionsabail atá cosúil leis na prionsabail a chuirtear i bhfeidhm i ndlíthe comhfhreagracha i dtíortha eile seachas an tSín, ach go bhfuil an tearc-fhorfheidhmiúchán córasach ina shaintréith de chóras na Síne.

(127) Tá an líon féimheachtaí fós thar a bheith íseal i gcomparáid le méid gheilleagar na tíre, go háirithe toisc go mbíonn roinnt easnamh ag baint leis na himeachtaí dócmhainneachta, agus go bhfeidhmíonn na himeachtaí sin go héifeachtach mar dhídhreasú i gcomhair comhdú féimheachta. Thairis sin, tá ról an Stáit sna himeachtaí dócmhainneachta láidir agus gníomhach i gcónaí, is minic a imríonn an ról sin tionchar díreach ar thoradh na n-imeachtaí ([71]).

(128) Ina theannta sin, tá easnaimh chóras na gceart maoine soiléir go háirithe maidir le húinéireacht talún agus cearta úsáide talún sa tSín ([72]). Is leis an Stát an talamh ar fad (talamh tuaithe atá faoi chomhúinéireacht agus talamh uirbeach faoi úinéireacht stáit) agus is ar an Stát amháin a bhraitheann leithdháileadh na talún fós. Tá forálacha dlíthiúla ann arb é is aidhm dóibh cearta úsáide talún a leithdháileadh ar bhealach trédhearcach agus ar phraghsanna margaidh, mar shampla trí nósanna imeachta tairisceana a thabhairt isteach. Mar sin féin, ní urramaítear na forálacha sin go tráthrialta, agus faigheann ceannaitheoirí áirithe a gcuid talún saor in aisce nó faoi bhun rátaí an mhargaidh ([73]). Thairis sin, is minic a thugann na húdaráis faoi spriocanna sonracha polaitiúla, lena n-áirítear cur chun feidhme na bpleananna eacnamaíocha agus talamh á leithdháileadh acu ([74]).

(129) Dála earnálacha eile i ngeilleagar na Síne, tá táirgeoirí an táirge lena mbaineann faoi réir ghnáthrialacha dlíthe féimheachta, corparáideacha agus maoine na Síne. Tá sé d'éifeacht aige sin go mbíonn na cuideachtaí sin, freisin, faoi réir an tsaofa ón mbarr anuas ag eascairt as cur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó forfheidhmiú neamhleor na ndlíthe féimheachta agus maoine. Dealraítear go bhfuil na breithnithe sin, ar bhonn na fianaise atá ar fáil, infheidhme go hiomlán freisin san earnáil copair. Níor tugadh aon rud le fios san imscrúdú reatha a tharraingeodh amhras ar na torthaí sin.

(130) I bhfianaise an mhéid sin thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh dlíthe féimheachta agus maoine á gcur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó á bhforfheidhmiú go neamhleor in earnáil an táirge lena mbaineann.

3.1.2.1.6. *Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán: saobhadh a bheith á dhéanamh ar chostais phá*

(131) Ní féidir córas pá margadhbhunaithe a fhorbairt go hiomlán sa tSín toisc go gcuirtear bac ar chearta oibrithe agus fostóirí maidir le comheagrú. Níor dhaingnigh an tSín roinnt coinbhinsiúin fíor-riachtanacha de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair, go háirithe na coinbhinsiúin sin maidir le saoirse comhlachais agus cómhargáil ([75]).

(132) Faoin dlí náisiúnta, níl ach ceardchumann ghníomhach amháin ann. Mar sin féin, níl an eagraíocht sin neamhspleách ar na húdaráis stáit agus ní dhéanann sí ach obair an-bhunúsach maidir le cómhargáil agus cearta oibrithe a chosaint ([76]). Thairis sin, tá soghluaisteacht lucht saothair na Síne srianta mar gheall ar chóras clárúcháin na dteaghlach, ar córas é a chuireann srian ar rochtain ar raon iomlán sochar slándála sóisialta agus sochar eile do chónaitheoirí áitiúla i limistéar áirithe riaracháin.

([71]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 171-179.
([72]) Tuarascáil – Caibidil 9, lgh. 260-261.
([73]) Tuarascáil – Caibidil 9, lgh. 257-260.
([74]) Tuarascáil – Caibidil 9, lgh. 252-254.
([75]) Tuarascáil – Caibidil 13, lgh. 360-361, 364-370.
([76]) Tuarascáil – Caibidil 13, lch. 366.

(133) Fágann sé sin go bhfuil oibrithe nach bhfuil an clárú cónaithe áitiúil ina seilbh acu i staid leochaileach ó thaobh fostaíochta de, agus iad ar ioncam níos ísle ná sealbhóirí an chlárúcháin cónaithe ([77]). Léiríonn na torthaí sin saobhadh na gcostas pá sa tSín.

(134) Níor cuireadh aon fhianaise isteach a thabharfadh le fios nach mbeadh an earnáil feadán copair nascshníofa faoi réir chóras dlí saothair na Síne ar a dtugtar tuairisc. Leis an saobhadh ar chostais phá, déantar difear díreach dá réir sin don earnáil (nuair a bhíonn an táirge lena mbaineann nó an príomhamhábhar lena tháirgeadh á mhonarú) agus go hindíreach (nuair a bhíonn rochtain ar ionchuir ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna sa tSín).

3.1.2.1.7. *Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán: rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó ar chaoi eile nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an stát.*

(135) Tá an rochtain a fhaigheann gníomhairí corparáideacha ar chaipiteal sa tSín faoi réir cineálacha saofa éagsúla.

(136) Ar an gcéad dul síos, tá seasamh láidir ag na bainc atá faoi úinéireacht stáit i gcóras airgeadais na Síne ([78]), agus cuireann siad critéir seachas inmharthanacht eacnamaíoch tionscadail san áireamh le linn dóibh rochtain a dheonú ar mhaoiniú. Dála na gcuideachtaí neamhairgeadais atá faoi úinéireacht Stáit, tá nasc fós ag na bainc leis an stát ní hamháin trí úinéireacht ach freisin trí chaidreamh pearsanta (is é Páirtí Cumannach na Síne ar deireadh thiar a cheapann príomhfheidhmeannaigh na n-institiúidí móra airgeadais atá faoi úinéireacht stáit) ([79]) agus is gnách leo beartais phoiblí arna gceapadh ag Rialtas na Síne a chur chun feidhme.

(137) Agus an méid sin á dhéanamh acu, comhlíonann na bainc oibleagáid dhlíthiúil shainráite maidir lena ngnó a sheoladh i gcomhréir le riachtanais na forbartha náisiúnta, idir eacnamaíoch agus sóisialta, agus faoi threoir bheartais thionsclaíocha an stáit ([80]). Cé go n-aithnítear go dtagraíonn forálacha dlíthiúla éagsúla don ghá atá ann gnáthiompar baincéireachta agus rialacha stuamachta a urramú amhail an gá atá le hacmhainneacht creidmheasa an iasachtaí a scrúdú, tá faisnéis dhobhréagnaithe ann, lena n-áirítear torthaí in imscrúduithe cosanta trádála, a thugann le fios nach bhfuil ach ról tánaisteach ag na forálacha sin maidir le cur i bhfeidhm na n-ionstraimí dlíthiúla éagsúla.

(138) Léiríonn forbairtí le déanaí a mhéid a imríonn an rialtas tionchar ar institiúidí airgeadais sa tSín. I mí an Mhárta 2025, d'fhógair Rialtas na Síne eisiúint RMB 500 billiún i mbannaí státchiste chun tacaíocht airgeadais nach beag a sholáthar do bhainc mhóra, lena n-áirítear Bank of China, China Construction Bank, Bank of Communications agus Postal Savings Bank of China. Ba é ab aidhm don idirghabháil sin na hinstitiúidí sin a chobhsú agus brabúsacht ag dul i laghad agus glanchorrlaigh úis ní b'ísle ná riamh, rud a chuir i dtábhacht na bearta réamhghníomhacha a rinne an stát chun cobhsaíocht eacnamaíoch a choinneáil ar bun ([81]).

(139) Chomh maith leis sin, shoiléirigh Rialtas na Síne freisin nach mór do Pháirtí Cumannach na Síne formhaoirseacht a dhéanamh ar chinntí na mbanc tráchtála príobháideach fiú agus na cinntí sin a bheith i gcomhréir le beartais náisiúnta i gcónaí. Is é atá i gceann amháin de na trí sprioc uileghabhálacha de chuid an Stáit anois maidir le rialachas baincéireachta, ceannaireacht an Pháirtí a neartú in earnáil na baincéireachta agus an árachais, lena n-áirítear i ndáil le saincheisteanna oibríochtúla agus bainistíochta ([82]). Chomh maith leis sin, is gá a chur san áireamh anois i critéir mheastóireachta feidhmíochta na mbanc tráchtála, go háirithe, an chaoi a ndéanann eintitis '*freastal ar na cuspóirí náisiúnta forbartha agus ar an bhfiorgheilleagar*', agus go háirithe ar an gcaoi '*a bhfreastalaíonn siad ar thionscail straitéiseacha agus ar thionscail atá i mbéal forbartha*' ([83]).

([77]) Tuarascáil – Caibidil 13, lgh. 370-373.
([78]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 137-140.
([79]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 146-149.
([80]) Tuarascáil – Caibidil 6, lch. 149.
([81]) Féach Tacaíocht Ad hoc Rialtas na Síne do Bhainc, Fógra oifigiúil, an Aireacht Airgeadais, le fáil ag: https://www.mof.gov.cn/zhengwuxinxi/caizhengxinwen/202503/t20250329_3961036.htm, (arna rochtain an 5 Meitheamh 2026).
([82]) Coimisiún Rialála Baincéireachta agus Árachais na Síne (28 Lúnasa 2020) — *Plean gníomhaíochta 3 bliana chun rialachas corparáideach na n-earnálacha baincéireachta agus árachais a fheabhsú (2020-2022*), le fáil ag: http://www.scio.gov.cn/xwfb/gwyxwbgsxwfbh/wqfbh_2284/2021n_2711/2021n07y14r/wjxgzc_3574/202208/t20220808_312682.html, (arna rochtain an 4 Meitheamh 2026). Tugtar treoir sa Phlean '*an spiorad atá cuimsithe i bpríomhóráid an Ard-Rúnaí Xi Jinping a chur chun feidhme tuilleadh maidir le hathchóiriú rialachas corparáideach na hearnála airgeadais a chur chun cinn*'. Thairis sin, is é is aidhm do Roinn II den Phlean comhtháthú orgánach cheannaireacht an Pháirtí i rialachas corparáideach a chur chun cinn: '*déanfaimid comhtháthú cheannaireacht an Pháirtí sa rialachas corparáideach a dhéanamh ar bhonn níos córasaí agus níos caighdeánaithe agus é bunaithe níos mó ar nósanna imeachta […] Ní mór do Choiste an Pháirtí saincheisteanna móra oibríochtúla agus bainistíochta a phlé sula ndéanfaidh an Bord Stiúrthóirí nó an bhainistíocht shinsearach cinneadh maidir leo*'.
([83]) Coimisiún Rialála Baincéireachta agus Árachais na Síne (15 Nollaig 2020) — *Fógra maidir le modh meastóireachta feidhmíochta na mbanc tráchtála;* le fáil ag: https://jrs.mof.gov.cn/zhengcefabu/cwjx/202101/t20210104_3638904.htm, (arna rochtain an 4 Meitheamh 2026).

(140) Ina theannta sin, ar leibhéal leithdháilte na n-acmhainní airgeadais, le roinnt Beart chun Forbairt na hInfheistíochta Príobháidí a Chur Chun Cinn a Thuilleadh ([84]), féachann Rialtas na Síne le '*hacmhainní buiséid lárnacha a mhéadú chun tacú le tionscadail infheistíochta príobháidí cháilithe agus ról treorach agus ceannasach a imirt go gníomhach*'. Tá sé beartaithe ag Rialtas na Síne freisin '*dea-úsáid a bhaint as ionstraimí airgeadais beartais nua [agus] tacú le roinnt tionscadal infheistíochta príobháidí cháilithe i dtionscail thábhachtacha agus i bpríomhréimsí*' ([85]).

(141) Ina theannta sin, déantar rátálacha bannaí agus creidmheasa a shaobhadh go minic ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear an tionchar atá ag tábhacht straitéiseach an ghnólachta do Rialtas na Síne ar an measúnú riosca, agus neart aon ráthaíochta intuigthe a thugann an rialtas ([86]). Is measa fós é sin de bharr rialacha breise atá i bhfeidhm, lena ndírítear maoiniú ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha atáthar ag spreagadh nó atá tábhachtach ar shlí eile ([87]). Bíonn claonadh ann dá bharr sin i bhfabhar iasachtaí a thabhairt do chuideachtaí faoi úinéireacht Stáit, do gnólachtaí príobháideacha dea-nasctha agus do ghnólachtaí in earnálacha tionsclaíocha tábhachtacha, rud a thugann le fios nach ionann infhaighteacht chaipitil agus costas an chaipitil do na gníomhaithe uile ar an margadh.

(142) Ar an dara dul síos, coinníodh costais iasachtaithe íseal go saorga chun fás infheistíochta a spreagadh. Dá thoradh sin tá an iomarca úsáide á baint as infheistíocht chaipitil agus an toradh ar infheistíocht níos ísle ná riamh. Léirítear é sin leis an bhfás a tháinig ar ghiaráil chorparáideach in earnáil an stáit d'ainneoin titim ghéar ar bhrabúsacht, rud a thugann le fios nach n-oibríonn na sásraí atá ann sa chóras baincéireachta de réir gnáthfhreagairtí tráchtála.

(143) Ar an tríú dul síos, cé gur baineadh amach go teoiriciúil léirscaoileadh sna rátaí ainmniúla úis i mí Dheireadh Fómhair 2015, níl na comharthaí praghais ann de bharr fhórsaí an mhargaidh shaoir fós, ach iad faoi thionchar saobhadh a thagann chun cinn ón rialtas. Maidir leis an sciar den iasachtú de réir an ráta tagarmhairc nó faoina bhun, is é a bhí i gceist leis aon trian ar a laghad den iasachtú ar fad ag deireadh 2018 ([88]). Thuairiscigh na meáin oifigiúla sa tSín le déanaí gur iarr an Páirtí '*ráta úis don mhargadh iasachtaí a threorú thíos*' ([89]). Tarlaíonn praghsáil ró-íseal de thoradh rátaí úis a bheith íseal go saorga, agus dá bhrí sin, baintear úsáid iomarcach as caipiteal agus ní gá go mbeadh sé éifeachtúil.

(144) Léirítear leis an bhfás foriomlán ar chreidmheas sa tSín go bhfuil cúrsaí ag dul in olcas ó thaobh a éifeachtúlaí a leithdháiltear caipiteal gan aon chomhartha ann go bhfuil creidmheas ag éirí níos doichte, rud a mbeadh coinne leis i dtimpeallacht mhargaidh neamhshaofa. Dá thoradh sin, tá méadú tapa tagtha ar iasachtaí neamhthuillmheacha, agus roghnaigh Rialtas na Síne roinnt uaireanta mainneachtain a sheachaint, rud a chruthaigh cuideachtaí 'zombaí' mar a thugtar orthu, sin nó úinéireacht an fhiachais a aistriú (e.g. trí chumaisc nó trí bhabhtálacha fiachais go cothromas), gan gá go mbeadh deireadh curtha le fadhb fhoriomlán an fhiachais ná go dtabharfaí aghaidh ar bhunchúiseanna an fhiachais.

(145) Go bunúsach, d'ainneoin na mbeart a rinneadh chun an margadh a léirscaoileadh, déanann saobhadh suntasach, de thoradh ról forleathan leanúnach an stáit sna margaí caipitil, difear don chóras creidmheasa chorparáidigh sa tSín. Dá bhrí sin, mar thoradh ar an idirghabháil mhór rialtais sa chóras airgeadais, cuirtear isteach go mór ar dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal.

(146) Níor cuireadh isteach aon fhianaise san imscrúdú sin a léireodh nach gcuireann an idirghabháil ón rialtas sa chóras airgeadais isteach ar earnáil an táirge lena mbaineann de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, mar thoradh ar an idirghabháil mhór rialtais sa chóras airgeadais, cuirtear isteach go mór ar dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal.

3.1.2.1.8. *Cineál sistéamach an tsaofa a dtugtar tuairisc air*

(147) Thug an Coimisiún dá aire gur saintréithe de gheilleagar na Síne an saobhadh a dtugtar tuairisc air sa Tuarascáil a tugadh cothrom le dáta. Léiríonn an fhianaise atá ar fáil go bhfuil feidhm ag fíorais agus gnéithe chóras na Síne mar a shonraítear thuas agus i gCuid I den Tuarascáil a tugadh cothrom le dáta ar fud na tíre agus ar fud earnálacha an gheilleagair. Is amhlaidh an méid sin maidir leis na tosca táirgeachta mar a leagtar amach thuas agus i gCuid II den Tuarascáil a tugadh cothrom le dáta.

([84]) Féach: https://www.gov.cn/zhengce/content/202511/content_7047643.htm (arna rochtain an 5 Meitheamh 2026).
([85]) Ibid, Roinn 11.
([86]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 157-158.
([87]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 150-152, 156-160, 165-171.
([88]) ECFE (2019), Suirbhéanna Eacnamaíocha ECFE: An tSín 2019, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, lch. 29, le fáil ag: https://doi.org/10.1787/eco_surveys-chn-2019-en (arna rochtain an 22 Meitheamh 2026).
([89]) Féach: https://www.mof.gov.cn/zhengwuxinxi/caizhengxinwen/202006/t20200618_3534446.htm, (arna rochtain an 5 Meitheamh 2026).

(148) Meabhraíonn an Coimisiún go bhfuil gá le hionchuir áirithe chun an táirge lena mbaineann a tháirgeadh. Nuair a cheannaíonn táirgeoirí an táirge lena mbaineann na hionchuir sin, is léir go bhfuil na praghsanna a íocann siad (agus a dhéantar a thaifeadadh mar a gcuid costas) neamhchosanta ar an saobhadh sistéamach céanna arna lua roimhe seo. Mar shampla, fostaíonn soláthróirí na n-ionchur lucht saothair atá faoi réir an tsaofa. Féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht a bheidh faoi réir shaobhadh na hearnála airgeadais/leithdháileadh an chaipitil. Ina theannta sin, tá siad faoi réir an chórais pleanála atá i bhfeidhm ar gach leibhéal rialtais agus earnála. Tugadh tuairisc mhionsonraithe thuas ar an saobhadh sin. Chuir an Coimisiún in iúl go bhfuil an socrú rialála is bonn leis an saobhadh sin infheidhme go ginearálta, agus táirgeoirí feadán copair faoi réir na rialacha sin ar an mbealach céanna le haon oibreoir eacnamaíoch eile sa tSín. Dá bhrí sin, tá tionchar díreach ag an saobhadh ar struchtúr costais an táirge lena mbaineann.

(149) Dá dheasca sin, ní hamháin nach iomchuí praghsanna díola intíre an táirge lena mbaineann lena n-úsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach déantar difear freisin do na costais ionchuir uile (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, lucht saothair, etc.) toisc go ndéanann idirghabháil shubstaintiúil an rialtais difear dá bpraghasmhúnlú, mar a shonraítear i gCodanna I agus II den Tuarascáil a tugadh cothrom le dáta.

(150) Go deimhin, faightear na hidirghabhálacha ón rialtas a dtugtar tuairisc orthu i ndáil le leithdháileadh caipitil, talún, saothair, fuinnimh agus amhábhar ar fud na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, nuair a chuirtear réimse tosca táirgeachta le chéile chun ionchur a tháirgeadh sa tSín, is ionchur é atá neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh atá maidir le hionchur an ionchuir agus mar sin de.

(151) Níor thug Rialtas na Síne ná na táirgeoirí onnmhairiúcháin san imscrúdú reatha aon fhianaise ná argóint ina choinne sin.

3.1.2.2. Tír ionadaíoch

3.1.2.2.1. *Barúlacha ginearálta*

(152) Bunaíodh roghnú na tíre ionadaíche ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

— Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an leibhéal atá sa tSín. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta per capita acu atá cosúil leis ollioncam náisiúnta per capita atá ag an tSín ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ([90]);

— Táirgeacht an táirge faoi imscrúdú sa tír sin;

— Gur ann do shonraí ábhartha atá ar fáil go héasca sa tír ionadaíoch.

— I gcás ina raibh níos mó ná rogha fhéideartha amháin ann i ndáil le tír ionadaíoch, tugadh tús áite, i gcás inarbh iomchuí, don tír ina bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil.

(153) An 7 Iúil 2026, d'eisigh an Coimisiún nóta a ghabhann leis an gcomhad maidir leis na Foinsí chun an Gnáthluach a Chinneadh ('an Nóta'). Sa nóta sin, sholáthair an Coimisiún liosta de na tosca táirgeachta uile amhail amhábhair, saothar agus fuinneamh a úsáidtear i dtáirgeadh an táirge lena mbaineann. Sonraíodh sa nóta na fíorais agus an fhianaise ba bhun leis na critéir ábhartha, cuireadh na páirtithe leasmhara ar an eolas faoi na tíortha a bhféadfaí iad a mheas mar thír ionadaíoch iomchuí sa chás seo dá mba rud é go ndeimhneofaí saobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an leibhéal atá sa tSín

(154) Sa nóta, shainaithin an Coimisiún gur tíortha iad an Bhrasaíl, an Mhalaeisia, Meicsiceo, an tSeirbia, an Afraic Theas, an Téalainn agus an Tuirc inar comhchosúil an leibhéal forbartha eacnamaíche agus atá sa tSín de réir an Bhainc Dhomhanda i.e. aicmíonn an Banc Domhanda mar thíortha 'ard-mheánioncaim' iad ar bhonn ollioncam náisiúnta, agus gurb eol go dtáirgtear an táirge faoi imscrúdú iontu.

(155) Ní bhfuarthas aon bharúil maidir leis na tíortha a sainaithníodh sa nóta

([90]) Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Ard-Mheánioncam, https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income.

Gur ann do shonraí ábhartha atá ar fáil go héasca sa tír ionadaíoch

(156) Thug an Coimisiún le fios sa Nóta gur ghá fíorú breise a dhéanamh ar infhaighteacht na sonraí, go háirithe maidir leis na sonraí airgeadais atá ar fáil go héasca ó tháirgeoirí an táirge faoi imscrúdú.

(157) Rinne an Coimisiún anailís ar na staitisticí allmhairiúcháin maidir leis an bpríomhábhar ionchuir, i.e. catóidí copair, arb ionann iad agus níos mó ná 95 % den chostas táirgthe agus maidir le dramhaíl agus fuíoll copair, i gcás na seacht dtír ionadaíocha ionchasacha a luaitear in aithris (154). Léiríodh leis na staitisticí, i ngach ceann de na seacht dtír sin a liostaítear thuas, go n-allmhairítear catóidí copair agus fuíoll copair araon den chuid is mó ó thíortha seachas an tSín, an Rúis nó na tíortha sin a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([91]).

(158) Maidir leis an mBrasaíl, shainaithin an Coimisiún dhá tháirgeoir sa Bhrasaíl: Termomecanica ([92]) agus Paranapanema ([93]). I gcás Termomecanica, ní raibh an Coimisiún in ann teacht ar na sonraí airgeadais a bhí ar fáil don tréimhse imscrúdúcháin (ba in 2023 a bhí an ceann is déanaí), agus i gcás Paranapanema léiríodh caillteanais sna sonraí airgeadais is déanaí (2024). Ós rud é nach raibh an Coimisiún in ann fianaise a aimsiú maidir le táirgeadh brabúsach an táirge faoi imscrúdú sa Bhrasaíl, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid shealadach nach raibh an Bhrasaíl oiriúnach lena meas mar thír ionadaíoch iomchuí don imscrúdú seo.

(159) I gcás na Malaeisia, shainaithin an Gearánach agus an Coimisiún dhá tháirgeoir: KMCT Corporation agus MetTube. Ní raibh an Coimisiún in ann teacht ar shonraí airgeadais a bhí ar fáil le haghaidh KMCT. I gcás MetTube, léirigh na sonraí airgeadais is déanaí atá ar fáil (2024) gur ar éigin a bhain an chuideachta cóimheá airgid amach (brabús <1 %). Ós rud é nach raibh an Coimisiún in ann fianaise a aimsiú maidir le táirgeadh brabúsach an táirge faoi imscrúdú sa Mhalaeisia, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh an Mhalaeisia oiriúnach lena meas mar thír ionadaíoch iomchuí don imscrúdú seo.

(160) Maidir le Meicsiceo, shainaithin an Coimisiún trí tháirgeoir fhéideartha den táirge faoi imscrúdú: GDA, Industrias Unidas, S.A. de C.V. ('IUSU') Elementia Materiales, S.A.P.I. DE C.V. ('Elementia'). Mar sin féin, tá baint ag GDA le táirgeoir onnmhairiúcháin eile sa tSín, agus dá bhrí sin ní fhéadfaí é a chur san áireamh toisc go bhféadfadh an fíoras sin iontaofacht a shonraí airgeadais a chur i mbaol. Níorbh fhéidir leis an gCoimisiún teacht ar aon sonraí airgeadais a bhí ar fáil go héasca do IUSU. D'aimsigh an Coimisiún sonraí a bhí ar fáil go héasca le haghaidh Elementia ach de réir an ráitis airgeadais, ní raibh rannán miotail na cuideachta sin brabúsach. Ós rud é nárbh fhéidir leis an gCoimisiún fianaise a aimsiú maidir le táirgeadh brabúsach an táirge faoi imscrúdú i Meicsiceo nach ndéanann an saobhadh a fuarthas sa tSín difear dó, níor mheas an Coimisiún gur tír ionadaíoch iomchuí é Meicsiceo.

(161) Ní raibh sonraí airgeadais ar fáil go héasca ag ceachtar den dá tháirgeoir san Afraic Theas, Maksal Tubes (Pty) Ltd. ([94]) ná Copper Tubing Africa (Pty) Ltd ([95]). Ós rud é nach raibh an Coimisiún in ann fianaise a aimsiú maidir le táirgeadh brabúsach an táirge faoi imscrúdú san Afraic Theas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh an Afraic Theas oiriúnach lena meas mar thír ionadaíoch iomchuí don imscrúdú seo.

(162) Maidir leis an Téalainn, shainaithin an Coimisiún táirgeoir amháin, Loyal Hailiang Copper (an Téalainn) Co., Ltd., a bhfuil sonraí ar fáil go héasca ina leith le haghaidh 2024. Mar sin féin, ní chumhdaíonn na sonraí sin an tréimhse imscrúdúcháin. Ina theannta sin, tá an chuideachta comhlachaithe le Zhejiang Hailiang Co., Ltd., an táirgeoir onnmhairiúcháin sa tSín atá faoi imscrúdú san imeacht seo, rud a d'fhéadfadh iontaofacht a sonraí airgeadais a chur i mbaol. Thug an Coimisiún dá aire freisin gurbh ionann allmhairí catóidí copair ón tSín agus 25 % d'allmhairí iomlána catóidí copair isteach sa Téalainn. Ar na cúiseanna sin, níor measadh gur tír ionadaíoch iomchuí í an Téalainn.

([91]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (OJ L 123, 19.5.2015, p. 33 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/755/oj). Meastar le hAirteagal 2(7) den bhun-Rialachán nach féidir praghsanna intíre sna tíortha sin a úsáid chun gnáthluach a chinneadh.

([92]) https://www.termomecanica.com.br/EN/termomecanica.

([93]) https://www.paranapanema.com.br/en/our-products/paranapanema/.

([94]) https://www.maksal.com/.

([95]) https://coppertubing.co.za/.

(163) I gcás na Tuirce, shainaithin an Coimisiún dhá tháirgeoir Sarkuysan ([96]) agus Ulusoy Bakır ve Metal Sanayi ve Ticaret A.Ş. (Ulusoy) ([97]). Mar sin féin, ní raibh sonraí airgeadais na dtáirgeoirí sin ar fáil go héasca, agus mar thoradh air sin, ní fhéadfaí a mheas go raibh siad oiriúnach chun costais díola, riaracháin agus ghinearálta agus brabús a chinneadh. Ós rud é nach raibh an Coimisiún in ann fianaise a aimsiú maidir le táirgeadh brabúsach an táirge faoi imscrúdú sa Tuirc, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh an Tuirc oiriúnach lena meas mar thír ionadaíoch iomchuí don imscrúdú seo.

(164) Níor shainaithin an Coimisiún ráitis airgeadais a bhí ar fáil go héasca ach amháin i gcás táirgeoir amháin den táirge faoi imscrúdú a léirigh leibhéal réasúnta brabúsachta ar feadh tréimhse iomlán forluiteach an tréimhse imscrúdúcháin, is é sin, VALJAONICA BAKRA SEVOJNO AD SEVOJNO sa tSeirbia ([98]).

(165) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, sa Nóta, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé beartaithe aige an tSeirbia a úsáid mar thír ionadaíoch iomchuí agus faisnéis airgeadais na cuideachta Valjaonica BAKRA Sevojno AD Sevojno sa tSeirbia a úsáid chun praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa a aimsiú ar mhaithe leis an ngnáthluach a ríomh, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.

(166) Iarradh ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt ar oiriúnacht na Seirbia mar thír ionadaíoch agus ar VALJAONICA BAKRA SEVOJNO AD SEVOJNO mar tháirgeoir sa tír ionadaíoch.

(167) Tar éis an nóta, thacaigh Coiste Cosanta Feadáin Chopar an Aontais go ginearálta le roghnú na Seirbia mar thír ionadaíoch. D'áitigh siad, áfach, nár léiríodh sonraí airgeadais an táirgeora roghnaithe sa tír ionadaíoch brabús réasúnta le linn na tréimhse imscrúdúcháin, arbh é 2 % é, de réir EUCTDC, agus d'iarr siad ar an gCoimisiún brabús stairiúil 7 % a úsáid, nó é a choigeartú go 6 %, nó sonraí airgeadais dháileoir Seirbiach an táirge faoi imscrúdú a úsáid.

(168) D'áitigh Coiste Cosanta Feadáin Chopair an Aontais nach bhfuil an corrlach brabúis 2 % réasúnta agus, dá bhrí sin, nach gcomhlíonann sé Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán. Mhaígh sé freisin gur cheart léiriú an bhrabúis réasúnta a léamh i gcomhar le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, lena leagtar amach an spriocbhrabús íosta i ngnáthdhálaí iomaíochta.

(169) Mheabhraigh an Coimisiún nach bhfuil íostairseach ná uastairseach ann chun brabús réasúnta a chinneadh agus an gnáthluach á ríomh. Suitear an brabús réasúnta ar bhonn imthosca an cháis ar leith atá i gceist agus ar bhonn na sonraí airgeadais is fearr atá ar fáil. Ní gá an brabús a shocrú ag an íosleibhéal 6 % ([99]) a bhfuil feidhm aige maidir le spriocbhrabús thionscal an Aontais, seachas maidir leis an mbrabús sa tír ionadaíoch. Dá bhrí sin, an t-éileamh chun an brabús a choigeartú chuig leibhéal atá ar aon dul leis an spriocbhrabús íosta a chuirtear i bhfeidhm ar ríomh spriocbhrabús thionscal an Aontais.

(170) Ina bharúlacha ar an nóta, mhaígh Coiste Cosanta Feadáin Chopar an Aontais gur cuireadh i dtábhacht leis an laghdú ar bhrabúsacht na cuideachta Seirbiaí, ó 7 % in 2022 go 2 % in 2025, an brú ó sholáthróirí Áiseacha an táirge faoi imscrúdú sa réigiún. Ar an gcúis sin, mhol Coiste Cosanta Feadáin Chopar an Aontais úsáid a bhaint as an mbrabús ó 2022 nó as meánbhrabús le 4 bliana anuas. Níor chuir Coiste Cosanta Feadáin Chopar an Aontais aon fhianaise ar fáil go bhfuil brú den sórt sin ann. Níor aimsigh an Coimisiún fianaise den sórt sin ná níor thug sé faoi deara méadú ar allmhairí an táirge faoi imscrúdú ón tSín isteach sa tSeirbia sa tréimhse tar éis 2022. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh go n-úsáidfí brabús ó bhliain chomh fada siar ón tréimhse imscrúdúcháin le 2022, nó an meánbhrabús don tréimhse 4 bliana roimhe sin.

([96]) https://sarkuysan.com/en/product/product-copper-tube-page.
([97]) https://www.uci.com.tr/products.
([98]) https://vbs.co.rs.
([99]) Mar shampla i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/4 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí dé-ocsaíde tíotáiniam de thionscnamh na Síne, measadh go raibh brabús 4.24 % réasúnta (IO L , 2025/4, 9.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/4/oj aithris (171)).

(171) Mar sin féin, ag féachaint don fhíoras go raibh an brabús a fuarthas le linn na tréimhse imscrúdúcháin íseal go deimhin, agus go háirithe go raibh sé níos ísle ná an brabús a fuair formhór na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha i dtíortha seachas an tSín ar dhíolacháin an táirge faoi imscrúdú ar na margaí intíre faoi seach leis na custaiméirí neamhspleácha, chuaigh an Coimisiún i muinín na bliana ba ghaire don tréimhse imscrúdúcháin le brabús réasúnta. Bhreithnigh an Coimisiún na sonraí airgeadais le haghaidh 2024, an bhliain a chuaigh ar aghaidh leis an tréimhse imscrúdúcháin, nuair a thaifead Valjaonica BAKRA Sevojno AD Sevojno brabús 5 % agus costais díola, riaracháin agus ghinearálta 11 %, a measadh a bheith réasúnta ós rud é gur léirigh siad ar bhealach níos cruinne meántorthaí airgeadais na dtáirgeoirí in earnáil an táirge lena mbaineann. Bhí an brabús iomlán agus na costais SGA ar leibhéal comhchosúil leis na costais a fuarthas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus measadh go raibh an brabús féin ar leibhéal réasúnta.

(172) D'ainneoin go ndeachaigh Valjaonica BAKRA Sevojno AD Sevojno i muinín na bliana 2024, is í fós an t-aon táirgeoir den táirge faoi imscrúdú a bhfuil sonraí airgeadais aici atá ar fáil go héasca agus ar féidir léi rátaí brabúis agus costais díola, riaracháin agus ghinearálta a léiriú a mbeadh méideanna réasúnta mar thoradh orthu. Mar a mhínítear in aithris (162), bhí sonraí airgeadais ar fáil go héasca freisin ag LOYAL HAILIANG COPPER (THAILAND) CO LTD sa Téalainn le haghaidh 2024, ach ní fhéadfaí é a úsáid mar athróg ionadach iomchuí toisc go bhfuil sé comhlachaithe le táirgeoir onnmhairiúcháin eile de chuid na Síne agus, dá bhrí sin, nach meastar é a bheith iontaofa.

(173) Ina bharúlacha maidir leis an Nóta, d'áitigh Jintian China, bunaithe ar na staitisticí a soláthraíodh sa Nóta, gur tír ionadaíoch níos oiriúnaí í an Tuirc ná an tSeirbia toisc go bhfuil méid na gcatóidí copair allmhairithe 12 uair níos airde ná mar atá sa tSeirbia, agus, de réir Jintian China, go bhfuil an meánphraghas allmhairiúcháin sa Tuirc níos neodraí ná an meánphraghas allmhairiúcháin sa tSeirbia toisc gur féidir tionchar tosca ócáideacha a mhaolú le méid allmhairí níos mó.

(174) Mar fhreagairt ar bharúlacha Jintian China, chuir Coiste Cosanta Feadáin Chopar an Aontais in aghaidh na tuairime gur cheart an Tuirc a mheas mar thír ionadaíoch iomchuí. D'áitigh sé, cé go raibh méid na gcatóidí copair allmhairithe níos airde ná mar a bhí sa tSeirbia, go raibh an meánphraghas allmhairiúcháin níos ísle ná an meánphraghas bliantúil ar Mhalartán Miotail Londan ('LME') le haghaidh catóidí copair agus níos ísle ná na praghsanna a breathnaíodh i bhformhór na dtíortha ionadaíocha féideartha eile (seachas an Mhalaeisia agus an Bhrasaíl). Ós rud é go luaitear an praghas LME ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha, ba cheart an praghas allmhairiúcháin iarbhír a bheith níos airde fós. Dá bhrí sin, tháinig EUCTDC ar an gconclúid nach féidir a mheas go bhfuil praghsanna allmhairiúcháin catóidí copair isteach sa Tuirc ionadaíoch.

(175) Rinne an Coimisiún anailís ar allmhairí na bpríomhábhar ionchuir ó sheacht dtír ionadaíoch fhéideartha. Mar a dúradh cheana in aithrisí (159) agus (162), mheas sé nach raibh an Mhalaeisia ná an Téalainn iomchuí. Níor aimsigh an Coimisiún aon chúis lena mheas nach raibh allmhairí na Seirbia ionadaíoch. Níor chuir Jintian China aon fhianaise ná argóint ar fáil a d'athródh an seasamh sin. In éagmais sonraí airgeadais atá ar fáil go héasca, ní fionnachtain nua ná critéar ábhartha é an bharúil shimplí go n-allmhairíonn an Tuirc, tír atá i bhfad níos mó ná an tSeirbia, méideanna níos airde chun a mheas nach allmhairí ionadaíocha iad allmhairí na Seirbia.

(176) Mhaígh Jintian China freisin nár cheart an Tuirc a dhíothú mar thír ionadaíoch fhéideartha ar an bhforas nach raibh sonraí airgeadais do tháirgeoir an táirge faoi imscrúdú ar fáil go héasca. Sholáthair Jintian China ráitis airgeadais Sarkuysan, ceann de tháirgeoirí sainaitheanta an táirge faoi imscrúdú sa Tuirc. Dá bhrí sin, dar le Jintian China, ba thír ionadaíoch oiriúnach í an Tuirc.

(177) Cumhdaítear an tréimhse imscrúdúcháin leis na ráitis airgeadais a chuir Jintian China ar fáil agus tá siad ar fáil go héasca. Mar sin féin, is leagan comhdhlúite é le haghaidh an ghrúpa chorparáidigh ina iomláine. Tá an Grúpa comhdhéanta d'fhochuideachtaí éagsúla a dhéanann feidhmeanna éagsúla agus a mhonaraíonn raon leathan táirgí. Níos tábhachtaí fós, tá na fochuideachtaí a n-ionchorpraítear a dtorthaí airgeadais sna ráitis airgeadais chomhdhlúite lonnaithe i dtíortha éagsúla, amhail an Bhulgáir, an Ghearmáin agus na Stáit Aontaithe. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí an brabús agus costais SGA a chur i leith tháirgeoir onnmhairiúcháin an táirge faoi imscrúdú amháin sa tír ionadaíoch fhéideartha.

(178) Dá bhrí sin, níor aimsigh an Coimisiún aon fhoras chun an Tuirc a mheas mar thír ionadaíoch níos oiriúnaí ná an tSeirbia.

Leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil

(179) Tar éis a shuí gurb é an tSeirbia an t-aon tír ionadaíoch iomchuí a bhí ar fáil, agus bunaithe ar na gnéithe thuasluaite uile, ní raibh aon ghá measúnú a dhéanamh ar leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil i gcomhréir leis an abairt dheireanach d'Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.

3.1.2.2.2. *Conclúid*

(180) I bhfianaise na hanailíse thuas, chomhlíon an tSeirbia na critéir a leagtar síos in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán chun go measfaí í mar thír ionadaíoch iomchuí.

3.1.2.3. Foinsí arna n-úsáid chun costais neamhshaofa a shuí

(181) Sa nóta, liostaigh an Coimisiún na tosca táirgeachta amhail ábhair, fuinneamh agus saothar a úsáideann na táirgeoirí onnmhairiúcháin i dtáirgeadh an táirge faoi imscrúdú agus d'iarr sé ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt agus faisnéis atá ar fáil go poiblí a mholadh maidir le luachanna neamhshaofa le haghaidh gach ceann de na tosca táirgeachta a luaitear sa nóta sin.

(182) Luaigh an Coimisiún, chun an gnáthluach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, go n-úsáidfeadh sé Global Trade Atlas ('GTA') chun an costas neamhshaofa a shuí maidir le formhór na dtosca táirgeachta sa tír ionadaíoch, agus na hamhábhair go sonrach. Ina theannta sin, luaigh an Coimisiún go n-úsáidfeadh sé Oifig Staidrimh Phoblacht na Seirbia ([100]) agus EIS ([101]) chun costais neamhshaofa saothair agus fuinnimh (leictreachas ([102]) agus gás nádúrtha ([103])) a shuí.

(183) Sa nóta, chuir an Coimisiún in iúl do na páirtithe leasmhara freisin, mar gheall ar mheáchan diomaibhseach cuid de na hamhábhair i gcostas iomlán an táirgthe, go ndearnadh na hítimí diomaibhseacha sin a ghrúpáil faoi 'tomhaltáin'. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún in iúl go ríomhfadh sé céatadán na dtomhaltán ar chostas iomlán na n-amhábhar (5 %) agus go gcuirfeadh sé an céatadán sin i bhfeidhm ar chostas athríofa na n-amhábhar agus na tagarmharcanna neamhshaofa arna suí sa tír ionadaíoch iomchuí a n-úsáid aige.

3.1.2.3.1. *Tosca táirgeachta*

(184) I bhfianaise na faisnéise uile a chuir na páirtithe leasmhara isteach agus a bailíodh le linn na gcuairteanna fíorúcháin, sainaithníodh na tosca táirgeachta seo a leanas agus a bhfoinsí chun an gnáthluach a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

Tábla 1

Tosca táirgeachta an táirge faoi imscrúdú

Toisc tháirgeachta	Cód Tráchtearra	Foinse	Luach neamhshaofa (CNY)	Aonad tomhais
Amhábhair				
Catóid Chopair	7403 11	Global Trade Atlas	77,19	kg

([100]) https://www.stat.gov.rs/en-US/oblasti/trziste-rada/zarade.
([101]) https://ilostat.ilo.org/data/?cat_mode=subject.
([102]) https://www.eps.rs/cir/snabdevanje/Pages/cene.aspx.
([103]) https://www.srbijagas.com/?page_id=2562.

Toisc tháirgeachta	Cód Tráchtearra	Foinse	Luach neamhshaofa (CNY)	Aonad tomhais
Tomhaltáin				
Saothar				
Saothar	neamhbhaint-each	Oifig staidrimh Phoblacht na Seirbia ([1]) agus EIS ([2])	74,96	uaireanta an chloig
Fuinneamh				
Leictreachas	neamhbhaint-each	Gníomhaireacht Fuinnimh na Seirbia ([3])	0,90	kWh
Gás nádúrtha	neamhbhaint-each	Gníomhaireacht Fuinnimh na Seirbia ([4])	0,31	kWh

([1]) https://www.stat.gov.rs/en-US/oblasti/trziste-rada/zarade
([2]) https://ilostat.ilo.org/data/?cat_mode=subject
([3]) https://www.aers.rs/media/Files/Izvestaji/Godisnji/Izvestaj%20Agencije%202025.pdf
([4]) https://www.aers.rs/media/Files/Izvestaji/Godisnji/Izvestaj%20Agencije%202025.pdf

(185) Chuir an Coimisiún luach le haghaidh forchostais mhonaraíochta san áireamh chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas. Chun an méid sin a shuí, d'úsáid an Coimisiún na sonraí a sholáthair an gearánach maidir le costais mhonaraíochta nár áiríodh sa toisc tháirgeachta aonair thuas. A mhéid a bhaineann leis an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch, d'úsáid an Coimisiún sonraí a sholáthair an gearánach sin. Mínítear an mhodheolaíocht sin i roinn 3.1.2.3.6.

3.1.2.3.2. *Amhábhair*

(186) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhar mar a dhéantar iad a sheachadadh ag geata táirgeora de chuid na tíre ionadaíche a shuí, d'úsáid an Coimisiún an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe chuig an tír ionadaíoch mar a thuairiscítear in GTA mar bhonn agus cuireadh dleachtanna allmhairiúcháin agus costais iompair intíre leis. Cinneadh praghas allmhairiúcháin sa tír ionadaíoch mar mheán ualaithe phraghsanna aonaid na n-allmhairí ó gach tríú tír.

(187) I gcás roinnt tosca táirgeachta, b'ionann na costais iarbhír arna dtabhú ag an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch agus mar a fhoráiltear sa ghearán agus sciar diomaibhseach de na costais amhábhar iomlána sa tréimhse imscrúdúcháin. Ós rud é nach raibh aon tionchar suntasach ag an luach a úsáideadh dóibh siúd ar na ríomhanna maidir leis an gcorrlach dumpála, gan beann ar an bhfoinse a úsáideadh, chinn an Coimisiún na costais sin a áireamh le tomhaltáin mar a mhínítear in aithrisí (183).

(188) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhar a shuí, dá bhforáiltear sa chéad fhleasc d'Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún dleachtanna allmhairiúcháin ábhartha na tíre ionadaíche i bhfeidhm.

(189) A mhéid a bhaineann le Jintian China, shloinn an Coimisiún an costas iompair arna thabhú ag Jintian China chun amhábhair den sórt sin a sholáthar mar chéatadán de chostas iarbhír na n-amhábhar sin agus chuir sé an céatadán céanna i bhfeidhm ar chostas neamhshaofa na n-amhábhar céanna chun an costas iompair neamhshaofa a fháil. Mheas an Coimisiún go bhféadfaí, i gcomhthéacs an imscrúdaithe seo, an cóimheas idir amhábhar an táirgeora onnmhairiúcháin agus na costais iompair thuairiscithe a úsáid go réasúnta mar tháscaire chun meastachán a dhéanamh ar chostais neamhshaofa na n-amhábhar nuair a sheachadtar chuig monarcha na cuideachta iad.

(190) Thairis sin, rinne an Coimisiún meastachán ar an gcostas iompair arna thabhú ag an táirgeoir onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríoch chun amhábhair a sholáthar mar chéatadán de chostas neamhshaofa na n-amhábhar chun an costas iompair neamhshaofa a fháil.

3.1.2.3.3. *Saothar*

(191) Foilsíonn Oifig Staidrimh Phoblacht na Seirbia faisnéis mhionsonraithe maidir le pá in earnálacha eacnamaíocha éagsúla sa tSeirbia. D'úsáid an Coimisiún an staidreamh is déanaí a bhí ar fáil lena gcumhdaítear an bhliain 2025 le haghaidh meánchostas saothair i monarú na hearnála miotal bunúsach, lena n-áirítear costais saothair san earnáil feadán copair ([104]). Maidir leis an meán-am oibre san earnáil monaraíochta, d'úsáid an Coimisiún staitisticí EIS ([105]).

3.1.2.3.4. *Leictreachas*

(192) Foilsíonn Gníomhaireacht Fuinnimh na Seirbia praghas an leictreachais do chuideachtaí (úsáideoirí tionsclaíocha) sa tSeirbia ([106]). D'úsáid an Coimisiún na sonraí maidir le praghsanna leictreachais tionsclaíocha sa bhanda tomhaltais comhfhreagrach in 2025 arna bhfoilsiú ag an nGníomhaireacht.

3.1.2.3.5. *Gás nádúrtha*

(193) Foilsíonn Gníomhaireacht Fuinnimh na Seirbia praghas an gháis nádúrtha d'úsáideoirí tionsclaíocha sa tSeirbia ([107]). Bhain an Coimisiún úsáid as na praghsanna sa bhanda tomhaltais comhfhreagrach le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

3.1.2.3.6. *Forchostais mhonaraíochta, costais SGA agus brabúis*

(194) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, '[á]ireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús'. Ina theannta sin, ní mór luach le haghaidh na bhforchostas monaraíochta a shuí chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas.

(195) Chun luach neamhshaofa na bhforchostas monaraíochta a shuí agus ós rud é go bhfuil comhar na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin in easnamh, bhain an Coimisiún úsáid as na fíorais a bhí ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, ar bhonn na sonraí ón ngearránach, shuigh an Coimisiún cóimheas na bhforchostas monaraíochta le hiomlán na gcostas monaraíochta agus saothair. Cuireadh an céatadán sin i bhfeidhm ansin ar luach neamhshaofa na gcostas monaraíochta chun luach neamhshaofa na bhforchostas monaraíochta a fháil, ag brath ar an tsamhail a táirgeadh.

(196) I gcás Jintian China, sloinneadh na forchostais mhonaraíochta arna dtabhú ag an táirgeoir onnmhairiúcháin sin mar sciar de na costais mhonaraíochta a tabhaíodh iarbhír. Cuireadh an céatadán sin i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa na monaraíochta.

(197) Chun méid neamhshaofa agus réasúnta a shuí le haghaidh costais SGA agus brabús, bhí an Coimisiún ag brath ar na sonraí airgeadais le haghaidh 2024 i gcás VALJAONICA BAKRA SEVOJNO AD SEVOJNO arna mbaint as Orbis.

3.1.2.3.7. *Ríomh*

(198) Ar bhonn a bhfuil thuas, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(199) Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta neamhshaofa. In éagmais chomhoibriú na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, bhraith an Coimisiún ar an bhfaisnéis a sholáthair an gearánach sna foirmeacha gearáin agus ionchuir a sholáthair dhá ghrúpa onnmhairiúcháin maidir le húsáid gach toisce (ábhair agus lucht saothair) chun an táirge faoi imscrúdú a tháirgeadh.

(200) I gcás Jintian China chuir an Coimisiún na costais aonaid neamhshaofa i bhfeidhm ar thomhaltas iarbhír thosca aonair táirgeachta an táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibríoch. Fíoraíodh na rátaí tomhaltais sin le linn an fhíorúcháin. D'iolraigh an Coimisiún na tosca úsáide faoi na costais neamhshaofa in aghaidh an aonaid a fuarthas sa tír ionadaíoch mar a shonraítear i Roinn 3.1.2.2.

([104]) https://www.stat.gov.rs/en-US/oblasti/trziste-rada/zarade.
([105]) https://ilostat.ilo.org/data/?cat_mode=subject.
([106]) https://www.aers.rs/media/Files/Izvestaji/Godisnji/Izvestaj%20Agencije%202025.pdf.
([107]) https://www.aers.rs/media/Files/Izvestaji/Godisnji/Izvestaj%20Agencije%202025.pdf.

(201) Nuair a suíodh costas neamhshaofa na monaraíochta, chuir an Coimisiún na forchostais mhonaraíochta, costais SGA agus an brabús i bhfeidhm mar a luaitear in aithrisí ó (194) go (197).

(202) Ansin, chuir an Coimisiún meán-fhorchostais mhonaraíochta, mar a mhínítear in aithris (195) leis an gcostas monaraíochta neamhshaofa chun teacht ar na costais táirgthe neamhshaofa.

(203) Maidir leis na costais táirgthe a suíodh mar a thuairiscítear san aithris roimhe seo, chuir an Coimisiún costais SGA agus brabús VALJAONICA BAKRA SEVOJNO AD SEVOJNO i bhfeidhm. Ba é 11 % méid na gcostas SGA arna shloinneadh mar chéatadán de chostais na n-earraí a díoladh agus arna chur i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa an táirgthe. Ba é 5 % an brabús arna shloinneadh mar chéatadán de chostais na n-earraí a díoladh agus arna chur i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa an táirgthe.

(204) Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

3.1.3. *An praghas onnmhairiúcháin*

3.1.3.1. Jintian China

(205) D'onnmhairigh an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch, Jintian China, chuig an Aontas trína thrádálaí comhlachaithe i Hong Cong, dá bhrí sin, coigeartaíodh an praghas a íocadh nó a bhí iníoctha ag an gcéad chustaiméir neamhspleách san Aontas mar a mhínítear i roinn 3.1.5.1.

3.1.3.2. Táirgeoirí onnmhairiúcháin eile

(206) Mar a mhínítear in aithrisí (11) go (17) a ghabhann le comhar na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin ón tSín, bhí sé íseal agus dá bhrí sin bhí an praghas onnmhairiúcháin bunaithe ar fhíorais a bhí ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, bhí an praghas onnmhairiúcháin bunaithe ar mheánphraghas allmhairiúcháin an táirge lena mbaineann isteach san Aontas ón tSín, mar a shuitear i roinn 4.4 thíos, arna choigeartú go leibhéal an phraghais díreach ón monarcha tríd an muirlasta agus an lasta intíre a asbhaint mar a thugtar sa ghearán.

3.1.4. *Comparáid*

(207) Ceanglaítear le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán ar an gCoimisiún comparáid chóir a dhéanamh idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin ar an leibhéal céanna trádála agus difríochtaí i dtosca a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna a chur san áireamh. Sa chás i dtrácht, roghnaigh an Coimisiún comparáid a dhéanamh idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha. Mar a mhínítear a thuilleadh thíos, i gcás inarb iomchuí, rinneadh an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú chun: (i) iad a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha; agus (ii) lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a maíodh agus a léiríodh go ndearna siad difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna.

3.1.4.1. Coigeartuithe a rinneadh ar an ngnáthluach

(208) Mar a mhínítear in aithris (198) thuas, suíodh an gnáthluach ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha trí úsáid a bhaint as costais táirgthe mar aon le méideanna le haghaidh chostais SGA agus brabúis, a measadh a bheith réasúnta don leibhéal trádála sin. Dá bhrí sin, ní raibh gá le coigeartuithe chun an gnáthluach a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha.

3.1.4.1.1. *Jintian China*

(209) D'allmhairigh Jintian China amhábhair agus dhíol sé an táirge faoi imscrúdú ina dhiaidh sin faoin gcóras custaim próiseála isteach. Faoi mhodheolaíocht chánach reatha Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le CBL neamh-inaisíoctha ar dhíolacháin onnmhairiúcháin, cinntear an CBL neamh-inaisíoctha trí luach na n-ionchur allmhairithe atá díolmhaithe ó cháin a asbhaint ón luach onnmhairiúcháin iomlán. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún Airteagal 2(10)(k) den bhun-Rialachán i bhfeidhm maidir leis an mbreisluach sin ar an táirge a onnmhairítear chuig an Aontas. Thairis sin, níor aimsigh an Coimisiún aon fhoras le haghaidh aon lamháltas breise ar an ngnáthluach do Jintian China, ná níor iarr an chuideachta aon lamháltas den sórt sin.

3.1.4.1.2. *Táirgeoirí onnmhairiúcháin eile*

(210) Maidir leis an táirgeoir onnmhairiúcháin eile, rinne an Coimisiún coigeartú freisin faoi Airteagal 2(10)(k) den bhun-Rialachán maidir leis an difríocht i gcánacha indíreacha idir díolacháin onnmhairiúcháin ón tSín leis an Aontas agus an gnáthluach i gcás inar eisiadh cánacha indíreacha amhail CBL. Ní raibh na cuideachtaí a onnmhairíonn feadáin chopair i dteideal aisíocaíocht CBL ar ionchur a fháil ar na hamhábhair a ceannaíodh chun an táirge faoi imscrúdú a tháirgeadh. Dá bhrí sin, b'ionann an difríocht i gcánacha indíreacha idir na díolacháin onnmhairiúcháin agus an gnáthluach agus 13 %, agus rinneadh coigeartú comhfhreagrach.

3.1.5. *Coigeartuithe a rinneadh ar an bpraghas onnmhairiúcháin*

3.1.5.1. Jintian China

(211) Chun an praghas onnmhairiúcháin a ghlanluacháil ar ais go dtí leibhéal na trádála díreach ón monarcha, rinneadh coigeartuithe i leith na nithe seo a leanas: costais lasta, árachais, láimhseála agus luchtaithe agus costais choimhdeacha.

(212) Cuireadh san áireamh na tosca seo a leanas a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna: costais chreidmheasa agus táillí bainc.

(213) D'onnmhairigh Jintian China chuig an Aontas trí thrádálaí gaolmhar i Hong Cong. Dá bhrí sin, rinneadh coigeartú i gcás coimisiúin faoi Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán. Bhí an trádálaí freagrach as an gcaidreamh le cliaint, go háirithe teagmhálacha a choinneáil ar bun agus a thionscnamh leis na custaiméirí, orduithe agus idirbhearta a bhainistiú, iompar, lasta, árachas le haghaidh díolachán a eagrú. Tugadh luach saothair don trádálaí as na feidhmeanna sin a chomhlíonadh trí mharcáil suas. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún go raibh feidhmeanna á gcomhlíonadh ag an trádálaí atá cosúil le feidhmeanna gníomhaire atá ag obair ar bhonn coimisiúin. I bhfianaise an chaidrimh idir an trádálaí agus an táirgeoir, shuigh an Coimisiún an méid le haghaidh coimisiúin bunaithe ar chostais SGA iarbhír an trádálaí ghaolmhair agus ar bhrabús barúlach 10 %.

(214) Maidir leis an mbrabús sin, san imeacht seo níor chomhoibrigh aon cheann de na hallmhaireoirí neamhghaolmhara. Níl aon sonraí ag an gCoimisiún ó thrádálaithe neamhchomhlachaithe a thrádálann an táirge céanna nó táirge comhchosúil leis an táirge faoi imscrúdú. Dá bhrí sin, chuaigh an Coimisiún i muinín an táirge is gaire is féidir don táirge lena mbaineann — táirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta ('SSCR'), a bhfuil sciar ard den ionchur miotail faoi seach mar shaintréith aige freisin. Dá bhrí sin, bhí an Coimisiún ag brath go sealadach ar an mbrabús a measadh a bheith réasúnta in imscrúdú aisíocaíochta a rinneadh le déanaí maidir le hallmhairí táirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta ([108]). San imscrúdú sin, bhí brabús na n-allmhaireoirí neamhghaolmhara idir 10 % agus 13 %, agus chinn an Coimisiún ceann íochtair an raoin sin a chur i bhfeidhm go coimeádach.

3.1.5.2. Táirgeoirí onnmhairiúcháin eile

(215) Suíodh an praghas onnmhairiúcháin le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin eile ar leibhéal an phraghais díreach ón monarcha mar a mhínítear in aithris (206).

(216) Bunaithe ar an bhfaisnéis a bailíodh le linn an imscrúdaithe, shuigh an Coimisiún go n-oibríonn gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta sa tSín le samhail atá cosúil le samhail Jintian China agus go ndíolann siad an táirge lena mbaineann trí thrádálaithe comhlachaithe sa tSín nó i dtríú tíortha. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún an coigeartú céanna a chur i bhfeidhm agus a chuirtear i bhfeidhm maidir le Jintian China a mhínítear in aithris (213) do gach cuideachta eile. Shuigh an Coimisiún méid na gcostas díola, riaracháin agus ginearálta bunaithe ar mheánchostais díola, riaracháin agus ghinearálta arna dtuairisciú ag trádálaithe comhlachaithe comhoibríocha uile na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin i ngach tír atá faoi réir an imscrúdaithe seo. Maidir leis an mbrabús barúlach, chuir an Coimisiún 10 % i bhfeidhm mar a fhoráiltear in aithris (214).

3.1.6. *Corrlaigh dhumpála*

(217) Mar a mhínítear in aithris (18), chinn an Coimisiún Airteagal 18 a chur i bhfeidhm chun dumpáil a chinneadh, ach amháin i gcás an táirgeora onnmhairiúcháin Jintian China, ar ríomhadh corrlach aonair ina leith.

([108]) Imscrúdú aisíocaíochta RF86-01: Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2026) 3105 ón gCoimisiún final an 20.5.2026 https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-history?caseId=2484#RF86-01.

3.1.6.1. Jintian China

(218) Maidir le Jintian China, rinne an Coimisiún comparáid idir meán-ghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe a bhaineann le cineál comhfhreagrach an táirge ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

3.1.6.2. Táirgeoirí onnmhairiúcháin eile

(219) Chinn an Coimisiún an corrlach dumpála le haghaidh gach cuideachta eile ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil, agus úsáid á baint as na sonraí a sholáthair an gearánach agus na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha le haghaidh an choigeartaithe mar a mhínítear in aithris (216). Ansin rinne an Coimisiún comparáid idir meán-ghnáthluach gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe a bhaineann le cineál comhfhreagrach an táirge lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

(220) Is iad seo a leanas na corrlaigh dhumpála shealadacha, arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach
Ningbo Jintian Copper Tube Co., Ltd	33,5 %
Gach allmhaire eile de thionscnamh na Síne	51,5 %

3.2. **MEICSICEO**

3.2.1. *An Gnáthluach*

(221) Rinne an Coimisiún scrúdú ar dtús féachaint an raibh méid iomlán na ndíolachán intíre don táirgeoir comhoibríoch de chuid Mheicsiceo GDA ionadaíoch, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Tá na díolacháin intíre ionadaíoch más é a bhí i méid iomlán dhíolacháin intíre an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre in aghaidh an táirgeora onnmhairiúcháin 5 % ar a laghad de mhéid iomlán a dhíolachán onnmhairiúcháin leis an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcás an táirge lena mbaineann. Ar an mbonn sin, bhí na díolacháin iomlána a rinne an táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte maidir leis an táirge comhchosúil ar an margadh intíre ionadaíoch.

(222) Ina dhiaidh sin, shainaithin an Coimisiún na cineálacha táirgí a díoladh ar bhonn intíre agus a bhí comhionann nó inchomparáide leis na cineálacha táirgí a díoladh lena n-onnmhairiú leis an Aontas don táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch.

(223) Rinne an Coimisiún scrúdú ansin lena fháil amach an méid ionadaíoch a bhí sna díolacháin intíre a tháirg an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch GDA ar a mhargadh intíre i gcás gach cineáil táirge atá comhionann nó inchomparáide le cineál táirge a díoladh lena onnmhairiú leis an Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Tá na díolacháin intíre ionadaíoch i gcás cineáil táirge más é a bhí i méid iomlán dhíolacháin intíre an chineáil táirge sin le custaiméirí neamhspleácha le linn na tréimhse imscrúdúcháin 5 % de mhéid iomlán dhíolacháin onnmhairiúcháin an chineáil táirge chomhionainne nó inchomparáide leis an Aontas. Shuigh an Coimisiún, i gcás gach cineáil táirge, atá comhionann nó inchomparáide le cineál táirge a díoladh lena onnmhairiú leis an Aontas, gurbh ionann an méid iomlán díolachán intíre le custaiméirí neamhspleácha le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus 5 % ar a laghad de mhéid iomlán díolachán onnmhairiúcháin an chineáil táirge chomhionainn nó inchomparáide leis an Aontas, agus dá bhrí sin go raibh siad ionadaíoch, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán.

(224) Ina dhiaidh sin, shainigh an Coimisiún an cion de dhíolacháin bhrabúsacha le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre i gcás gach cineáil táirge le linn na tréimhse imscrúdúcháin chun a chinneadh ar cheart díolacháin intíre iarbhír a úsáid chun an gnáthluach a ríomh, i gcomhréir le hAirteagal 2(4) den bhun-Rialachán.

(225) Bunaítear an gnáthluach ar an bpraghas intíre iarbhír in aghaidh an chineáil táirge, gan beann ar cibé acu atá na díolacháin sin brabúsach nó nach bhfuil, más rud é:

(a) gurb éard a bhí i gceist le méid díolachán an chineáil táirge arna dhíol ar phraghas díola a bhí comhionann leis an gcostas táirgthe arna ríomh nó níos mó ná sin, breis agus 80 % den mhéid díolachán iomlán i gcás an chineáil táirge sin; agus

(b) go bhfuil meánphraghas díola ualaithe an chineáil táirge sin comhionann le costas aonaid an táirgthe nó níos mó ná sin.

(226) Sa chás sin, is é atá sa ghnáthluach meánphraghsanna ualaithe dhíolacháin intíre uile an chineáil táirge sin le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(227) Is é atá sa ghnáthluach an praghas intíre iarbhír in aghaidh an chineáil táirge a bhaineann le díolacháin intíre bhrabúsacha na gcineálacha táirgí sin, agus an méid sin amháin, le linn ná tréimhse imscrúdúcháin, más rud é:

(a) go bhfuil 80 % nó níos lú de mhéid díolachán iomlán an chineáil táirge i gceist le méid díolachán brabúsach an chineáil táirge sin: nó

(b) go bhfuil meánphraghas ualaithe an chineáil táirge sin faoi bhun chostas aonaid an táirgthe.

(228) Is é seo a leanas struchtúr oibríochtúil Ghrúpa GD: Is é GDA táirgeoir an táirge lena mbaineann i Meicsiceo, próiseálann sé na hamhábhair a sholáthraíonn HKGD, agus atá faoina úinéireacht, a choinníonn úinéireacht an táirge chríochnaithe agus a íocann táille phróiseála ('maquila') le GDA chun feadáin chopair a mhonarú. Díolann HKGD an táirge lena mbaineann ansin le GDC le haghaidh díolacháin ar an margadh intíre nó le GDUS le haghaidh díolacháin ar an margadh intíre agus díolacháin onnmhairiúcháin chuig an Aontas.

(229) Fuarthas amach in imscrúdú an Choimisiúin go raibh an fhaisnéis a chuir GD Group ar fáil chun costais táirgthe agus costais SGA na gcuideachtaí ábhartha a shuí neamhiomlán, míchruinn agus neamh-infhíoraithe, agus gur cuireadh isteach í go páirteach gan na sprioc-amanna a comhaontaíodh a chomhlíonadh. Go háirithe, sholáthair GD Group faisnéis neamhiomlán, mhíchruinn agus mhíthreorach, de réir bhrí Airteagal 18 den bhun-Rialachán, maidir leis na costais mhonaraíochta iomlána a shuí agus costais díola, riaracháin agus ghinearálta a leithdháileadh ar HKGD, GDUS agus GDA. Fuarthas amach in imscrúdú an Choimisiúin nár ionchorpraíodh na torthaí ón gcuairt fíorúcháin sa leagan críochnaitheach a chuir an chuideachta ar fáil maidir le costas táirgthe agus costais SGA. Bhí tionchar ábhartha aige sin ar na costais táirgthe agus ar chostais SGA. Dá bhrí sin, d'eisigh an Coimisiún litir Airteagal 18, an 7 Meán Fómhair 2026, maidir le neamh-chomhoibriú le haghaidh na bpointí sin ('litir Airteagal 18'). Ina dhiaidh sin, an freagra a fuarthas an 15 Meán Fómhair 2026, lean an Coimisiún ar aghaidh le bunú na gcostas lena n-ionchorpraítear na torthaí fíorúcháin agus lena ndéantar athbhreithniú ar an gcostas táirgthe agus ar chostais díola, riaracháin agus ghinearálta dá réir sin.

(230) Rinne GD Group trácht ar Airteagal 18 ina litir an 15 Meán Fómhair 2026, agus d'aontaigh sé nach raibh gach comhad oibre a tháirg GD Group le linn an imscrúdaithe cruinn, ós rud é go ndearnadh ceartúcháin le linn an fhíoraithe, gur cuireadh easaontais maidir le modheolaíocht leithdháilte agus comhaid maidir le costais táirgthe isteach tar éis an dáta a iarradh ag deireadh an fhíoraithe i Meicsiceo. Mar sin féin, cuireann GD Group ina aghaidh go bhfuil údar le hAirteagal 18 ós rud é gur thug sé an fhaisnéis uile is gá don Choimisiún, nár sholáthair sé faisnéis bhréagach nó gur chuir sé bac mór ar an imscrúdú. Chuir GD Group in iúl gur chomhoibrigh sé leis na cuairteanna fíorúcháin uile, fiú más rud é go raibh siad sin *'éilitheach ar bhealach neamhghnách'* agus go gcoinníonn sé GD Group i gcomhar go hiomlán. D'áitigh an chuideachta gurbh iad foirmlí, aicmithe, leaganacha éagsúla nó comhshó rátaí malairte ba chúis leis na difríochtaí agus gurbh iad *'ceisteanna sonracha maidir le haicmiú cuntasaíochta, modheolaíocht leithdháilte, rialú leaganacha agus míniú ar idirbhearta áirithe'* na saincheisteanna amháin a bhí fós gan réiteach.

(231) Ina theannta sin, dúirt GD Group nach bhfuil údar le cur i bhfeidhm beartaithe Airteagal 18 ós rud é go gceadaítear le hAirteagal 18(1) na fíorais atá ar fáil a úsáid ach nach riail é lena gceanglaítear go mbeidh gach comhad oibre saor ó earráid nó go mbeidh gach rogha leithdháilte i gcomhthráth le modheolaíocht tosaíochta an Choimisiúin.

(232) Ina theannta sin, faoin litir chéanna thuas, dúirt GD Group go luaitear in Airteagal 18(3) nár cheart neamhaird a thabhairt ar fhaisnéis nach bhfuil idéalach mar sin féin agus de réir Airteagal 18(4), go bhfuil coimirce nós imeachta thábhachtach ann, is é sin nach mór an páirtí a chur ar an eolas faoi na cúiseanna le diúltú d'fhaisnéis agus nach mór deis a thabhairt dó mínithe breise a thabhairt laistigh den teorainn ama shonraithe. Dúirt GD Group freisin go léiríonn painéil EDT agus rialacha EDT gur bealach iad na fíorais atá ar fáil chun fíorbhearnaí faisnéise a líonadh seachas pionós, agus déanann sé cur síos ar chomhar mar *'phróiseas dhá threo'* agus deacrachtaí praiticiúla á gcur san áireamh. D'áitigh GD Group nach dtugann ceartú agus easaontais mhodheolaíochta maidir le faisnéis faoi chostais mhonaraíochta agus leithdháileadh Thábla G (freagra ar an gceistneoir) údar le diúltú don fhaisnéis fhíoraithe ina hiomláine. De réir GD Group, ní mór don Choimisiún, ina ionad sin, faisnéis shonrach a líomhnaítear a bheith ar iarraidh nó neamh-inúsáidte a shainaithint agus ceist a chur an toradh réasúnta cruinn é is féidir a bhaint amach fós ón bhfaisnéis a sholáthraítear.

(233) Ar deireadh, luaigh GD Group nach bhfuil aon easpa shoiléir comhair ann toisc gur fhreagair sé litreacha easnaimh, ceistneoirí, gur eagraigh sé agus gur ghlac sé páirt i dtrí chuairt fíorúcháin ar thrí mhór-roinn, gur thug sé rochtain don fhoireann cáis ar na córais chuntasaíochta agus ar na doiciméid chuntasaíochta, gur athbhreithnigh sé na comhaid oibre, gur chuir sé pearsanra eolach Meicsiceach ar fáil go cianda le linn fhíorúchán GDUS, nár iarradh freastal fisiciúil orthu, de réir GD Group, ach go gairid roimh an gcuairt agus gur léirigh taifid an Choimisiúin gur seiceáladh gach roinn GDUS agus gur cuireadh an fíorúchán i gcrích in am. Dá bhrí sin, d'iarr GD Group ar an gCoimisiún gan Airteagal 18 a chur i bhfeidhm maidir leis an gcostas monaraíochta nó Tábla G. Ina ionad sin, iarrann GD Group go ndéanfaí aon choigeartú a theorannú do mhíreanna sonracha agus go ndéanfaí é, nuair is féidir, ar bhonn na faisnéise fíoraithe atá ar fáil cheana de réir Airteagal 18(3).

(234) Thug an Coimisiún dá aire gur deimhníodh san aighneacht ó Ghrúpa GD míchruinnis, faisnéis a bhí in easnamh agus nár soláthraíodh substaint nua, fíorais infhíoraithe ná argóintí nua. Ina theannta sin, thug an Coimisiún dá aire gur iarradh sna litreacha réamhfhíorúcháin a seoladh chuig GD Group, an 8 Meitheamh 2026, go mbeadh príomhbhaill foirne ar fáil ar ghearrfhógra, agus nár cuireadh an Coimisiún ar an eolas nach mbeadh baill foirne a bhfuil eolas acu ar fhreagairtí GDUS agus ar fhaisnéis faoi dhíolacháin an Aontais i láthair san áitreabh ach ag tús chuairt fíorúcháin GDUS. Go deimhin, d'áitigh GD Group go dtaistealódh a bpríomhbhaill foirne go GDUS le haghaidh na gcuairteanna fíorúcháin.

(235) Ina theannta sin, thug an Coimisiún dá aire go raibh roinnt easnamh a sainaithníodh sna ceistneoirí agus sna freagraí ar litreacha easnaimh ar iarradh iad a cheartú nó a chomhlánú roimh na cuairteanna fíorúcháin, ach d'ainneoin iarrataí a rinne an Coimisiún arís agus arís eile, ní dhearnadh iad sin a cheartú ná a chomhlánú ach go páirteach le linn na gcuairteanna fíorúcháin.

(236) Thug an Coimisiún dá aire freisin tuilleadh faisnéise agus soiléirithe a chuir GD Group ar fáil ina litir an 15 Meán Fómhair 2026. Mar sin féin, ní raibh sé in ann an fhaisnéis sin a fhíorú tar éis dheireadh na gcuairteanna fíorúcháin ar GDA, GDC, GDUS agus HKGD. Thairis sin, thug an Coimisiún dá aire, in aon chás, nach ndéanfadh an fhaisnéis bhreise a chuir GD Group ar fáil ná na hargóintí a cuireadh chun cinn difear do na conclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu in aithris (229) d'fhaisnéis neamhiomlán, mhíchruinn agus mhíthreorach chun na costais mhonaraíochta iomlána agus leithdháileadh costas díola, riaracháin agus ginearálta a shuí.

(237) Mar thoradh air sin, measann an Coimisiún go bhfuil forais leordhóthanacha ann chun fíorais atá ar fáil faoi Airteagal 18(1) a chur i bhfeidhm, mar a mhínítear i litir Airteagal 18 agus mar a achoimrítear in aithris (229). Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún na costais táirgthe agus costais SGA le haghaidh díolacháin intíre leis an gcéad chustaiméir neamhspleách a choigeartú agus a chomhlánú bunaithe ar na fíorais a bhí ar fáil ó chomhaid Ghrúpa GD agus ar fhaisnéis a bailíodh ó na cuairteanna fíorúcháin. Níor úsáideadh aon sonraí seachtracha mar fhíorais a bhí ar fáil. D'úsáid an Coimisiún na comhaid cheartaithe agus iomlána le haghaidh na tástála brabúsachta ar na díolacháin intíre.

(238) Tar éis na ceartúcháin uile is gá a dhéanamh mar a mhínítear thuas, léiríodh san anailís ar dhíolacháin intíre go raibh níos lú ná 80 % de na díolacháin intíre uile brabúsach agus go raibh an meánphraghas díola ualaithe níos airde ná an costas táirgthe. Dá réir sin, ríomhadh an gnáthluach mar mheán ualaithe na ndíolachán brabúsach, ach amháin i gcás cineál táirge amháin ina raibh níos mó ná 80 % de na díolacháin intíre uile brabúsach agus inar ríomhadh an gnáthluach mar mheán ualaithe phraghsanna na ndíolachán intíre uile le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

3.2.2. *An praghas onnmhairiúcháin*

(239) Mar a mhínítear in aithris (228), d'onnmhairigh an táirgeoir comhoibríoch, GDA, chuig an Aontas trí úsáid a bhaint as cuideachtaí comhlachaithe HKGD agus GDUS atá lonnaithe lasmuigh den Aontas.

(240) A mhéid a bhaineann le HKGD, rinneadh coigeartú maidir le coimisiún faoi Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán. maidir le húinéir agus céad díoltóir an táirge. Bhí HKGD ag díol an táirge lena mbaineann le GDUS, lena onnmhairiú chuig an Aontas, le marcáil suas. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún go raibh an trádálaí ag gníomhú mar ghníomhaire a bhí ag obair ar bhonn coimisiúin. I bhfianaise an chaidrimh idir an trádálaí agus an táirgeoir, shuigh an Coimisiún an méid le haghaidh coimisiúin bunaithe ar chostais SGA iarbhír an trádálaí ghaolmhair agus ar bhrabús barúlach 10 %.

(241) Maidir leis an mbrabús sin, san imeacht seo níor chomhoibrigh aon cheann de na hallmhaireoirí neamhghaolmhara. Níl aon sonraí ag an gCoimisiún ó thrádálaithe neamhchomhlachaithe a thrádálann an táirge céanna nó táirge comhchosúil leis an táirge faoi imscrúdú. Dá bhrí sin, chuaigh an Coimisiún i muinín an táirge is gaire is féidir don táirge lena mbaineann — táirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta ('SSCR'), a bhfuil sciar ard den ionchur miotail faoi seach mar shaintréith aige freisin. Dá bhrí sin, bhí an Coimisiún ag brath go sealadach ar an mbrabús a measadh a bheith réasúnta in imscrúdú aisíocaíochta a rinneadh le déanaí maidir le hallmhairí táirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta ([109]). San imscrúdú sin, bhí brabús na n-allmhaireoirí neamhghaolmhara idir 10 % agus 13 %, agus chinn an Coimisiún ceann íochtair an raoin sin a chur i bhfeidhm go coimeádach.

(242) A mhéid a bhaineann le GDUS, ós rud é gurbh é a bhí i bhfeidhm GDUS go príomha sonraisc a eisiúint agus ioncam a bhailiú gan coimisiún a fháil le haghaidh na n-athdhíolachán, measadh nár chomhlíon sé feidhmeanna atá cosúil le feidhmeanna gníomhaire de réir bhrí Airteagal 2 (10) (i).

(243) Ba é an praghas onnmhairiúcháin an praghas a íocadh iarbhír nó a bhí iníoctha le haghaidh an táirge lena mbaineann nuair a díoladh lena onnmhairiú leis an Aontas é, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

3.2.3. *Comparáid*

(244) Ceanglaítear le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán ar an gCoimisiún comparáid chóir a dhéanamh idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin ar an leibhéal céanna trádála agus difríochtaí i dtosca a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna a chur san áireamh. Sa chás atá idir lámha, roghnaigh an Coimisiún comparáid a dhéanamh idir gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin an táirgeora onnmhairiúcháin sampláilte ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha. Mar a mhínítear a thuilleadh thíos, i gcás inarb iomchuí, rinneadh an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú chun: (i) iad a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha; agus (ii) lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a maíodh agus a léiríodh go ndearna siad difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna.

3.2.3.1. Coigeartuithe a rinneadh ar an ngnáthluach

(245) Chun an gnáthluach a ghlanluacháil ar ais go dtí leibhéal na trádála díreach ón monarcha, rinneadh coigeartuithe mar gheall ar lasta agus costais árachais eile.

Cuireadh san áireamh na tosca seo a leanas a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna: costas creidmheasa agus pacáistiú.

3.2.4. *Coigeartuithe a rinneadh ar an bpraghas onnmhairiúcháin*

(246) Chun an praghas onnmhairiúcháin a ghlanluacháil ar ais go dtí leibhéal na trádála díreach ón monarcha, rinneadh coigeartuithe i leith na nithe seo a leanas: dleacht chustaim, muirir eile ar allmhairí, costais lasta, árachais, láimhseála, luchtaithe agus choimhdeacha, lena n-áirítear costais phacáistíochta agus cíosanna trádstórais.

(247) Cuireadh san áireamh na tosca seo a leanas a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna: costas creidmheasa agus pacáistiú.

3.2.5. *Corrlaigh dhumpála*

(248) Maidir leis an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch, rinne an Coimisiún comparáid idir meán-ghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe a bhaineann le cineál comhfhreagrach an táirge ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

(249) Is ard an leibhéal comhoibrithe atá ann sa chás seo ós rud é go raibh thart ar 100 % de mhéid iomlán na n-allmhairí chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gceist le honnmhairí an táirgeora onnmhairiúcháin comhoibríoch. Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún an corrlach dumpála a shuí le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha ar leibhéal chorrlach dumpála na cuideachta comhoibríche amháin.

([109]) Imscrúdú aisíocaíochta RF86-01: Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2026) 3105 ón gCoimisiún final an 20.5.2026 https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-history?caseId=2484#RF86-01.

(250) Ar an mbonn sin, is iad seo a leanas na meánchorrlaigh dhumpála ualaithe shealadacha arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorann an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach
GD Affiliates de RL de CV	32,2 %
Gach allmhaire eile de thionscnamh Mheicsiceo	32,2 %

3.3. **An Úisbéiceastáin**

3.3.1. *Nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(7) den bhun-Rialachán*

(251) I gcomhréir le hAirteagal 2(7) den bhun-Rialachán, ó tharla nach bhfuil an Úisbéiceastáin ina comhalta de EDT agus gur liostaítear í in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/755, ní mór an gnáthluach a chinneadh ar bhonn an phraghais nó luacha ríofa i dtír ionadaíoch iomchuí.

(252) De réir Airteagal 2(7) den bhun-Rialachán, beidh roghnú na tíre ionadaíche iomchuí bunaithe ar a) comhar idir onnmhaireoir agus táirgeoir amháin ar a laghad den táirge atá faoi imscrúdú sa tír sin; b) i gcás inarb iomchuí, úsáidfear tír ionadaíoch iomchuí atá faoi réir an imscrúdaithe chéanna; c) i gcás ina bhfuil níos mó ná rogha amháin ann i ndáil le tír ionadaíoch, tabharfar tús áite, i gcás inarb iomchuí, do thíortha inar leordhóthanach leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil atá iontu.

(253) Dá réir sin, d'fhéach an Coimisiún leis na tíortha uile a shainaithint ina raibh onnmhaireoir agus táirgeoir amháin ar a laghad den táirge faoi imscrúdú toilteanach comhoibriú leis an imscrúdú chun measúnú a dhéanamh orthu ina dhiaidh sin.

Rogha tíre ionadaíche

(254) I bpointe 5.3.3 den fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara uile tír ionadaíoch iomchuí nó tíortha ionadaíocha iomchuí a mholadh chun Airteagal 2(7) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm agus chun céannacht tháirgeoirí an táirge faoi imscrúdú sna tíortha sin a sholáthar. D'iarr an Coimisiún freisin ar na táirgeoirí onnmhairiúcháin uile atá faoi réir an imscrúdaithe i Vítneam agus i Meicsiceo a dtoilteanas comhoibriú i ríomh an ghnáthluacha don Úisbéiceastáin a chur in iúl. Dhá chuideachta; Thug Jintian i Vítneam agus GDA i Meicsiceo freagra dearfach.

(255) An 27 Aibreán 2026, chuaigh an Coimisiún i dteagmháil le gach táirgeoir aitheanta eile in aon tír ionadaíoch fhéideartha, cé is moite den tSín ([110]). Mar gheall ar an bhfianaise a cuireadh isteach sa ghearán lena léirítear go bhféadfadh táirgeoirí feadán copair de chuid na Síne a bheith faoi réir saobhadh mór de réir bhrí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, ní dheachthas i dteagmháil le táirgeoirí sa tSín ar dtús, dá bhrí sin, chuir an Coimisiún a mheasúnú siar go dtí go mbeadh toradh ar an imscrúdú maidir le saobhadh den sórt sin a bheith ann.

(256) D'fhreagair táirgeoir amháin atá lonnaithe sa Tuirc, Ulusoy Bakır ve Metal A.S, go dearfach, cosúil leis an dá tháirgeoir i Vítneam agus i Meicsiceo a chuir in iúl cheana go raibh siad toilteanach comhoibriú i ríomh an ghnáthluacha san Úisbéiceastáin. Ina dhiaidh sin, tháinig táirgeoir atá lonnaithe i Stáit Aontaithe Mheiriceá, Wieland Copper Products LLC ('Wieland US') chun cinn agus ghlac sé le comhoibriú.

(257) Ar dtús, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas le Nóta a ghabhann leis an gcomhad an 20 Bealtaine 2026 go raibh sé beartaithe aige an táirgeoir atá lonnaithe sa Tuirc a úsáid mar fhoinse faisnéise chun an gnáthluach a chinneadh, agus d'iarr sé ar na páirtithe a mbarúil a thabhairt.

([110]) Teachtaireacht an 27 Aibreán 2026, uimhir sábhála: t26.003023 agus nóta a ghabhann leis an gcomhad an 8 Bealtaine 2026, uimhir sábhála t26.003356.

(258) Thairis sin, thug an Coimisiún dá aire go bhfuil baint ag Jintian Vietnam agus GDA araon le táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne faoin imscrúdú seo, agus go raibh imthosca áirithe ann a bhain le struchtúr corparáideach agus sreafaí díolacháin agus soláthair Jintian Vietnam agus GDA a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do ghnáthluach an táirge faoi imscrúdú mar a chinntear faoi Airteagal 2(7) den bhun-Rialachán.

(259) Mar sin féin, cé gur chuir an táirgeoir Turcach freagra isteach ar an gceistneoir frithdhumpála ar dtús, fuarthas go raibh an fhaisnéis a soláthraíodh easnamhach agus nach raibh na sonraí ba ghá inti chun go bhféadfaí gnáthluach a ríomh. Ina dhiaidh sin, sheol an Coimisiún litir easnaimh chuig an gcuideachta Thurcach inar iarradh an fhaisnéis a bhí in easnamh. Ós rud é gur theip ar an gcuideachta freagra a thabhairt laistigh den sprioc-am sonraithe agus gur stop sé den chomhoibriú, bhí ar an gCoimisiún an táirgeoir sin a bhaint de liosta na dtáirgeoirí ionadaíocha féideartha.

(260) Ar an taobh eile, chuir Wieland US freagra ar an gceistneoir isteach ina raibh na sonraí ba ghá chun go bhféadfaí gnáthluach a ríomh. Is táirgeoir feadán copair é Wieland US atá dírithe go príomha ar a mhargadh intíre, agus tá a acmhainneacht táirgeachta sa raon céanna le táirgeoirí na hÚisbéiceastáine, le struchtúr agus próiseas táirgthe cosúil le táirgeoirí na hÚisbéiceastáine. Mar thoradh air sin, an 8 Meán Fómhair 2026, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas, via nóta chuig an gcomhad, go raibh an táirgeoir atá lonnaithe i Stáit Aontaithe Mheiriceá beartaithe mar tháirgeoir ionadaíoch, tar éis an chuideachta Thurcach a bhaint, agus d'iarr sé ar na páirtithe a mbarúlacha a thabhairt ([111]).

(261) Le linn an imscrúdaithe, dheimhnigh an Coimisiún gur ann do dhleachtanna onnmhairiúcháin ar ábhair chopair idir 10 % agus 22 % i Vítneam. Mar sin féin, i bhfianaise a shuímh i gcrios próiseála onnmhairiúcháin, ar crios gan dleacht é i ndáiríre, níl Jintian Vietnam faoi réir na gcánacha sin, agus níor tugadh neamhaird air mar fhoinse ionadaíoch faisnéise ar an gcuntas sin. Mar sin féin, tugadh le fios go soiléir le bunú agus oibriú na cuideachta sa chrios eacnamaíoch speisialta sin le haghaidh fiontair phróiseála onnmhairiúcháin go raibh an chuideachta dírithe ar onnmhairiú den chuid is mó, rud a chomhfhreagraíonn do dhíolacháin intíre an-teoranta. Ina theannta sin, oibríonn sí faoi shraith chasta ceannachán agus athdhíolachán inghrúpa, atá an-difriúil leis na hoibríochtaí ceannaigh agus díola dhírigh a dhéanann táirgeoirí na hÚisbéiceastáine agus Wieland US. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún nach raibh Jintian Vietnam ina fhoinse faisnéise iomchuí chun an gnáthluach a chinneadh.

(262) Ar deireadh, i bhfianaise chur i bhfeidhm na bhfíoras atá ar fáil chun gnáthluach tháirgeoir onnmhairiúcháin Mheicsiceo GDA a chinneadh, mar a chuirtear i dtábhacht in aithrisí (228) go (237) thuas, ní fhéadfaí GDA a úsáid mar rogha réasúnta chun an gnáthluach a chinneadh.

(263) Dheimhnigh an Coimisiún mar sin ag an gcéim shealadach gurbh é Wieland US an táirgeoir ionadaíoch ab iomchuí.

Barúlacha maidir le rogha an táirgeora ionadaíoch

(264) Tráth an tionscnaimh, d'áitigh ICG Infinity Copper Group LLC, Angren Pipe Plant LLC, agus JV Sharq Tubes LLC ('táirgeoirí na hÚisbéiceastáine') gur cheart don Choimisiún, dar leo, an India nó Vítneam a roghnú mar thír ionadaíoch, i bhfianaise a chosúla atá a dtionscail feadán copair le tionscail na hÚisbéiceastáine, agus i bhfianaise a n-aicmithe forbartha eacnamaíche chomhchosúil ([112]) ([113]). Chuige sin, d'áitigh táirgeoirí na hÚisbéiceastáine gur cheart inchomparáideacht eacnamaíoch a chur san áireamh maidir le rogha na tíre ionadaíche i bhfianaise a héifeachta ar chostas agus ar struchtúr an táirgthe, agus a hábharthachta faoi Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, a fhónann don chuspóir céanna le hAirteagal 2(7); is é sin, an gnáthluach a ríomh bunaithe ar phraghsanna ionadaíocha ó thríú tír. Thairis sin, thug táirgeoirí na hÚisbéiceastáine na barúlacha seo a leanas:

(a) Níor cheart Vítneam a mheas mar thír ionadaíoch ach amháin murar tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh saobhadh amhábhair ann a d'fhág go raibh costais agus praghsanna neamhiontaofa;

(b) sainaithníodh táirgeoir feadán copair san India a d'fhéadfadh a bheith toilteanach comhoibriú san imscrúdú;

([111]) Nóta a ghabhann leis an gcomhad an 8 Meán Fómhair 2026, T26.007340.
([112]) t26.002008.
([113]) Grúpa an Bhainc Dhomhanda, Meánioncam Íochtarach, https://data.worldbank.org/country/lower-middle-income.

(c) Níor cheart Meicsiceo a roghnú ach amháin má chinneann an Coimisiún gurb ann do staid mhargaidh ar leith i Vítneam agus nach bhfuil aon táirgeoir ón India ar fáil. I ndáil leis sin, d'áitigh táirgeoirí na hÚisbéiceastáine gur fhág acmhainneacht mhór táirgeachta agus struchtúr idirnáisiúnta GD Mexico, arbh é an t-aon táirgeoir i Meicsiceo é ag an gcéim seo a sainaithníodh, agus leibhéal níos airde forbartha eacnamaíche na tíre ([114]) , gur sholáthair Meicsiceo an chomparáid is lú ab fhéidir idir na roghanna uile.

(265) Tar éis réamhroghnú na Tuirce mar thír ionadaíoch ([115]), agus tar éis an fhógra ó Wieland US go raibh an chuideachta toilteanach comhoibriú san imscrúdú, chuir an gearánach barúlacha isteach agus d'áitigh sé gur cheart na Stáit Aontaithe a roghnú mar thír ionadaíoch iomchuí in ionad na Tuirce mar gheall ar;

(a) Iomaíocht inmheánach láidir i margadh na bhfeadán copair intíre sna Stáit Aontaithe, lena socraítear praghsanna de réir ghnáthfhórsaí an mhargaidh d'ainneoin dleachtanna allmhairiúcháin ar fheadáin chopair a bheith ann.

(b) Tacaíocht mhór stáit do thionscail na miotalóireachta sa Tuirc, arb é is aidhm di táirgeadh agus onnmhairí intíre a chosaint.

(c) Brú praghsanna seachtrach a cuireadh ar tháirgeoirí an táirge lena mbaineann sa Tuirc mar gheall ar allmhairí feadán copair ar phraghas íseal ón tSín, ó Vítneam agus ón Úisbéiceastáin, rud a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do struchtúr costais agus brabúsachta tháirgeoir comhoibríoch na Tuirce.

(d) Leibhéal níos airde cobhsaíochta eacnamaíche agus cosanta comhshaoil agus sóisialta na Stát Aontaithe i gcomparáid leis an Tuirc.

(266) Chuir táirgeoirí na hÚisbéiceastáine in aghaidh argóintí na ngearánach ([116]) go raibh leibhéal níos airde cosanta sóisialta agus comhshaoil ag na Stáit Aontaithe bunaithe ar a rannpháirtíocht agus a dhaingniú ar choinbhinsiúin EIS agus ar mhór-chomhaontuithe comhshaoil, agus thug siad dá n-aire gur cheart tosaíocht a thabhairt do tháirgeoirí onnmhairiúcháin i dtíortha atá faoi réir an imscrúdaithe, agus d'áitigh siad freisin gur dhiúltaigh an Coimisiún i gcásanna le déanaí d'agóidí bunaithe ar bhoilsciú a rinneadh in aghaidh rogha na Tuirce mar thír ionadaíoch. Ina theannta sin, d'áitigh táirgeoirí na hÚisbéiceastáine gur chinn Cúirteanna an Aontais, san am a caitheadh ([117]), nach mór do na hinstitiúidí tríú tír a lorg ina gcruthaítear praghsanna don táirge comhchosúil in imthosca atá chomh cosúil agus is féidir leo siúd sa tír is onnmhaireoir, agus ina dhiaidh sin comparáid a dhéanamh idir measúnú an Choimisiúin ar struchtúr táirgthe GDA agus Wieland US. De réir tháirgeoirí na hÚisbéiceastáine, ba cheart neamhaird a thabhairt ar Wieland mar fhoinse ionadaíoch faisnéise toisc go bhfuil a struchtúr táirgthe ('il-láithreán, grúpa ilnáisiúnta atá comhtháite go hingearach' ina bhfuil ceannaigh inghrúpa) agus a struchtúr costais (atá ag brath ar chopar athchúrsáilte agus ar fhuíoll copair) éagsúil go hábhartha le struchtúr táirgthe agus costais tháirgeoirí na hÚisbéiceastáine.

(267) Ina theannta sin, mhol táirgeoirí na hÚisbéiceastáine go bhféadfadh Wieland US tairbhiú de thacaíocht phoiblí shubstaintiúil agus liostaigh siad roinnt oibríochtaí de chuid an ghrúpa chorparáidigh a roghnaíodh le haghaidh tacaíocht chónaidhme nó pacáistí dreasachta. Thairis sin, d'áitigh táirgeoirí na hÚisbéiceastáine go bhféadfadh tabhairt isteach taraife 50 % ar allmhairí táirgí copair leathchríochnaithe ([118]) ([119]) i mí Lúnasa 2025 difear a dhéanamh do chostais agus do bhrabúis araon, rud a shaobhann go héifeachtach an gnáthluach arna ríomh ar bhonn shonraí Wieland, d'ainneoin mhaímh an ghearánaigh go n-oibríonn táirgeoirí SAM i margadh intíre iomaíoch. Ar deireadh, chuir táirgeoirí na hÚisbéiceastáine barúlacha isteach maidir le roghnú Wieland US mar fhoinse faisnéise chun an gnáthluach a chinneadh. Mar sin féin, ós rud é nár cuireadh na barúlacha sin isteach ach 3 seachtaine roimh an sprioc-am dlíthiúil le haghaidh réamhnochta, agus tar éis an sprioc-ama le haghaidh barúlacha a leagtar síos sa dara nóta maidir leis na foinsí don ghnáthluach san Úisbéiceastáin ([120]), ní raibh an Coimisiún in ann aghaidh a thabhairt orthu ag an gcéim seo den imscrúdú.

([114]) Grúpa an Bhainc Dhomhanda, Meánioncam Uachtarach, https://data.worldbank.org/country/upper-middle-income.
([115]) t26.003907.
([116]) t26.004103.
([117]) Cás C-338/10, Grünwald Logistik Service GmbH (GLS) v Hauptzollamt Hamburg-Stadt., ECLI:EU:C:2012:158, míreanna 20-22; Cás C-687/13, Fliesen-Zentrum Deutschland GmbH v Hauptzollamt Regensburg, ECLI:EU:C:2015:573, mír 49.
([118]) Bileog Eolais: An tUachtarán Donald J. Trump ag gníomhú chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt ar an tslándáil náisiúnta ó allmhairí copair — an Teach Bán.
([119]) Tá feidhm ag na 'taraifí copair 232', mar a thugtar orthu, maidir le hallmhairí táirgí copair leathchríochnaithe, amhail píopaí copair, sreanga, slata, leatháin, feadáin, feistis píopaí, cáblaí, nascóirí agus comhpháirteanna leictreacha. Níl feidhm acu maidir le hábhair ionchuir amhail mianta copair, tiúcháin, maití, catóidí agus anóidí.
([120]) Nóta a ghabhann leis an gcomhad an 8 Meán Fómhair 2026 (a cuireadh ar fáil sa cháschomhad an 9 Meán Fómhair 2026) (t26.007340) ina n-iarrtar ar pháirtithe barúlacha a chur isteach laistigh de 10 lá ón dáta a chuirtear an nóta ar fáil sa cháschomhad oscailte. Cuir táirgeoirí na hÚisbéiceastáine a bhfreagra isteach an 21 Meán Fómhair 2026, tar éis na 10 lá a suíodh.

(268) Dhiúltaigh an Coimisiún do gach maíomh maidir le roghnú na Tuirce mar thír ionadaíoch iomchuí, ós rud é, mar a mhínítear in aithris (261), nár chuir an t-aon chuideachta chomhoibríoch sa tír, an fhaisnéis is gá ar fáil chun an gnáthluach a ríomh.

(269) Maidir leis an maíomh go dtairbhíonn Wieland US de bhealaí ceannaigh inghrúpa, mhínigh an Coimisiún nár ceannaíodh ach méid teoranta amhábhar (faoi bhun 20 %) ó sholáthróirí gaolmhara, agus gur ar éigean a aimsíodh aon difríocht sa phraghas idir amhábhair a ceannaíodh ó sholáthróirí neamhghaolmhara agus ó sholáthróirí gaolmhara. I gcomparáid leis sin, fuarthas 100 % de cheannacháin amhábhar ag Jintian Vietnam trí sholáthróirí gaolmhara. Dá bhrí sin, dá nglacfadh an Coimisiún an seasamh gur leor tairbhe a bhaint as bealaí ceannaigh inghrúpa chun roghnú cuideachta mar tháirgeoir ionadaíoch a dhéanamh míchuí, ba cheart Jintian Vietnam a mheas mar an rogha is lú ionadaíocht.

(270) Mar a thug an Coimisiún dá aire sa dara nóta a ghabhann leis an gcomhad maidir le rogha na tíre ionadaíche, bhí struchtúr agus próiseas táirgthe Wieland cosúil le táirgeoirí na hÚisbéiceastáine. A mhéid a bhaineann leis an bpróiseas táirgthe agus díolacháin intíre, feidhmíonn Wieland US mar chuideachta neamhspleách ina mhargadh intíre; agus formhór a amhábhar á gceannach go neamhspleách agus ó sholáthróirí neamhghaolmhara agus a díolacháin intíre á ndéanamh go heisiach ag an gcuideachta le custaiméirí neamhghaolmhara. Chuige sin, d'athdhearbhaigh an Coimisiún a thorthaí maidir le haithris (267) nach raibh struchtúr díolacháin agus táirgthe an táirgeora Vítneamaigh, a bhí lonnaithe i gcrios próiseála onnmhairiúcháin agus a bhí dírithe ó bunaíodh é i dtreo an mhargaidh onnmhairiúcháin, chomh hionadaíoch céanna ar staid dhíolacháin intíre tháirgeoirí na hÚisbéiceastáine agus a bhí struchtúr díolacháin agus táirgthe Wieland US. Go deimhin, bhí níos lú ná 3 % de dhíolacháin Jintian le linn na tréimhse imscrúdúcháin leis an margadh intíre, rud a thugann le fios go raibh na díolacháin sin coimhdeach leis an gcuideachta agus go ndearna siad difear don mheasúnú ionadaíochais i ríomh an ghnáthluacha, cé gur ghlac díolacháin intíre sciar suntasach de dhíolacháin iomlána tháirgeoirí na hÚisbéiceastáine, rud a sháraigh 15 % ar an iomlán. Rinne an difríocht sin difear d'ionadaíocht na ndíolachán intíre a úsáideadh chun an gnáthluach a chinneadh, toisc nach raibh díolacháin intíre ag Jintian de roinnt cineálacha táirgí arna n-onnmhairiú ag táirgeoirí na hÚisbéiceastáine agus rinne Wieland US amhlaidh.

(271) Mheabhraigh an Coimisiún do tháirgeoirí na hÚisbéiceastáine nach bhfuil an ceanglas maidir le leibhéal comhchosúil forbartha eacnamaíche sa tír ionadaíoch iomchuí atá beartaithe faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán ar aon dul le hAirteagal 2(7), faoina gcinntear an gnáthluach le haghaidh allmhairí de thionscnamh tíortha nach comhaltaí de EDT iad. Eascraíonn na forálacha chun an gnáthluach a chinneadh as an reachtaíocht is infheidhme, agus ní as tátal a cuspóirí airbheartaithe, dá réir sin, tá an t-éileamh gan fiúntas.

(272) Maidir leis na beartais atá i bhfeidhm sna Stáit Aontaithe agus i Vítneam, chuir an Coimisiún in iúl do tháirgeoirí na hÚisbéiceastáine go ndearna sé scrúdú ar chostais táirgthe agus ar phraghsáil díolacháin intíre Jintian Vietnam agus Wieland US araon chun na héifeachtaí saofa a d'fhéadfadh a bheith ag na beartais sin i ngach tír a shainaithint, agus nár aimsigh sé fianaise lena léirítear, sna cásanna atá idir lámha, nach raibh costais agus praghsanna ceachtar cuideachta mar thoradh ar ghnáthoibríochtaí margaidh.

(273) Maidir leis an oibleagáid tír ionadaíoch iomchuí a roghnú atá faoi réir an imscrúdaithe chéanna faoi Airteagal 2(7) den bhun-Rialachán, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil an ceanglas sin ag brath ar oiriúnacht na dtíortha ionadaíocha iomchuí a d'fhéadfadh a bheith ann. Sa chás sin, agus mar a mhínítear in aithrisí (267) agus (276) go (278), murab ionann agus Vítneam, fuarthas amach gur tír ionadaíoch iomchuí iad na Stáit Aontaithe.

(274) Dá bhrí sin, roghnaigh an Coimisiún na Stáit Aontaithe mar an tír ionadaíoch is iomchuí de réir bhrí Airteagal 2(7) den bhun-Rialachán.

3.3.2. *Gnáthluach (tír ionadaíoch)*

(275) Suíodh an gnáthluach, de bhun Airteagal 2(7) den bhun-Rialachán, ar bhonn an fhreagra ar an gceistneoir a chuir Wieland US isteach.

(276) Ar an gcéad dul síos, scrúdaigh an Coimisiún an raibh méid iomlán díolachán intíre an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhspleácha i Stáit Aontaithe Mheiriceá ionadaíoch, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Chuige sin, cuireadh méid iomlán na ndíolachán intíre i gcomparáid le méid iomlán an táirge lena mbaineann a d'onnmhairigh táirgeoirí onnmhairiúcháin na hÚisbéiceastáine chuig an Aontas. Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún gur díoladh an táirge comhchosúil i gcainníochtaí ionadaíocha ar mhargadh Stáit Aontaithe Mheiriceá. Ar an dara dul síos, shainaithin an Coimisiún na cineálacha táirgí a dhíol an táirgeoir sa tír ionadaíoch ar bhonn intíre agus a bhí comhionann nó inchomparáide go díreach leis na cineálacha a dhíol táirgeoirí onnmhairiúcháin na hÚisbéiceastáine lena n-onnmhairiú chuig an Aontas. Rinne sé comparáid ar bhonn cineál táirge idir an méid díolachán i SAM agus na honnmhairí ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin na hÚisbéiceastáine chuig an Aontas. Léiríodh sa chomparáid sin gur díoladh gach cineál táirge seachas cineál amháin i gcainníochtaí ionadaíocha sna Stáit Aontaithe.

(277) Ina dhiaidh sin, rinne an Coimisiún scrúdú le haghaidh tháirgeoir na tíre ionadaíche féachaint an bhféadfaí a mheas go bhfuil gach cineál táirge chomhchosúil a dhíoltar ar bhonn intíre á dhíol sa ghnáthchúrsa trádála de bhun Airteagal 2(4) den bhun-Rialachán. Rinneadh é sin tríd an gcion de dhíolacháin bhrabúsacha le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre le linn na tréimhse imscrúdúcháin a shuí le haghaidh gach cineáil táirge. Cinneadh costas táirgthe gach cineáil táirge a tháirg táirgeoir SAM le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Measadh go raibh na hidirbhearta díolachán brabúsach i gcás ina raibh an praghas aonaid cothrom leis an gcostas táirgthe nó os a chionn.

(278) I gcás inarb ionann méid díolachán cineáil táirge, arna dhíol ar ghlanphraghas díola a bhí comhionann leis an gcostas táirgthe arna ríomh nó níos mó ná sin, agus níos mó ná 80 % de mhéid díolachán iomlán an chineáil sin, agus i gcás ina raibh meánphraghas díola ualaithe an chineáil sin cothrom leis an gcostas táirgthe nó níos mó ná sin, bhí an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas intíre iarbhír. Ríomhadh an praghas sin mar mheán ualaithe phraghsanna na ndíolachán intíre uile den chineál sin a rinneadh le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Maidir le gach cineál táirge arna dhíol ag táirgeoir na tíre ionadaíche, b'ionann méid na ndíolachán brabúsach de chineál táirge agus 80 % nó níos mó de mhéid iomlán na ndíolachán den chineál sin.

(279) I gcás an chineáil táirge a onnmhairíodh ón Úisbéiceastáin chuig an Aontas agus nár díoladh i SAM, ós rud é nach raibh an Coimisiún in ann sonraí malartacha a aimsiú ar leibhéal leordhóthanach mionsonraithe do phraghsanna an chineáil táirge atá i gceist ar mhargadh intíre SAM, ríomhadh an gnáthluach ar bhonn an chineáil táirge is cosúla a raibh díolacháin ina leith i SAM. I gcás gach cineáil táirge eile, bhí an gnáthluach bunaithe ar phraghas intíre iarbhír an táirgeora chomhoibríoch i Stáit Aontaithe Mheiriceá.

3.3.3. *An praghas onnmhairiúcháin*

(280) D'onnmhairigh na trí tháirgeoir chomhoibríocha chuig an Aontas go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha. Ba é an praghas onnmhairiúcháin an praghas a íocadh iarbhír nó a bhí iníoctha le haghaidh an táirge lena mbaineann nuair a díoladh lena onnmhairiú leis an Aontas é, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

3.3.4. *Comparáid*

(281) Ceanglaítear le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán ar an gCoimisiún comparáid chóir a dhéanamh idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin ar an leibhéal céanna trádála agus difríochtaí i dtosca a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna a chur san áireamh. Sa chás atá idir lámha, roghnaigh an Coimisiún comparáid a dhéanamh idir gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin an táirgeora onnmhairiúcháin sampláilte ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha. Mar a mhínítear a thuilleadh thíos, i gcás inarb iomchuí, rinneadh an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú chun: (i) iad a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha; agus (ii) lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a maíodh agus a léiríodh go ndearna siad difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna.

3.3.4.1. Coigeartuithe a rinneadh ar an ngnáthluach

(282) Chun an gnáthluach a ghlanluacháil ar ais go dtí leibhéal na trádála díreach ón monarcha, rinneadh coigeartú mar gheall ar chostais phacála.

3.3.5. *Coigeartuithe a rinneadh ar an bpraghas onnmhairiúcháin*

(283) Chun an praghas onnmhairiúcháin a ghlanluacháil ar ais go dtí leibhéal na trádála díreach ón monarcha, rinneadh coigeartuithe mar gheall ar chostais lasta agus costais onnmhairiúcháin eile, amhail árachas, deimhnithe tionscnaimh agus táillí dearbhaithe onnmhairiúcháin.

(284) Cuireadh san áireamh na tosca a dhéanann difear do phraghsanna agus dá n-inchomparáideacht maidir le costais chreidmheasa agus muirir bhainc.

3.3.6. *Corrlaigh dhumpála*

(285) Maidir leis na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta, rinne an Coimisiún comparáid idir meán-ghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe a bhaineann le cineál comhfhreagrach an táirge ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán. Is ard an leibhéal comhoibrithe atá ann sa chás seo toisc gur chomhoibrigh onnmhaireoirí aitheanta uile an táirge lena mbaineann san Úisbéiceastáin san imscrúdú. Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún an corrlach dumpála a shocrú le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha ar leibhéal na cuideachta comhoibríche agus a bhfuil an corrlach dumpála is airde aici;

(286) Is iad seo a leanas na corrlaigh dhumpála shealadacha, arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach
ICG Infinity Copper Group LLC agus a tháirgeoir comhlachaithe Metal Processing Technology LLC	36,8 %
Angren Pipe Plant LLC	31,1 %
JV Sharq Tubes LLC	36,2 %
Gach allmhaire eile de thionscnamh na hÚisbéiceastáine	36,8 %

3.4. **Vítneam**

3.4.1. *An Gnáthluach*

(287) Rinne an Coimisiún scrúdú ar dtús chun a fháil amach an méid ionadaíoch a bhí i méid iomlán na ndíolachán intíre i gcás gach táirgeora onnmhairiúcháin comhoibríoch a sampláladh, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Ar an mbonn sin, bhí na díolacháin iomlána a rinne gach táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte an táirge chomhchosúil ar an margadh intíre ionadaíoch.

(288) Ina dhiaidh sin, shainaithin an Coimisiún na cineálacha táirgí a díoladh ar bhonn intíre agus a bhí comhionann nó inchomparáide leis na cineálacha táirgí a díoladh lena n-onnmhairiú leis an Aontas i gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a raibh díolacháin intíre ionadaíocha acu.

(289) Rinne an Coimisiún scrúdú ansin lena fháil amach an méid ionadaíoch a bhí sna díolacháin intíre a rinne gach táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch ar a mhargadh intíre i gcás gach cineáil táirge atá comhionann nó inchomparáide le cineál táirge a díoladh lena onnmhairiú leis an Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Shuigh an Coimisiún nár díoladh roinnt cineálacha táirgí ar chainníochtaí ionadaíocha.

(290) Ina dhiaidh sin, shainigh an Coimisiún an cion de dhíolacháin bhrabúsacha le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre i gcás gach cineáil táirge le linn na tréimhse imscrúdúcháin chun a chinneadh ar cheart díolacháin intíre iarbhír a úsáid chun an gnáthluach a ríomh, i gcomhréir le hAirteagal 2(4) den bhun-Rialachán.

(291) Léiríodh san anailís ar dhíolacháin intíre go raibh níos mó ná 96 % de na díolacháin intíre uile brabúsach i gcás an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin agus go raibh an meánphraghas díola ualaithe níos airde ná an costas táirgthe. Dá réir sin, ríomhadh an gnáthluach le haghaidh fhormhór na n-idirbheart mar mheán ualaithe phraghsanna na ndíolachán intíre uile le linn na tréimhse imscrúdúcháin, sin agus le haghaidh cuid eile mar mheán ualaithe na ndíolachán brabúsach amháin.

(292) I gcás na gcineálacha táirgí nárbh fhéidir díolacháin bhrabúsacha a shuí ina leith, ríomh an Coimisiún an gnáthluach. I gcásanna eile nár díoladh cineál táirge an táirge chomhchosúil sa ghnáthchúrsa trádála, lorg an Coimisiún foinsí malartacha le haghaidh praghsanna sa ghnáthchúrsa trádála. Ós rud é nach raibh aon díolachán intíre ag táirgeoirí sampláilte eile nó nárbh fhéidir praghas díola intíre táirgeoirí sampláilte eile don chineál táirge sin a nochtadh ar bhealach fóinteach gan rúndacht an táirgeora sin a shárú, agus nach raibh aon fhoinse eile praghsanna le haghaidh na gcineálacha áirithe táirgí ar fáil, ríomh an Coimisiún an gnáthluach le haghaidh na gcineálacha táirgí ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 2(3) agus (6) den bhun-Rialachán.

(293) Ríomhadh an gnáthluach tríd an méid seo a leanas a chur leis an meánchostas táirgthe a bhain le táirge comhchosúil na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte le linn na tréimhse imscrúdúcháin:

(a) na meánchostais díola, ghinearálta agus riaracháin ('SGA') ualaithe a thabhaigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte ar dhíolacháin intíre an táirge chomhchosúil, sa ghnáthchúrsa trádála, le linn na tréimhse imscrúdúcháin; agus

(b) an meánbhrabús ualaithe a rinne na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte ar dhíolacháin intíre an táirge chomhchosúil, sa ghnáthchúrsa trádála, le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(294) Maidir le cineáil táirge amháin nár díoladh i gcainníochtaí ionadaíocha ar an margadh intíre, rinneadh meánchostais SGA agus brabús na n-idirbheart a rinneadh sa ghnáthchúrsa trádála i gcás na gcineálacha sin a chur san áireamh. Maidir le cineálacha táirge nár díoladh ar chor ar bith ar an margadh intíre, rinneadh meánchostais ualaithe SGA agus brabús na n-idirbheart a rinneadh sa ghnáthchúrsa trádála i gcás na gcineálacha sin a chur san áireamh.

3.4.2. *An praghas onnmhairiúcháin*

(295) D'onnmhairigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte chuig an Aontas go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha, trí thrádálaithe gaolmhara atá lonnaithe lasmuigh den Aontas nó trí thrádálaithe gaolmhara san Aontas a bhí ag gníomhú mar allmhaireoirí.

(296) I gcás onnmhairí an táirge lena mbaineann a díoladh go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha san Aontas, ba é an praghas onnmhairiúcháin an praghas a íocadh iarbhír nó a bhí iníoctha le haghaidh an táirge lena mbaineann nuair a díoladh é lena onnmhairiú leis an Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

(297) I gcás onnmhairí an táirge lena mbaineann chuig an Aontas trí chuideachtaí comhlachaithe atá lonnaithe san Aontas agus atá ag gníomhú mar allmhaireoirí, suíodh an praghas onnmhairiúcháin ar bhonn an phraghais ar ar athdhíoladh an táirge allmhairithe den chéad uair le custaiméirí neamhspleácha san Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán. Sa chás sin, rinneadh coigeartuithe ar an bpraghas le haghaidh na gcostas uile a tabhaíodh idir allmhairiú agus athdhíol, lena n-áirítear costais díola, riaracháin agus ghinearálta, agus cuireadh corrlach brabúis réasúnta leis, a suíodh ar bhonn imscrúdú aisíocaíochta a rinneadh le déanaí ar SSCR (i.e. 10 %).

(298) Rinne allmhaireoir gaolmhar amháin san Aontas tuilleadh próiseála ar an táirge faoi imscrúdú sular dhíol sé ar mhargadh an Aontais é. Ós rud é nach raibh na cineálacha táirgí atá á ndíol ag an gcuideachta phróiseála mar an gcéanna leo siúd atá á n-allmhairiú isteach san Aontas, agus i bhfianaise a chasta atá sé an praghas onnmhairiúcháin a chinneadh ar leibhéal an phraghais díreach ón monarcha don táirge arna allmhairiú, mheas an Coimisiún go raibh gá le faisnéis bhreise chun an corrlach dumpála a ríomh le haghaidh na n-idirbheart sin. Dá réir sin, chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leis an gcuideachta próiseála agus d'iarr sé an fhaisnéis sin. I bhfianaise uainiú an imscrúdaithe, níorbh fhéidir an fhaisnéis a bhailiú sular ceanglaíodh an corrlach díobhála sealadach a chinneadh. Dá réir sin, chinn an Coimisiún go ndéanfaí measúnú ar na díolacháin sin ag céim níos déanaí, nuair a bheadh an fhaisnéis uile ba ghá ar fáil.

3.4.3. *Comparáid*

(299) Ceanglaítear le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán ar an gCoimisiún comparáid chóir a dhéanamh idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin ar an leibhéal céanna trádála agus difríochtaí i dtosca a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna a chur san áireamh. Sa chás atá idir lámha, roghnaigh an Coimisiún comparáid a dhéanamh idir gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha. Mar a mhínítear a thuilleadh thíos, i gcás inarb iomchuí, rinneadh an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú chun: (i) iad a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha; agus (ii) lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a maíodh agus a léiríodh go ndearna siad difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna.

(300) Rinneadh coigeartú faoi Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán le haghaidh Jintian Vietnam agus a thrádálaí gaolmhar in Hong Cong. Bhí an trádálaí freagrach as an gcaidreamh le cliaint, go háirithe teagmhálacha a choinneáil ar bun agus a thionscnamh leis na custaiméirí, orduithe agus idirbhearta a bhainistiú, iompar, lasta, agus árachas le haghaidh díolachán a eagrú. Tugadh luach saothair don trádálaí as a rannpháirtíocht trí mharcáil suas. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún go raibh feidhmeanna á gcomhlíonadh ag an trádálaí atá cosúil le feidhmeanna gníomhaire atá ag obair ar bhonn coimisiúin. .

(301) I gcás Hailiang Vietnam, léirigh torthaí an imscrúdaithe go ndearna an trádálaí feachtais mhargaíochta agus cur chun cinn agus go raibh sé freagrach as praghas na ndíolachán le custaiméirí neamhchomhlachaithe agus cúraimí comhordaithe díolacháin eile a shocrú. Tugadh luach saothair don trádálaí as a rannpháirtíocht trí mharcáil suas. Go deimhin, dhéanfadh custaiméirí orduithe leis an trádálaí go díreach, a gheobhadh an táirge lena mbaineann ó chuideachtaí éagsúla laistigh den ghrúpa ansin, agus a gheobhadh brabús as a sheirbhísí. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún go raibh feidhmeanna á gcomhlíonadh ag an trádálaí atá cosúil le feidhmeanna gníomhaire.

(302) Dá bhrí sin, rinneadh praghsanna onnmhairiúcháin a choigeartú i gcás onnmhairí an táirge lena mbaineann chuig an Aontas trí thrádálaithe gaolmhara atá lonnaithe lasmuigh den Aontas, trí liúntas le haghaidh chostais SGA gach trádálaí ghaolmhair agus corrlach brabúis réasúnta a asbhaint, arna bhunú ar bhonn imscrúdú aisíocaíochta a rinneadh le déanaí ar tháirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta (i.e. 10 %) ([121]).

3.4.3.1. Coigeartuithe a rinneadh ar an ngnáthluach

(303) Mar a mhínítear in aithrisí (299), i gcás fhormhór na gcineálacha táirgí, suíodh an gnáthluach mar mheán ualaithe phraghsanna na ndíolachán intíre uile le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus i gcás cuid eile mar mheán ualaithe na ndíolachán brabúsach amháin. Rinneadh coigeartuithe chun an próiseas intíre a ghlanluacháil ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha mar gheall ar iompar intíre.

(304) I gcás díolacháin inar suíodh an Gnáthluach trí chostais táirgthe a úsáid mar aon le méideanna le haghaidh costais díola, riaracháin agus ghinearálta agus brabúis, measadh go raibh siad sin réasúnta don leibhéal trádála sin. Dá bhrí sin, ní raibh gá le coigeartuithe breise chun an gnáthluach a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha.

(305) I gcás díolacháin trí thrádálaí intíre, rinneadh coigeartuithe breise chun an gnáthluach a ghlanluacháil ar ais go dtí leibhéal na trádála díreach ón monarcha. Thairis sin, tugadh lamháltais mar gheall ar chostais chreidmheasa, muirir bhainc agus lascainí. Níor aimsigh an Coimisiún aon chúis le haon choigeartú eile a dhéanamh ar an ngnáthluach.

3.4.4. *Coigeartuithe a rinneadh ar an bpraghas onnmhairiúcháin*

(306) Chun an praghas onnmhairiúcháin a ghlanluacháil ar ais go dtí leibhéal na trádála díreach ón monarcha, rinneadh coigeartuithe mar gheall ar chostais lasta, árachais, láimhseála agus luchtaithe agus choimhdeacha agus muirir onnmhairiúcháin eile.

(307) Cuireadh san áireamh na tosca seo a leanas a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna: costas creidmheasa, muirir bhainc agus coimisiúin.

3.4.5. *Corrlaigh dhumpála*

(308) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte, rinne an Coimisiún comparáid idir meánghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe a bhaineann le cineál comhfhreagrach an táirge ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

([121]) Féach freisin aithris 219 thuas chun tuilleadh sonraí a fháil Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2026) 3105 final ón gCoimisiún an 20.5.2026.

(309) Ar an mbonn sin, is iad seo a leanas na meánchorrlaigh dhumpála ualaithe shealadacha arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas iomchuí CAL ag teorann an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach
Jintian Copper Industrial Company Limited	13,8 %
Hailiang (Vietnam) Copper Manufacturing Co., Ltd	20,4 %

(310) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha neamhshampláilte, ríomh an Coimisiún an meánchorrlach dumpála ualaithe, i gcomhréir le hAirteagal 9(6) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, socraíodh an corrlach sin ar bhonn chorrlaigh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, gan aird a thabhairt ar chorrlaigh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin ag a bhfuil corrlaigh dhumpála nialasacha agus de minimis, ná ar chorrlaigh a socraíodh sna himthosca dá dtagraítear in Airteagal 18 den bhun-Rialachán.

(311) Ar an mbonn sin, is é 18 % corrlach dumpála sealadach na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla.

(312) Is ard an leibhéal comhoibrithe atá ann sa chás seo ós rud é go raibh thart ar 90 % de mhéid iomlán na n-allmhairí le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gceist le honnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha. Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún an corrlach dumpála a shocrú le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha ar leibhéal na cuideachta a ndearnadh scrúdú aonair uirthi agus a bhfuil an corrlach dumpála is airde aici.

(313) Is iad seo a leanas na corrlaigh dhumpála shealadacha, arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach
Jintian Copper Industrial Company Limited	13,8 %
Hailiang (Vietnam) Copper Manufacturing Co., Ltd	20,4 %
Cuideachtaí comhoibríocha eile i Vítneam	17,4 %
Gach allmhaire eile de thionscnamh Vítneam	20,4 %

4. **DÍOBHÁIL**

4.1. **Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(314) Rinne 11 tháirgeoir san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Is iad atá i gceist le 'tionscal an Aontais' de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(315) Suíodh gur thart ar 110 míle tona a bhí i dtáirgeacht iomlán an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Shuigh an Coimisiún an figiúr ar bhonn na faisnéise uile a bhí ar fáil maidir le tionscal an Aontais, lena n-áirítear sonraí fíoraithe tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, sonraí arna soláthar ag táirgeoirí neamhshampláilte de chuid an Aontais, agus faisnéis phoiblí. Mar a léirítear in aithris (8), is é a bhí sa trí tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais níos mó ná 40 % de mhéid iomlán measta na táirgeachta maidir leis an táirge comhchosúil.

4.2. **Margadh ábhartha an Aontais a Chinneadh**

(316) Chun a shuí ar bhain díobháil do thionscal an Aontais agus chun an tomhaltas agus na táscairí eacnamaíocha éagsúla i ndáil le staid thionscal an Aontais a chinneadh, scrúdaigh an Coimisiún ar ghá, agus a mhéid ba ghá, an úsáid a baineadh as táirgeacht thionscal an Aontais i gcás an táirge chomhchosúil a chur san áireamh san anailís.

(317) Chinn an Coimisiún nach raibh ach cuid de tháirgeacht tháirgeoirí sampláilte an Aontais (thart ar 15 %) dírithe ar úsáid faoi chuing, agus go sonrach ar tháirgeadh feadán copair brataithe nó inslithe. Táirgeadh na táirgí iartheachtacha sin laistigh den chuideachta a tháirgeann na feadáin chopair, nó i gcuideachta eile den ghrúpa céanna, nach raibh saor-rogha soláthróra aici go bunúsach.

(318) Is ábhartha an t-idirdhealú idir margadh faoi chuing agus saormhargadh a mhéid a bhaineann leis an anailís díobhála toisc nach nochtar táirgí atá beartaithe le haghaidh úsáid faoi chuing d'iomaíocht dhíreach ó allmhairí. I gcodarsnacht leis sin, tá an táirgeacht a bhfuil sé beartaithe í a dhíol ar an saormhargadh in iomaíocht dhíreach le hallmhairí an táirge lena mbaineann.

(319) Chun léargas atá chomh hiomlán agus is féidir a sholáthar ar thionscal an Aontais, fuair an Coimisiún sonraí le haghaidh gníomhaíocht iomlán an táirge agus chinn sé an raibh an táirgeacht beartaithe le haghaidh úsáid faoi chuing nó le haghaidh an tsaormhargaidh.

(320) Scrúdaigh an Coimisiún táscairí eacnamaíocha áirithe a bhaineann le tionscal an Aontais ar bhonn sonraí maidir leis an saormhargadh. Is iad seo na táscairí sin: méid díolachán agus praghsanna díola ar mhargadh an Aontais; n sciar den mhargadh; fás; méid agus praghsanna na n-onnmhairí; brabúsacht; agus an toradh ar infheistíocht. I gcás inarbh fhéidir agus ina raibh údar leis, cuireadh torthaí an scrúdaithe i gcomparáid leis na sonraí maidir leis an margadh faoi chuing chun léargas iomlán a thabhairt ar staid thionscal an Aontais.

(321) Mar sin féin, ní fhéadfaí scrúdú fóinteach a dhéanamh ar tháscairí eacnamaíocha eile ach amháin trí thagairt a dhéanamh don ghníomhaíocht iomlán, lena n-áirítear úsáid faoi chuing thionscal an Aontais. Is iad sin: táirgeacht; acmhainneacht, úsáid acmhainneachta; infheistíochtaí; stoic; fostaíocht; táirgiúlacht; tuarastail; sreabhadh airgid agus an cumas caipiteal a thiomsú. Tá siad ag brath ar an ngníomhaíocht iomlán, bíodh an táirgeacht faoi chuing nó arna díol ar an saormhargadh.

4.3. **Tomhaltas an Aontais**

(322) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais trí na hallmhairí uile a chur le díolacháin thionscal an Aontais.

(323) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar thomhaltas an Aontais:

Tábla 2

Tomhaltas an Aontais (tonaí)

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Tomhaltas iomlán an Aontais	[128 000 – 146 000]	[120 000 – 136 000]	[118 000 – 134 000]	[118 000 – 134 000]
Innéacs	*100*	*93*	*92*	*92*
An saormhargadh	[114 000 – 129 000]	[104 000 – 118 000]	[102 000 – 115 000]	[103 000 – 116 000]
Innéacs	*100*	*92*	*89*	*90*
Margadh faoi chuing	[14 000 – 18 000]	[15 000 – 18 000]	[16 000 – 19 000]	[15 000 – 18 000]
Innéacs	*100*	*105*	*110*	*105*

Foinse: Féach foinsí maidir le hallmhairí agus díolacháin an Aontais sna táblaí faoi seach

(324) Tá nasc láidir idir an t-éileamh ar fheadáin chopair agus téamh, aeráil, aerchóiriú agus cuisniú agus ar bhonn níos leithne, an earnáil tógála.

(325) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 8 % ar thomhaltas iomlán feadán copair san Aontas. Thosaigh sé réasúnta ard in 2022, go príomha mar thoradh ar an éifeacht láidir téarnaimh a lean cor chun donais COVID-19 agus a rinne difear dearfach don earnáil téimh, aerála, aerchóirithe agus chuisniúcháin, ach tháinig laghdú 7 % air in 2023, agus d'fhan sé cobhsaí den chuid is mó ar an leibhéal sin in 2024 agus 2025 (an tréimhse imscrúdúcháin). Lean tomhaltas an tsaormhargaidh treocht chomhchosúil, agus thit sé 10 % ar an iomlán le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.4. **Allmhairí ó na tíortha lena mbaineann**

4.4.1. *Measúnú carnach ar éifeachtaí allmhairí ó na tíortha lena mbaineann*

(326) Scrúdaigh an Coimisiún ar cheart measúnú carnach a dhéanamh ar allmhairí táirge de thionscnamh na dtíortha lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 3(4) den bhun-Rialachán.

(327) An corrlach dumpála a suíodh i ndáil leis na hallmhairí ó gach tír lena mbaineann, bhí sé os cionn na tairsí *de minimis* a leagtar síos in Airteagal 9(3) den bhun-Rialachán. Ní raibh méid na n-allmhairí ó gach ceann de na tíortha lena mbaineann diomaibhseach.

(328) Ba chosúil le chéile dálaí na hiomaíochta idir na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann agus idir na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann agus an táirge comhchosúil. Go sonrach, bhí na táirgí allmhairithe in iomaíocht lena chéile agus le feadáin chopair a tháirgtear san Aontas toisc go ndíoltar iad den chuid is mó trí na bealaí díolacháin céanna agus le catagóirí custaiméirí comhchosúla.

(329) Dá bhrí sin, comhlíonadh na critéir uile a leagtar amach in Airteagal 3(4) den bhun-Rialachán agus scrúdaíodh allmhairí ó na tíortha uile lena mbaineann go carnach chun an díobháil a chinneadh.

4.4.2. *Méid agus sciar de mhargadh na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann*

(330) Agus é á chur san áireamh nach gcumhdaíonn Cód AC 7411 10 90 an táirge faoi imscrúdú amháin, shuigh an Coimisiún méid na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann trí úsáid a bhaint as na foinsí seo a leanas: i gcás Mheicsiceo, Vítneam agus na hÚisbéiceastáine, arbh ionann na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ina leith agus iomlán nó beagnach iomlán na n-onnmhairí chuig an Aontas, d'úsáid an Coimisiún sonraí Eurostat i gcomhar le sonraí fíoraithe na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte. I gcás na Síne, a raibh an leibhéal comhair íseal ina leith, ríomhadh allmhairí trí úsáid a bhaint as sonraí Eurostat i gcomhar leis an meastachán a soláthraíodh sa ghearán go mbaineann 53 % d'allmhairí faoi Chód AC 7411 10 90 leis an táirge faoi imscrúdú.

(331) Suíodh an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí mar chéatadán de thomhaltas an Aontais ar an saormhargadh, mar a leagtar amach i roinn 4.3.

(332) Allmhairí isteach san Aontas ó na tíortha lena mbaineann:

Tábla 3

An méid allmhairí (tonaí) agus an sciar den mhargadh

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid allmhairí ón tSín (tonaí)	4 598	4 501	3 949	4 411
Innéacs	*100*	*98*	*86*	*96*
An sciar den mhargadh %	[3,58 - 4,03]	[3,83 - 4,29]	[3,45 - 3,86]	[3,83 - 4,26]
Cainníocht na n-allmhairí ó Mheicsiceo (tonaí)	8 840	8 533	7 626	9 445
Innéacs	*100*	*97*	*86*	*107*
An sciar den mhargadh %	[6,88 - 7,75]	[7,26 - 8,14]	[6,66 - 7,45]	[8,19 - 9,12]
Cainníocht na n-allmhairí ó Vítneam (tonaí)	8 426	10 773	11 001	13 932
Innéacs	*100*	*128*	*131*	*165*

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
An sciar den mhargadh %	[6,56 - 7,39]	[9,17 - 10,28]	[9,6 - 10,75]	[12,08 - 13,45]
Cainníocht na n-allmhairí ón Úisbéiceastáin (tonaí)	0	152	1 937	1 152
Innéacs	-	*100*	*1 272*	*756*
An sciar den mhargadh %	0,00	[0,01 - 0,20]	[1,6 - 1,9]	[1,0 - 1,11]
An méid allmhairí ó na tíortha uile lena mbaineann (tonaí)	21 864	23 959	24 514	28 939
Innéacs	*100*	*110*	*112*	*132*
An sciar den mhargadh %	[17 - 20]	[20 - 23]	[21 - 24]	[25 - 28]

Foinse: Eurostat agus freagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte

(333) Tháinig méadú 32 % ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann i ndearbhmhéid le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ba iad Vítneam (méadú 65 %) agus Meicsiceo (méadú 7 %) a bhí chun cinn i gcás an mhéadaithe, go háirithe ó 2024 go 2025 (an tréimhse imscrúdúcháin), agus d'fhan allmhairí ón tSín cobhsaí. Tháinig méadú mór ar allmhairí ón Úisbéiceastáin, ach i ndearbhthéarmaí d'fhan siad ar leibhéil ísle agus tháinig laghdú orthu le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

(334) Mar thoradh ar an méadú sin ar mhéideanna allmhairí, tháinig méadú thart ar 8 bpointe céatadáin ar an sciar den mhargadh i saormhargadh na dtíortha lena mbaineann le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.5. Praghsanna na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann, sladghearradh praghais agus sochtadh praghsanna

(335) Shuigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí trí úsáid a bhaint as sonraí ó Eurostat. Chuir an Coimisiún san áireamh an meastachán a soláthraíodh sa ghearán go bhfuil praghsanna na dtáirgí seachas an táirge faoi imscrúdú 25 % níos airde.

(336) Suíodh sladghearradh praghais na n-allmhairí ar bhonn sonraí ó tháirgeoirí comhoibríocha an Aontais agus ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha.

(337) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghas ualaithe na n-allmhairí isteach san Aontas ó na tíortha lena mbaineann:

Tábla 4

Praghsanna allmhairí (EUR/tona) agus praghsanna LME

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Meánphraghas domhanda copair ([1])	8 385	7 852	8 446	8 820
Innéacs	*100*	*94*	*101*	*105*
Allmhairí ón tSín	9 828	9 247	9 500	9 506
Innéacs	*100*	*94*	*97*	*97*

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Allmhairí ó Mheicsiceo	10 201	9 222	9 362	9 483
Innéacs	*100*	*90*	*92*	*93*
Allmhairí ó Vítneam	10 298	9 117	9 522	9 563
Innéacs	*100*	*89*	*92*	*93*
Allmhairí ón Úisbéiceastáin	-	8 487	8 978	9 349
Innéacs	-	*100*	*106*	*110*
Gach tír lena mbaineann (meán)	10 160	9 175	9 426	9 519
Innéacs	*100*	*90*	*93*	*94*

([1]) Foinse: https://fred.stlouisfed.org/data/PCOPPUSDA, arna thiontú go EUR trí úsáid a bhaint as an meánráta malairte bliantúil EUR/USD.
Foinse: Eurostat

(338) Tá éabhlóid na bpraghsanna allmhairiúcháin le feiceáil i gcomhthéacs éabhlóid na bpraghsanna domhanda copair, a bhfuil méadú beag (5 %) tagtha orthu le linn na tréimhse faoi bhreathnú (féach an chéad ró sa tábla thuas).

(339) D'fhan praghsanna allmhairiúcháin feadán copair ón tSín cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tá méadú tagtha ar phraghsanna allmhairiúcháin ón Úisbéiceastáin i gcomhréir le praghsanna copair, agus tá laghdú 7 % tagtha ar phraghsanna allmhairiúcháin ó Vítneam agus ó Mheicsiceo araon. Dá bhrí sin, i dtéarmaí coibhneasta (agus meánphraghsanna domhanda copair á gcur san áireamh), tá laghdú thart ar 12 % tagtha ar phraghsanna allmhairiúcháin an táirge faoi imscrúdú ó Vítneam agus ó Mheicsiceo le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ar an iomlán, i gcás na dtíortha uile lena mbaineann, tháinig laghdú 6 % ar phraghsanna allmhairiúcháin le linn na tréimhse faoi bhreathnú (agus thart ar 11 % i dtéarmaí coibhneasta, i.e. éabhlóid phraghas an chopair á cur san áireamh).

(340) Chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn na tréimhse imscrúdúcháin trí chomparáid a dhéanamh idir na nithe seo a leanas:

(1) na meánphraghsanna díola ualaithe in aghaidh chineál táirge na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas arna ngearradh ar chustaiméirí neamhchomhlachaithe ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú de réir an phraghais díreach ón monarcha; agus

(2) na meánphraghsanna ualaithe comhfhreagracha in aghaidh an chineáil táirge i gcás na n-allmhairí ó tháirgeoirí comhoibríocha sampláilte na dtíortha lena mbaineann arna ngearradh ar an gcéad chustaiméir neamhspleách ar mhargadh an Aontais, arna suí ar bhonn chostais, árachais agus last-táille (CAL), mar aon le coigeartuithe iomchuí de réir dleachtanna custaim agus costais iar-allmhairiúcháin.

(341) Rinneadh an chomparáid praghsanna de réir cineáil le haghaidh idirbheart ar an leibhéal céanna trádála, arna coigeartú go cuí nuair ba ghá, agus tar éis lacáistí agus lascainí a asbhaint. Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas teoiriciúil na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léirigh sé meánchorrlach sladghearrtha ualaithe 8.51 % de réir allmhairí ón Úisbéiceastáin, 8.22 % de réir allmhairí ó Vítneam, 9.45 % de réir allmhairí ó Mheicsiceo agus 16.36 % de réir allmhairí ón tSín ar mhargadh an Aontais, agus 9.93 % ar an iomlán de réir allmhairí ó gach tír lena mbaineann. Fuarthas go raibh sladghearradh á dhéanamh ar bheagnach iomlán na méideanna allmhairí.

(342) Ina theannta sin, bhí na praghsanna allmhairiúcháin ó na ceithre thír lena mbaineann faoi bhun chostas táirgthe an Aontais (féach Tábla 8 thíos) ó 2023 go dtí deireadh na tréimhse imscrúdúcháin. Chruthaigh na praghsanna ísle allmhairiúcháin éifeacht shuntasach sochta praghsanna i margadh an Aontais, rud a chuir cosc ar thionscal an Aontais a phraghsanna a oiriúnú do na hathruithe ar an gcostas táirgthe.

4.6. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.6.1. *Barúlacha ginearálta*

(343) I gcomhréir le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán, sa scrúdú ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar thionscadal an Aontais, áiríodh meastóireacht ar na táscairí eacnamaíocha uile a raibh baint acu le staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(344) Mar a luaitear in aithris (7), baineadh úsáid as sampláil chun a chinneadh ar bhain aon díobháil do thionscal an Aontais.

(345) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha.

(346) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn na sonraí a bhí sa fhreagra a thug na gearánaigh ar mhacraicheistneoir an Choimisiúin, arna n-athbhreithniú, arna réiteach agus arna gcomhlánú ar bhonn na nithe seo a leanas:

(a) Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(b) Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó tháirgeoirí neamhshampláilte de chuid an Aontais a bhaineann le táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha, agus a bhfreagraí ar litreacha easnaimh á gcomhlánú

(c) Faisnéis atá ar fáil go poiblí faoi tháirgeoirí de chuid an Aontais nár chomhoibrigh leis an imscrúdú

(347) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn na sonraí sna freagraí a thug na táirgeoirí sampláilte san Aontas ar an gceistneoir. Bhain na sonraí leis na táirgeoirí sampláilte san Aontas. Fuarthas go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(348) Is iad seo na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, an méid díolachán, sciar den mhargadh, fás, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála, agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo.

(349) Is iad seo na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna aonaid, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus an cumas caipiteal a chruinniú.

4.6.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

4.6.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(350) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 5

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Cainníocht táirgeachta (tonaí)	[118 100 – 137 900]	[104 600 – 122 100]	[104 000 – 121 400]	[98 300 – 114 800]
Innéacs	*100*	*89*	*88*	*83*
Acmhainneacht táirgeachta (tonaí)	[172 400 – 201 200]	[172 400 – 201 200]	[172 700 – 201 600]	[172 200 – 201 000]
Innéacs	*100*	*100*	*100*	*100*
Úsáid acmhainneachta	68 %	61 %	60 %	57 %

Foinse: Freagra ar an macraicheistneoir agus ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, freagra ar cheistneoirí ó tháirgeoirí neamhshampláilte de chuid an Aontais a bhaineann le táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha, faisnéis atá ar fáil go poiblí faoi tháirgeoirí eile de chuid an Aontais

(351) Níor tháinig aon athrú den chuid is mó ar acmhainneacht táirgeachta tháirgeoirí an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Is é is cúis leis na mionathruithe a tugadh faoi deara sosanna cothabhála pleanáilte nó neamhphleanáilte, toisc nár réadaigh táirgeoirí de chuid an Aontais aon infheistíocht ná dífheistiú mór a d'athródh acmhainneacht.

(352) Tháinig laghdú 17 % ar tháirgeacht san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ó [118 100 – 137 900 tona in 2022 go [98 300 – 114 800] tona le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Cé gur tháinig laghdú ar thomhaltas le linn na tréimhse faoi bhreathnú, mar a mhínítear i roinn 4.3, tá an laghdú ar tháirgeadh i bhfad níos suntasaí. Is amhlaidh atá toisc gur tháinig méadú mór ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann, i dtéarmaí coibhneasta agus i ndearbhthéarmaí araon, rud a tháinig in ionad tháirgeacht thionscal an Aontais.

(353) Mar thoradh ar an laghdú ar tháirgeacht, tháinig laghdú 11 phointe céatadáin ar úsáid acmhainneachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ó 68 % go 57 %.

4.6.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

(354) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid díolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 6

An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Cainníocht iomlán na ndíolachán ar mhargadh an Aontais móide úsáid faoi chuing (tonaí)	[100 000 – 117 000]	[91 000 – 106 000]	[89 000 – 104 000]	[85 000 – 99 000]
Innéacs	*100*	*90*	*89*	*85*
Díolacháin an mhargaidh faoi chuing agus úsáid faoi chuing	[14 000 – 17 000]	[15 000 – 17 000]	[16 000 – 18 000]	[15 000 – 17 000]
Innéacs	*100*	*105*	*110*	*105*
Díolacháin ar an saormhargadh	[86 000 – 100 000]	[75 000 – 88 000]	[73 000 – 85 000]	[70 000 – 81 000]
Innéacs	*100*	*88*	*85*	*81*
An sciar den mhargadh a bhain le díolacháin ar an saormhargadh %	[75 - 84]	[72 - 80]	[71 - 80]	[68 - 75]

Foinse: Freagra ar an macraicheistneoir agus ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, freagra ar cheistneoirí ó tháirgeoirí neamhshampláilte de chuid an Aontais a bhaineann le táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha, faisnéis atá ar fáil go poiblí faoi tháirgeoirí eile de chuid an Aontais

(355) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 19 % ar dhíolacháin thionscal an Aontais ar an saormhargadh, ó thart ar [86 000 – 100 000 tona in 2022 go dtí thart ar [70 000-81 000] tona le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Tháinig laghdú 8 bpointe céatadáin ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais faoi seach, rud a léiríonn go raibh na hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann, ar tháinig méadú 8 bpointe céatadáin orthu le linn na tréimhse céanna, ina bpríomhthoisc sa laghdú ar dhíolacháin thionscal an Aontais.

(356) Chúitigh tionscal an Aontais na díolacháin chaillte i saormhargadh trína dhíolacháin faoi chuing agus a úsáid faoi chuing a mhéadú, ach gan ach go páirteach, faoi thart ar 1 000 tona le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.6.2.3. Fás

(357) I bhfianaise an laghdaithe ar mhéideanna táirgeachta, ar mhéideanna díolachán agus ar an sciar den mhargadh, is léir gur tháinig fás diúltach ar thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, i ndearbhthéarmaí agus i gcoibhneas le fás foriomlán an mhargaidh araon.

4.6.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(358) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar fhostaíocht agus táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7

Fostaíocht agus táirgiúlacht

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
An líon fostaithe	1 177	1 149	1 084	1 041
Innéacs	*100*	*98*	*92*	*88*
Táirgiúlacht (tonaí/fostaí)	[100 – 120]	[90 – 110]	[90 – 120]	[90 – 120]
Innéacs	*100*	*91*	*96*	*94*

Foinse: Freagraí sa cheistneoir ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(359) Tháinig laghdú thart ar 140 oibrí ar an bhfostaíocht, arb ionann é agus 12 % den lucht saothair le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Go ginearálta, bhí tionscal an Aontais in ann leagan as mór a sheachaint, agus a lucht saothair feadán copair a laghdú trí phearsanra a athshannadh do ghníomhaíochtaí eile agus gan pearsanra a bhí ag fágáil na cuideachta a ionadú. Níor léirigh an laghdú go hiomlán an laghdú ar tháirgeacht, agus mar thoradh air sin, tháinig laghdú beag thart ar 6 % ar tháirgiúlacht.

4.6.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo

(360) Bhí na corrlaigh dhumpála uile go mór os cionn an leibhéil de minimis. Ba mhór an tionchar a bhí ag méid na gcorrlach dumpála iarbhír ar thionscal an Aontais, i bhfianaise mhéid agus phraghsanna na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann.

(361) Is é seo an chéad imscrúdú frithdhumpála maidir leis an táirge lena mbaineann. Dá bhrí sin, ní raibh aon sonraí ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag dumpáil san am atá thart.

4.6.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.6.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

(362) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8

Praghsanna díola san Aontas

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
An meánphraghas díola aonaid ar an saormhargadh (EUR/tonaí)	9 907	9 604	9 632	9 895
Innéacs	*100*	*97*	*97*	*100*

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Costas aonaid an táirgthe (EUR/tonaí)	9 865	9 513	9 784	10 134
Innéacs	*100*	*96*	*99*	*103*
Meánphraghas domhanda copair (EUR/tona) ([122])	8 385	7 852	8 446	8 820
Innéacs	*100*	*94*	*101*	*105*

Foinse: Freagraí sa cheistneoir ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(363) D'fhan praghsanna thionscal an Aontais cobhsaí idir críochphointí na tréimhse faoi bhreathnú, agus tháinig laghdú beag orthu ó 2022 go 2023 agus tháinig méadú beag comhfhreagrach orthu ó 2024 go 2025. Ní mór an chobhsaíocht praghsanna sin a mheas i gcomhthéacs na gcostas táirgthe atá ag dul i méid.

(364) Tháinig méadú 3 % ar an iomlán ar chostais táirgthe le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Léiríonn luaineachtaí an chostais táirgthe le linn na tréimhse sin go príomha na hathruithe comhfhreagracha ar phraghas domhanda copair, arb ionann é agus suas le 90 % de chostas an táirge deiridh. Léiríonn siad freisin athruithe ar chostais oibriúcháin tháirgeoirí an Aontais, lena n-áirítear méaduithe ar chostais saothair agus fuinnimh, agus laghduithe mar gheall ar fheabhsuithe ar éifeachtúlacht.

(365) Ar an iomlán, ní raibh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna a mhéadú chun na méaduithe ar chostais a mheaitseáil agus corrlach dearfach brabúis a choinneáil ar bun. Go deimhin, ó 2024 ar aghaidh, thit praghsanna díola faoi bhun chostas aonaid an táirgthe.

(366) Mar a tugadh faoi deara i roinn 4.5 thuas, thángthas ar an gconclúid go raibh tionchar ag cúngú suntasach praghsanna ar phraghsanna díola san Aontas, go háirithe mar gheall ar na hallmhairí dumpáilte atá ag dul i méid.

(367) Níor sainaithníodh aon toisc mhór eile a rinne difear do phraghsanna.

4.6.3.2. Costais saothair

(368) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánchostais saothair na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	56 746	57 575	61 469	66 136
Innéacs	*100*	*101*	*108*	*117*

Foinse: Freagraí sa cheistneoir ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(369) Tháinig méadú mór ar chostais saothair san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ó EUR 56 746/fostaí in 2022 go EUR 66 136/fostaí san imscrúdú. Is féidir an méadú 17 % sin a chur síos den chuid is mó don bhrú boilscitheach foriomlán a bhí san Aontas le linn na tréimhse céanna, atá nasctha leis an ardú ar phraghsanna fuinnimh.

([122]) Foinse: https://fred.stlouisfed.org/data/PCOPPUSDA, arna thiontú go EUR trí úsáid a bhaint as an meánráta malairte bliantúil EUR/USD.

4.6.3.3. Fardail

(370) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar leibhéil stoic na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10

Stoic

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Stoic dheiridh (tonaí)	3 475	4 460	5 620	4 591
Innéacs	*100*	*128*	*162*	*132*
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht (%)	[4 - 7 %]	[7 - 10]	[8 - 13]	[7 - 10]

Foinse: Freagraí sa cheistneoir ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(371) Tháinig méadú ar leibhéil stoic ó 3 475 thona ag deireadh 2022, arb éard atá i gceist leo [4 % - 7 %] den táirgeacht sa bhliain sin, go 4 591 thona ag deireadh 2025, arb éard atá i gceist leo [7 % - 10 %] den táirgeacht sa bhliain sin. Ós rud é go dtáirgeann tionscal an Aontais le haghaidh orduithe de ghnáth seachas stocáil a dhéanamh, is féidir a mheas nach bhfuil ach tábhacht theoranta ag baint leis an méadú.

4.6.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú

(372) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar bhrabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar an infheistíochtaí ag na táirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 11

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (% de láimhdeachas na ndíolachán)	1,0 %	0,3 %	- 1,1 %	- 1,5 %
Sreabhadh airgid (EUR)	22 288 956	14 815 422	5 698 287	139 884
Innéacs	*100*	*66*	*26*	*1*
Infheistíochtaí (EUR)	8 138 925	5 950 296	6 673 246	7 261 946
Innéacs	*100*	*73*	*82*	*89*
Toradh ar infheistíochtaí	18 %	8 %	7 %	- 3 %
Innéacs	*100*	*48*	*37*	*- 17*

Foinse: Freagraí sa cheistneoir ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(373) Shuigh an Coimisiún brabúsacht na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas trí ghlanbhrabús roimh cháin ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin.

(374) Mar a mhínítear in aithrisí (363) go (365), ó 2024 ar aghaidh, thit praghas díola an Aontais faoi bhun chostas aonaid an táirgthe. Léiríodh an caidreamh sin idir díolacháin agus costais go hiomlán i mbrabúsacht thionscal an Aontais, a thosaigh dearfach ag 1 % in 2022 agus a thit go leanúnach le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ag sroicheadh - 1,5 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(375) Is ionann an glansreabhadh airgid agus cumas cuideachtaí a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. I gcás thionscal an Aontais, ba léir go raibh tionchar ag an mbrabúsacht a bhí ag laghdú ar an nglansreabhadh airgid, ag tosú ó leibhéal maith de thart ar EUR 22 mhilliún in 2022 agus ag titim anuas go díreach EUR 140 míle sa tréimhse imscrúdúcháin.

(376) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, d'éirigh le táirgeoirí sampláilte an Aontais leibhéal áirithe infheistíochtaí a choinneáil ar bun, thart ar EUR 6 go 8 milliún in aghaidh na bliana. Mar sin féin, bhain na hinfheistíochtaí sin le trealamh a bhí ann cheana a ionadú nó a nuachóiriú, seachas acmhainneacht táirgeachta nó raon táirgí a leathnú. Dá bhrí sin, ba iad sin na hinfheistíochtaí íosta ba ghá chun go gcoinneodh táirgeoirí an Aontais a n-oibríochtaí agus a láithreacht sa mhargadh ar bun, sa ghearrthéarma ar a laghad.

(377) Is éard atá sa toradh ar infheistíochtaí an brabús mar chéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. Lean sé treocht atá cosúil le treocht na brabúsachta, thosaigh sé ó leibhéal maith 18 % in 2022 agus d'éirigh sé diúltach le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ag sroicheadh -3 %.

(378) Braitheann cumas aon chuideachta caipiteal a thiomsú go mór ar ionchais an mhargaidh maidir lena feidhmíocht airgeadais. Ní ligfeadh brabúsacht dhiúltach, agus sreabhadh airgid ag ídiú agus toradh atá go soiléir faoi bhun chostas an chaipitil don chuideachta caipiteal nua a thiomsú i bhfoirm iasachta ná i bhfoirm cothromais. Dá bhrí sin, bhí tionchar diúltach láidir ag an meath ar fheidhmíocht airgeadais thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú ar a chumas caipiteal a thiomsú.

4.7. **Barúlacha na bpáirtithe leasmhara**

(379) Mhaígh na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte ón Úisbéiceastáin, eadhon Infinity Copper Group, Angren Pipes, agus Sharq Tubes ('táirgeoirí na hÚisbéiceastáine'), agus Rialtas na hÚisbéiceastáine, i gcomhréir le hAirteagal 9(3) den bhun-Rialachán, gur cheart an t-imscrúdú a fhoirceannadh maidir leis an Úisbéiceastáin, ós rud é gur dócha go dtitfidh allmhairí ón Úisbéiceastáin faoi bhun na tairsí *de minimis* 1 % a leagtar amach in Airteagal 5(7) den bhun-Rialachán, agus dá bhrí sin, gur cheart a mheas gur diomaibhseach an díobháil.

(380) Chun tacú lena maíomh maidir leis an sciar den mhargadh atá ag an Úisbéiceastáin, mhaígh táirgeoirí na hÚisbéiceastáine agus Rialtas na hÚisbéiceastáine go ndearnadh rómheastachán sa ghearán ar mhéid allmhairí na hÚisbéiceastáine den táirge lena mbaineann agus gur dócha go ndearnadh gannmheastachán ar dhíolacháin tháirgeoirí an Aontais. Tar éis dóibh an macraicheistneoir a chur isteach, lean siad de bheith ag maíomh go raibh na sonraí a chuir an gearánach ar fáil míchruinn, rud a d'fhág go ndearnadh gannmheastachán mór ar thomhaltas an Aontais. Bhain na míchruinnis líomhnaithe go príomha le figiúirí táirgeachta, acmhainneachta agus díolacháin tháirgeoirí an Aontais, lena n-áirítear go háirithe Serravalle, Cuprumfoma, HME Germany, agus HME Spain, ar úsáid an gearánach a mheastacháin féin ina leith toisc nach raibh rochtain aige ar shonraí a sholáthair na cuideachtaí féin.

(381) Mhaígh táirgeoirí na hÚisbéiceastáine agus Rialtas na hÚisbéiceastáine freisin, i gcás trí chuideachta ar cosúil gur táirgeoirí an táirge faoi imscrúdú san Aontas iad, eadhon Luvata, Barth Metallwerke agus Standard Metall, nár áiríodh aon sonraí sa fhreagra ar an macraicheistneoir. Thagair na páirtithe d'fhaisnéis phoiblí ó leathanaigh ghréasáin na gcuideachtaí a thugann le fios gur táirgeoirí de chuid an Aontais iad. I gcás Luvata go háirithe, thagair siad do fhreagra ríomhphoist a fuarthas le gairid ón gcuideachta, inar chuir an chuideachta an frása *'déanaimid feadáin chopair a tháirgeadh'* san áireamh.

(382) Mar phointe breise ar an sciar den mhargadh, mhaígh táirgeoirí na hÚisbéiceastáine agus Rialtas na hÚisbéiceastáine gur cheart úsáid faoi chuing agus díolacháin faoi chuing a chur san áireamh agus tomhaltas iomlán an Aontais á shuí mar ainmneoir i ríomh an sciar den mhargadh. Chun bunús a thabhairt lena maíomh, thagair na páirtithe, i measc nithe eile, d'imscrúduithe BDO ([123]) agus MEG ([124]) i gcás ina líomhnaítear go ndearna an Coimisiún amhlaidh.

(383) Sa bhreis ar an maíomh maidir le foirceannadh an imscrúdaithe i leith na hÚisbéiceastáine faoi Airteagal 9(3), mhaígh táirgeoirí na hÚisbéiceastáine agus Rialtas na hÚisbéiceastáine freisin gur cheart don Choimisiún na hallmhairí ón Úisbéiceastáin a dhícharnadh ó allmhairí na dtíortha eile lena mbaineann, ós rud é nach gcomhlíontar na coinníollacha maidir le carnadh faoi Airteagal 3(4) den bhunRialachán. De réir na bpáirtithe sin, má tá an sciar den mhargadh beagán níos airde ná 1 %, níor cheart don Choimisiún a allmhairí a charnadh go huathoibríoch, ach anailís chás-shonrach a dhéanamh. Thairis sin, tá na coinníollacha iomaíochta idir na táirgí a allmhairítear ón Úisbéiceastáin agus na táirgí a allmhairítear ó na tíortha eile, chomh maith leis na táirgí a tháirgeann táirgeoirí de chuid an Aontais, de chineál a fhágann go bhfuil carnadh míchuí.

(384) Chun tacú lena maíomh maidir leis na coinníollacha iomaíochta, d'áitigh táirgeoirí na hÚisbéiceastáine agus Rialtas na hÚisbéiceastáine, murab ionann agus an méid a mhaítear sa ghearán, nach bhfuil táirgeoirí na hÚisbéiceastáine faoi úinéireacht na Síne agus nach bhfuil baint acu le húinéirí Síneacha táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín, i Meicsiceo agus i Vítneam. Thairis sin, d'áitigh siad go bhfuil laghdú ag teacht ar onnmhairí ón Úisbéiceastáin agus, in aon chás, nach bhfuil an cumas ag an Úisbéiceastáin (mar gheall ar shrianta suímh agus lóistíochta) ná na dreasachtaí (mar gheall ar fhoirceannadh fóirdheontas stáit ábhartha) méideanna móra a onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach.

(385) Chuir an gearánach barúlacha isteach maidir leis na haighneachtaí sin, dhiúltaigh sé do mhaímh tháirgeoirí na hÚisbéiceastáine agus Rialtas na hÚisbéiceastáine, agus d'áitigh sé gur sholáthair na sonraí a áiríodh ina fhreagra ar an macraicheistneoir bonn iontaofa chun díolacháin an Aontais, tomhaltas an Aontais agus sciartha den mhargadh a ríomh.

(386) Thug an Coimisiún aghaidh ar na maímh, ag tosú leis na fíorais agus an mhodheolaíocht a d'úsáid sé chun tomhaltas an Aontais agus sciartha den mhargadh a ríomh.

(387) Ríomhtar tomhaltas an Aontais mar shuim dhíolacháin an Aontais móide na hallmhairí uile. Maidir le hallmhairí, mínítear na sonraí agus an mhodheolaíocht a úsáidtear i ranna 4.4.2 (allmhairí ó na tíortha lena mbaineann) agus 5.2.1 (allmhairí ó thíortha seachas na tíortha lena mbaineann).

(388) Maidir le díolacháin an Aontais, shoiléirigh an Coimisiún go ndearnadh athbhreithniú ar na sonraí a sholáthair an gearánach ina fhreagra ar an macraicheistneoir ar an mbonn seo a leanas:

(a) I gcás Feinrohren, Wieland Werke AG, agus ElvalHalcor (na trí tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais), d'úsáid an Coimisiún na sonraí a sholáthair na cuideachtaí sin ina bhfreagraí ar an gceistneoir, mar a athbhreithníodh le linn na gcuairteanna fíorúcháin faoi seach;

(b) I gcás Wieland Austria, Silmet, La Farga agus Cupori, d'úsáid an Coimisiún na sonraí a chuir na cuideachtaí sin isteach go díreach chuig an ngearánach, mar a deimhníodh nuair a bhí an freagra ar an macraicheistneoir á fhíorú;

(c) I gcás HME Germany agus HME Spain bhain an Coimisiún úsáid shealadach as na sonraí a sholáthair na cuideachtaí sin sa fhreagra ar litir easnaimh an Choimisiúin ar an bhfreagra a thug a dtáirgeoir onnmhairiúcháin comhlachaithe, Hailiang Vietnam, ar an gceistneoir. Déanfar na sonraí sin a fhíorú ar an láthair freisin le linn an imscrúdaithe.

([123]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/270 ón gCoimisiún an 4 Feabhra 2026 lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála sealadacha ar allmhairí 1,4-Bútáindé-óil de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, Ríocht na hAraibe Sádaí agus Stáit Aontaithe Mheiriceá (IO L, 2026/270, 5.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/270/oj).

([124]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/939 ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí gliocóil mona-eitiléine de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Ríocht na hAraibe Sádaí (IO L 205, 11.6.2021, lgh. 4–46, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/939/oj).

(d) Maidir leis na táirgeoirí neamhshampláilte de chuid an Aontais nár sholáthair sonraí go díreach don ghearánach, úsáideadh meastacháin, bunaithe ar shonraí a bhí ar fáil go poiblí. Go háirithe:

(i) I gcás Serravalle, mheas an Coimisiún go raibh acmhainneacht 15 000 tona/bliain aige, bunaithe ar ráiteas na cuideachta go bhfuil acmhainneacht 400 km/lá aige, ([125]) arb ionann í agus thart ar 20 000 tona/bliain, agus meastachán á dhéanamh aige nach mbeadh ach thart ar 75 % den acmhainneacht sin ar fáil ar an meán thar bhliain iomlán, agus bristeacha pleanáilte agus neamhphleanáilte á gcur san áireamh. Rinneadh meastachán ar an táirgeacht bunaithe ar an ráiteas poiblí de thuarascáil inbhuanaitheachta na cuideachta le haghaidh 2024, inar luadh gurbh é 7 144 thona an táirgeacht sa bhliain sin, agus go raibh an táirgeacht le haghaidh 2025 cothrom le 6 562 thona ([126]). Ríomhadh úsáid faoi chuing agus díolacháin na cuideachta ar bhonn táirgeachta agus trí úsáid a bhaint as an meánchóimheas táirgeachta le haghaidh díolacháin faoi chuing/úsáid na gcuideachtaí eile a raibh úsáid nó díolacháin faoi chuing acu agus a sholáthair a gcuid sonraí féin. Ríomhadh díolacháin onnmhairiúcháin ar bhonn táirgeachta agus trí úsáid a bhaint as an meánchóimheas táirgeachta le haghaidh díolacháin onnmhairiúcháin na gcuideachtaí eile a raibh díolacháin onnmhairiúcháin acu agus a sholáthair a gcuid sonraí féin. Ríomhadh díolacháin an Aontais mar tháirgeadh lúide úsáid/díolacháin faoi chuing agus lúide díolacháin onnmhairí.

(ii) I gcás Cuprumfoma, mheas an Coimisiún go raibh a acmhainneacht ag 15 000 tona in aghaidh na bliana freisin, ar bhonn staidéar margaidh inar tugadh le fios, ó thaobh aschur táirgeachta de, go raibh an chuideachta sa chatagóir chéanna le Serravalle ([127]). Ríomhadh an táirgeacht bunaithe ar úsáid acmhainneachta na gcuideachtaí eile a sholáthair a gcuid sonraí féin. Ríomhadh úsáid/díolacháin faoi chuing, díolacháin onnmhairiúcháin agus díolacháin an Aontais ar an mbonn céanna le Serravalle.

(e) I gcás Luvata, Barth Metallwerke agus Standard Metall, thug an Coimisiún dá aire, cé gur sholáthair páirtithe na hÚisbéiceastáine roinnt tásc go bhféadfadh na cuideachtaí sin an acmhainneacht chun an táirge faoi imscrúdú a tháirgeadh a choinneáil ar bun, nár sholáthair siad aon fhianaise dhochloíte go ndearna siad amhlaidh le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus nach ndearna siad iarracht fiú aon chainníochtú ar an táirgeacht agus ar na díolacháin thoimhdithe a sholáthar. A mhéid a bhaineann go sonrach le Luvata, thug an Coimisiún dá aire gur grúpa cuideachtaí é Luvata a tháirgeann táirgí copair i 10 monarcha mhonaraíochta i roinnt tíortha san Eoraip, san Áise, i Meiriceá Thuaidh agus i Meiriceá Theas, thug an Coimisiún dá aire go bhféadfaí tagairt a dhéanamh i ráiteas na cuideachta do ghníomhaíochtaí ghrúpa Luvata i dtíortha eile lasmuigh den Aontas. Fiú dá ndéanfadh sé tagairt do tháirgeadh san Aontas, ní léir ón bhfreagairt ar thagair sé do chornaí atá tochraiste go cothrom nó d'fhoirmeacha eile feadán copair, agus an raibh aon táirgeadh iarbhír ann le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ar deireadh, tugann an Coimisiún dá aire nach bhfuarthas aon cheann de na trí chuideachta ar liosta na soláthróirí a sholáthair úsáideoirí an Aontais a chomhoibrigh leis an imscrúdú mar chuid dá bhfreagra ar an gceistneoir. I bhfianaise an mhéid sin, mheas an Coimisiún nach mbeadh sé iomchuí aon chainníocht dhearfach a shannadh d'acmhainneacht, do tháirgeadh ná do dhíolacháin leis na trí chuideachta sin.

(389) I bhfianaise a bhfuil thuas, mheas an Coimisiún, fiú dá mbeadh míchruinnis áirithe sa ghearán nó sa fhreagra ar an macraicheistneoir, gur bhain a ríomhanna ar thomhaltas an Aontais, agus dá bhrí sin ar sciartha den mhargadh freisin, úsáid as an bhfaisnéis is fearr a bhí ar fáil agus go raibh siad iontaofa.

(390) A mhéid a bhaineann leis an maíomh gur cheart tomhaltas iomlán an Aontais, lena n-áirítear tomhaltas faoi chuing, a úsáid chun an sciar den mhargadh a ríomh, thug an Coimisiún dá aire gur measúnú cás-sonrach é sin. Sa chás seo, mar a mhínítear in aithris (318), ní nochtar táirgí a bhfuil sé beartaithe úsáid faoi chuing a bhaint astu d'iomaíocht dhíreach ó allmhairí. I gcodarsnacht leis sin, tá an táirgeacht a bhfuil sé beartaithe í a dhíol ar an saormhargadh in iomaíocht dhíreach le hallmhairí an táirge lena mbaineann. Dá bhrí sin, is é tomhaltas an Aontais sa saormhargadh an mhéadracht ábhartha chun sciartha den mhargadh a ríomh.

([125]) https://www.sctubes.com/en/about-us.

([126]) Féach https://www.kme.com/fileadmin/DOWNLOADCENTER/ABOUT%20US/4%20Commitments/Sustainability_Report_2025/KME_2026_SCT_-_TMX_ENG.pdf, lch. 22.

([127]) https://www.coppercouncil.org/wp-content/uploads/2022/02/TS22-Di-Cosimo.pdf.

(391) A mhéid a bhaineann leis na coinníollacha maidir le carnadh faoi Airteagal 3(4) den bhunRialachán, thug an Coimisiún dá aire, mar a dheimhnigh cúirteanna an Aontais, ([128]) go bhfuil lánrogha áirithe aige maidir leis an measúnú ar dhiomaibhseacht allmhairí. Sa chás áirithe sin, sa bhreis ar an sciar den mhargadh a bhí ag an Úisbéiceastáin a bhí os cionn 1 %, thug an Coimisiún dá aire freisin gur léirigh allmhairí ón Úisbéiceastáin fás tapa foriomlán le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus gur baineadh an fás sin amach i margadh foriomlán craptha de chuid an Aontais. Thairis sin, tháinig na méideanna sin isteach i margadh an Aontais ar phraghsanna an-íseal, níos ísle fós ná na tíortha eile lena mbaineann, go háirithe in 2023 agus 2024, agus dá bhrí sin chuir siad brú suntasach ar phraghsanna thionscal an Aontais. I bhfianaise an mhéid sin, ag an gcéim seo, mheas an Coimisiún nach diomaibhseach é an sciar den mhargadh atá ag an Úisbéiceastáin.

(392) A mhéid a bhaineann leis na coinníollacha iomaíochta, thug an Coimisiún dá aire, gan beann ar úinéireacht, nó ar aon toisc a líomhnaítear a dhéanann difear do chumas agus do dhreasachtaí tháirgeoirí na hÚisbéiceastáine onnmhairiú chuig an Aontas, gur léirigh an t-imscrúdú go bhfuil na táirgí a allmhairítear ón Úisbéiceastáin le linn na tréimhse imscrúdúcháin an-chosúil leis na táirgí a allmhairítear ó na tíortha eile lena mbaineann agus leis na táirgí a tháirgeann tionscal an Aontais. Is léir sin ós rud é go raibh uimhreacha rialaithe táirgí uile na dtáirgí a allmhairíodh ón Úisbéiceastáin le linn na tréimhse imscrúdúcháin ag teacht freisin leis na táirgí a allmhairíodh ó na tíortha eile lena mbaineann, agus leis na táirgí a tháirg tionscal an Aontais. Thairis sin, tháinig na táirgí a allmhairíodh ón Úisbéiceastáin isteach san Aontas ar phraghsanna a bhí inchomparáide go ginearálta le praghsanna na dtáirgí a d'allmhairigh na tíortha eile lena mbaineann, agus rinne siad sladghearradh 4,16 % ar phraghsanna thionscal an Aontais. Ar deireadh, mar a luaitear in aithris (328) thuas, díoladh na táirgí den chuid is mó trí na bealaí díolacháin céanna agus le catagóirí custaiméirí comhchosúla.

(393) I bhfianaise an mhéid thuas, chloígh an Coimisiún lena sheasamh go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le measúnú carnach ar dhíobháil, lena n-áirítear na hallmhairí ón Úisbéiceastáin faoi Airteagal 3(4) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, dhiúltaigh sé do mhaímh tháirgeoirí na hÚisbéiceastáine agus Rialtas na hÚcráine.

(394) A mhéid a bhaineann leis an maíomh ar fhoirceannadh an imscrúdaithe i leith na hÚisbéiceastáine faoi Airteagal 9(3), thug an Coimisiún dá aire, i bhfianaise gur carnadh allmhairí i gcás na gceithre thír lena mbaineann, nach mbaineann an tagairt d'Airteagal 9(3) den bhunRialachán do mhéideanna allmhairí chun measúnú a dhéanamh ar dhíobháil sa chás seo le méideanna allmhairí na dtíortha aonair. Baineann sé le méideanna iomlána na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann, agus tá siad sin i bhfad os cionn na méideanna a leagtar amach in Airteagal 5(7) den bhunRialachán. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin freisin.

4.8. **Conclúid maidir le díobháil**

(395) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, léirigh beagnach gach macrathóscaire agus microthóscaire meath suntasach ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais, ar féidir a mheas go bhfuil sé díobhálach ó 2023 ar a laghad.

(396) Chaill tionscal an Aontais méideanna táirgeachta, méideanna díolachán agus sciar den mhargadh de réir a chéile. Thairis sin, fiú dá n-éireodh leis a chostais oibriúcháin a rialú agus a laghdú, ní raibh sé in ann a phraghsanna a choinneáil ar bun os cionn chostas aonaid an táirgthe, a raibh tionchar ag na hathruithe ar phraghas domhanda an chopair orthu.

(397) D'éirigh an díobháil níos soiléire fós i bhfeidhmíocht airgeadais thionscal an Aontais ó 2023 ar aghaidh, nuair a bhí caillteanas ann agus nuair a thit a shreafaí airgid go beagnach nialas.

(398) D'éirigh le tionscal an Aontais leibhéal infheistíochta a choinneáil ar bun, rud a bhí riachtanach chun seantrealamh a ionadú agus leanúint dá oibríochtaí. Mar sin féin, mar gheall ar na caillteanais a thosaigh ó 2023 ar aghaidh, d'éirigh an toradh ar na hinfheistíochtaí diúltach.

(399) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim sin gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán.

([128]) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 12 Márta 2020, *Eurofer, European Steel Association, AISBL v an Coimisiún Eorpach*, Cás T-835/17, mír 82.

5. **CÚISÍOCHT**

(400) I gcomhréir le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann. I gcomhréir le hAirteagal 3(7) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfadh sé go ndearna tosca aitheanta eile dochar do thionscal an Aontais san am céanna. D'áirithigh an Coimisiún nár cuireadh aon díobháil fhéideartha, ar tosca eile ba chúis léi seachas na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann, i leith na n-allmhairí dumpáilte. Seo a leanas na tosca sin: na hallmhairí ó thíortha seachas na tíortha lena mbaineann, úsáid faoi chuing, feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais, agus na forbairtí ar thomhaltas.

5.1. **Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte**

(401) Mar a léirítear i roinn 4.6, le linn na tréimhse faoi bhreathnú, chaill tionscal an Aontais méideanna táirgeachta, méideanna díolachán agus sciar den mhargadh, agus chaill sé an cumas a phraghsanna a choinneáil os cionn a chostas táirgthe.

(402) Tharla an meath sin i gcomhthráth leis an méadú ar an láithreacht agus ar an iomaíocht ó allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig méadú seasta agus substaintiúil ar mhéideanna allmhairí ó na tíortha sin, méadú 32 % i ndearbhmhéideanna, agus méadú beagnach 8 bpointe céatadáin i dtéarmaí sciar den mhargadh.

(403) An tráth céanna, i gcomparáid le praghsanna thionscal an Aontais, léirigh praghsanna na n-allmhairí dumpáilte sin íogaireacht i bhfad níos lú maidir leis na costais chopair a bhí ag ardú. Go deimhin, cé gur tháinig méadú 5 % ar phraghsanna domhanda copair le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 6 % ar phraghsanna na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann. Mar thoradh air sin, ní hamháin go ndearnadh siad sladghearradh ar phraghsanna thionscal an Aontais, ach ó 2023 ar aghaidh, thit siad faoi bhun leibhéal chostais thionscal an Aontais, rud a d'fhág go raibh a phraghsanna á sochtadh go mór.

(404) Fágann sé sin go bhfuil meath thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar thoradh ar éifeachtaí méide agus praghais araon atá nasctha le láithreacht mhéadaitheach na n-allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann.

(405) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go ndearna na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann díobháil ábhartha do thionscal an Aontais.

5.2. **Éifeachtaí tosca eile**

5.2.1. *Allmhairí ó thríú tíortha*

(406) Agus é á chur san áireamh nach gcumhdaíonn Cód AC 7411 10 90 an táirge faoi imscrúdú amháin, shuigh an Coimisiún méid na n-allmhairí ó thríú tíortha trí úsáid a bhaint as sonraí Eurostat. Go háirithe, i gcás na Tuirce agus (i gcomhpháirt) i gcás gach tríú tír eile seachas an Téalainn, ríomh an Coimisiún na hallmhairí le linn na tréimhse faoi bhreathnú trí úsáid a bhaint as cóimheas na gcainníochtaí a tuairiscíodh tar éis thionscnamh an imscrúdaithe faoi Chód TARIC 7411 10 90 10 (táirge faoi imscrúdú) thar na cainníochtaí iomlána faoi Chód AC 7411 10 90. Bhí na cóimheasa sin 47 % i gcás na Tuirce agus 71 % i gcás gach tríú tír eile. I gcás na Téalainne nár tuairiscíodh aon chainníocht ina leith faoi Chód TARIC 7411 10 90 10, mheas an Coimisiún gur táirge faoi imscrúdú a bhí sa chainníocht iomlán a tuairiscíodh faoi Chód AC 7411 10 90.

(407) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid allmhairí ó thríú tíortha eile le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 12

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
an Tuirc	Cainníocht (tonaí)	1 935	1 951	2 244	2 537
	Innéacs	*100*	*101*	*116*	*131*
	An sciar den mhargadh	[1,51 - 1,7]	[1,66 – 1,86]	[1,96 - 2,19]	[2,2 - 2,45]
	Meánphraghas	10 122	9 552	9 989	10 593
	Innéacs	*100*	*94*	*99*	*105*
an Téalainn	Cainníocht (tonaí)	1 589	1 490	859	638
	Innéacs	*100*	*94*	*54*	*40*
	An sciar den mhargadh	[1,24 - 1,39]	[1,27 - 1,42]	[0,75 - 0,84]	[0,55 - 0,62]
	Meánphraghas	12 595	10 816	10 997	10 916
	Innéacs	*100*	*86*	*87*	*87*
Tríú tíortha eile	Cainníocht (tonaí)	2 390	1 781	1 429	1 303
	Innéacs	*100*	*75*	*60*	*54*
	An sciar den mhargadh	[1,86 - 2,1]	[1,52 - 1,7]	[1,25 - 1,4]	[1,13 - 1,26]
	Meánphraghas	10 701	9 943	10 422	11 247
	Innéacs	*100*	*93*	*97*	*105*
Iomlán na dtríú tíortha uile seachas na tíortha lena mbaineann	Cainníocht (tonaí)	5 914	5 222	4 533	4 477
	Innéacs	*100*	*88*	*77*	*76*
	An sciar den mhargadh	[4,6 - 5,18]	[4,45 - 4,98]	[3,96 - 4,43]	[3,88 - 4,32]
	Meánphraghas	11 020	10 046	10 317	10 829
	Innéacs	*100*	*91*	*95*	*100*

Foinse: Eurostat

(408) Seachas na tíortha lena mbaineann, ba iad an Tuirc agus an Téalainn na tíortha a raibh na méideanna allmhairí is airde acu le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(409) Mar is léir ó thábla 12— **Allmhairí ó thríú tíortha** thuas, léirigh allmhairí ón Tuirc méadú 31 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ach i ndearbhthéarmaí áfach, d'fhan siad ar leibhéil mheasartha, ag 2 537 tona le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Os a choinne sin, sa tréimhse chéanna tháinig laghdú 60 % ar allmhairí ón Téalainn, agus níor shroich siad ach 638 dtona le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Tháinig laghdú 46 % ar allmhairí ó thríú tíortha eile, agus shroich siad thart ar 1 300 tona go comhpháirteach le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(410) Thar aon ní eile, le linn na tréimhse faoi bhreathnú, d'fhan praghsanna na n-allmhairí ón Tuirc, ón Téalainn, agus go comhpháirteach ó gach tríú tír eile os cionn phraghsanna na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann, agus go háirithe i gcomparáid le praghsanna agus costais thionscal an Aontais.

(411) Fágann sé sin nach bhféadfadh na hallmhairí ó na tíortha sin rannchuidiú, ina n-aonar ná i gcomhpháirt, leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

5.2.2. *Tomhaltas*

(412) Mar a léirítear i dTábla 2— **Tomhaltas an Aontais (tonaí)**, tháinig laghdú 8 % ar thomhaltas iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus tháinig laghdú 10 % ar thomhaltas sa saormhargadh le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(413) Cé go bhféadfadh tionchar beag a bheith ag an laghdú sin ar thomhaltas ar chaillteanas méideanna díolachán thionscal an Aontais, ba iad na hallmhairí dumpáilte ba chúis leis an gcuid is mó den chaillteanas sin, allmhairí a ghnóthaigh sciar mór den mhargadh chun aimhleasa thionscal an Aontais.

(414) Thairis sin, léiríodh san imscrúdú, i gcás thionscal an Aontais, gur costais athraitheacha den chuid is mó iad na costais táirgthe, is é sin, costais atá nasctha go díreach le méid na táirgeachta. Áirítear orthu sin costas an chopair (arb ionann é, mar a mhínítear thuas, agus suas le 90 % den chostas táirgthe foriomlán), ach costais oibriúcháin athraitheacha eile freisin amhail fuinneamh agus saothar díreach. Os a choinne sin, níl sna costais sheasta ach cuid an-bheag de na costais táirgthe fhoriomlána.

(415) I bhfianaise an mhéid sin, ní fhéadfadh an laghdú ar thomhaltas rannchuidiú go mór le laghadú ar bhrabúsacht thionscal an Aontais, rud a chinntear go príomha leis an ngaol idir na costais athraitheacha agus an corrlach atá tionscal an Aontais in ann a ghearradh sa bhreis ar na costais sin.

(416) Sa chás sin, d'éirigh brabúsacht thionscal an Aontais diúltach mar thoradh ar an sochtadh praghsanna de bharr na n-allmhairí ar phraghas íseal ó na tíortha lena mbaineann, rud a d'fhág nach raibh tionscal an Aontais in ann corrlach dearfach a choinneáil ar bun.

(417) Dá bhrí sin, chuir an laghdú ar thomhaltas an Aontais go teoranta leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais, nó níor chuir sé leis ar chor ar bith. Ní féidir le rannchuidiú teoranta den sórt sin an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais a mhaolú.

5.2.3. *Úsáid faoi chuing*

(418) Mar a luaitear in aithris (323), shuigh an Coimisiún go raibh cuid de tháirgeacht tháirgeoirí sampláilte an Aontais dírithe ar úsáid faoi chuing, agus go sonrach ar tháirgeadh feadán copair brataithe nó inslithe. Scrúdaigh an Coimisiún cé acu an bhféadfadh sé gur chuir nó nár chuir na treochtaí in úsáid an táirge faoi chuing leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

(419) Mar a léirítear i dTábla 6, bhí úsáid faoi chuing thionscal an Aontais fós ina cuid bheag dá tháirgeadh foriomlán feadán copair, agus léirigh sí fás beag 5 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(420) Is táirgí ar luach níos airde iad na táirgí a tháirgtear faoi chuing, a bhfuil níos lú iomaíochta ó allmhairí rompu agus a mbíonn ranníocaíocht dhearfach acu de ghnáth le hioncam agus brabúsacht tháirgeoirí an Aontais.

(421) Dá bhrí sin, níl aon léiriú ann gur chuir síorathrú na húsáide faoi chuing ar bhealach ar bith leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

5.2.4. *Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais*

(422) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid onnmhairí ó tháirgeoirí an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla uimhir 13

Feidhmíocht onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid onnmhairí (tonaí)	17 580	12 971	14 233	13 486
Innéacs	*100*	*74*	*81*	*77*
An meánphraghas (tonaí)	10 166	9 782	10 064	10 251
Innéacs	*100*	*96*	*99*	*101*

Foinse: Freagra ar an macraicheistneoir

(423) Thit méideanna onnmhairí thionscal an Aontais ó thart ar 17 500 tona in 2022 go dtí thart ar 13 500 tona in 2025 (an tréimhse imscrúdúcháin), is é sin 23 %, de réir mar a ghéaraigh an iomaíocht freisin i margaí idirnáisiúnta le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(424) Cé nach féidir a mheas gur diomaibhseach an laghdú 4 000 tona sin, tá sé i bhfad níos ísle, áfach, i nglanfhigiúrí ná an laghdú ar mhéideanna díolachán i margadh an Aontais, arbh iad na hallmhairí dumpáilte ba chúis leis.

(425) Thairis sin, mar a luaitear thuas, tá na costais táirgthe sheasta agus, dá bhrí sin, na barainneachtaí scála i dtáirgeadh feadán copair an-teoranta. Dá bhrí sin, ní fhéadfadh an laghdú ar mhéideanna onnmhairiúcháin rannchuidiú go mór le brabúsacht laghdaitheach thionscal an Aontais san Aontas.

(426) Dá bhrí sin, is féidir teacht ar an gconclúid nach bhféadfadh ach rannchuidiú teoranta, más ann dó, a bheith déanta ag feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais. Ní féidir le rannchuidiú teoranta den sórt sin an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais a mhaolú.

5.2.5. *Measúnú carnach ar éifeachtaí fachtóirí eile*

(427) Leanann sé ón méid thuas gurbh iad na tosca amháin a bhféadfadh éifeacht a bheith acu ar an díobháil a bhain do thionscal an Aontais, an laghdú beag ar thomhaltas an Aontais agus an laghdú ar onnmhairí. I gcás an dá thoisc, áfach, measadh go mbeadh an rannchuidiú sin teoranta sa chás ab fhearr, agus dá bhrí sin nach mbeadh sé in ann an nasc cúisíoch idir an díobháil a bhain do thionscal an Aontais agus na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann a mhaolú.

5.2.6. *Barúlacha ó pháirtithe leasmhara*

(428) Fuair Emmedi barúlacha maidir le cúisíocht.

(429) Mhaígh Emmedi go bhfuil tosca eile ann ar dócha go ndearna siad díobháil. Go háirithe, thagair Emmedi do chlaochlú struchtúrach mhargadh copair na hIodáile a bhfuil crapadh suntasach tagtha air le blianta beaga anuas, chomh maith leis an moilliú foriomlán ar an éileamh tógála. Thagair sé freisin d'allmhairí ó thríú tíortha, do luaineacht praghsanna copair LME, don mhéadú ar chostais fuinnimh an Aontais, agus do straitéisí tráchtála tháirgeoirí an Aontais. D'iarr Emmedi go ndéanfaí idirdhealú anailíseach idir an sciar den díobháil is inchurtha i leith allmhairí dumpáilte agus na tosca sin, de bhun Airteagal 3(7) den bhun-Rialachán, lena n-áirítear chun críocha chur i bhfeidhm féideartha riail na dleachta is lú.

(430) Rinne an Coimisiún measúnú ar an laghdú ar thomhaltas mar chúis fhéideartha díobhála i roinn 5.2.2. Rinne sé measúnú freisin ar éifeachtaí na n-allmhairí ó thríú tíortha i roinn 5.2.1. Tháinig sé ar an gconclúid nach raibh aon rannchuidiú, nó gur rannchuidiú an-teoranta a bhí sna tosca sin, leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

(431) A mhéid a bhaineann le luaineacht praghsanna copair LME, thug an Coimisiún dá aire gur saintréith bhunúsach de ghnó na bhfeadán copair é. I ndáil leis sin, níor mhínigh Emmedi conas a d'fhéadfadh an luaineacht sin cur le díobháil, ná fiú conas a d'athraigh an luaineacht sin le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(432) A mhéid a bhaineann leis an méadú ar chostais fuinnimh an Aontais, thug an Coimisiún dá aire nach toisc ar leith é sin nach mbaineann le hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann. Is amhlaidh atá toisc go mbeadh tionscal an Aontais in ann na méaduithe sin a chur ar aghaidh chuig a chustaiméirí trína phraghsanna a mhéadú, agus gur theip air déanamh amhlaidh go beacht mar gheall ar an mbrú a chuir na hallmhairí dumpáilte ar phraghsanna.

(433) A mhéid a bhaineann le straitéisí tráchtála tháirgeoirí an Aontais, níor mhínigh Emmedi cad a bhí i gceist leis na straitéisí sin, ná conas a d'fhéadfaidís díobháil a dhéanamh do na cuideachtaí a ghlac iad.

(434) I bhfianaise a bhfuil thuas, dhiúltaigh an Coimisiún do mhaímh Emmedi, agus thug sé dá aire freisin, de bhun Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán, nach é is aidhm do riail na dleachta is lú an dleacht a choigeartú de réir tosca éagsúla a chuireann leis an díobháil, ach an dleacht a shocrú ar an leibhéal a bheadh leordhóthanach chun deireadh a chur leis an díobháil.

5.3. Conclúid maidir le cúisíocht

(435) Tháinig meath ar staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú i gcomhthráth le méadú mór ar mhéid na n-allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann. Ní hamháin gur tháinig na hallmhairí isteach i méideanna méadaitheacha, ach freisin ar phraghsanna a ghearr faoi phraghsanna thionscal an Aontais agus a chuir faoi chois iad. Dá bhrí sin, tá nasc cúisíoch soiléir idir an díobháil a bhain do thionscal an Aontais agus na hallmhairí dumpáilte.

(436) Rinne an Coimisiún idirdhealú agus deighilt idir éifeachtaí na dtosca aitheanta uile ar staid thionscal an Aontais agus éifeachtaí díobhálacha na n-allmhairí dumpáilte. Bhí éifeachtaí chrapadh beag thomhaltas an Aontais agus an laghdú ar mhéideanna na n-onnmhairí ar staid thionscal an Aontais teoranta i gcomparáid le héifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte. Thairis sin, is léir nach raibh aon tionchar diúltach ag an úsáid faoi chuing ná ag na hallmhairí ó thríú tíortha ar thionscal an Aontais.

(437) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim seo go raibh na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann ina gcúis le díobháil ábhartha do thionscal an Aontais agus nár maolaíodh an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha de thoradh na dtosca eile, arna meas ar bhonn aonair nó go comhpháirteach. Is éard atá sa díobháil den chuid is mó caillteanas méideanna táirgeachta, méideanna díolachán agus sciar den mhargadh, brabúsacht dhiúltach agus sreafaí airgid laghdaitheacha.

6. LEIBHÉAL NA mBEART

(438) Chun leibhéal na mbeart a chinneadh, scrúdaigh an Coimisiún ar leor dleacht is lú ná an corrlach dumpála chun deireadh a chur leis an díobháil do thionscal an Aontais de dheasca allmhairí dumpáilte.

(439) Sa chás seo, mhaígh na gearánaigh go raibh saobhadh amhábhar ann de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán maidir le dhá cheann de na tíortha atá faoi imscrúdú, is é sin an tSín agus Vítneam. Tá an measúnú a bhaineann leis na tíortha sin san áireamh i roinn 6.2 thíos.

6.1. Scrúdú ar an gcorrlach is leordhóthanach chun deireadh a chur leis an díobháil a rinneadh do thionscal an Aontais i gcás Mheicsiceo agus na hÚisbéiceastáine

(440) Shuigh an Coimisiún ar dtús an méid dleachta ba ghá chun go ndíothófar an díobháil a bhain do thionscal an Aontais in éagmais saobhadh de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Sa gcás sin, thiocfadh deireadh leis an díobháil dá bhféadfadh tionscal an Aontais spriocbhrabús a bhaint amach trí dhíol ar spriocphraghas de réir bhrí Airteagal 7(2c) agus Airteagal 7(2d) den bhun-Rialachán.

(441) I gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, chun an spriocbhrabús a shocrú, chuir an Coimisiún na tosca seo a leanas san áireamh: leibhéal na brabúsachta roimh an méadú ar allmhairí ón tír lena mbaineann, leibhéal na brabúsachta is gá chun costais agus infheistíochtaí iomlána a chumhdach, taighde agus forbairt (T&F) agus nuálaíocht, agus leibhéal na brabúsachta a mbeadh coinne leis faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. Níor cheart an corrlach brabúis sin a bheith níos ísle ná 6 %.

(442) Cuireadh faisnéis maidir le bunú an ghnáthbhrabúis san áireamh sna ceistneoirí a seoladh chuig táirgeoirí sampláilte an Aontais. Áiríodh leis sin brabúsacht an táirge chomhchosúil sna 10 mbliana roimh an tréimhse imscrúdúcháin. Mar sin féin, ní raibh táirgeoirí an Aontais in ann sonraí iomlána a sholáthar agus níorbh fhéidir na sonraí a soláthraíodh a fhíorú. Ina theannta sin, is ar éigean a bhí tionscal an Aontais brabúsach, nó bhí sé neamhbhrabúsach le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a léirítear i dTábla 11.

(443) Mhaígh táirgeoirí sampláilte áirithe de chuid an Aontais go mbeadh an leibhéal infheistíochtaí, taighde agus forbartha agus an nuálaíocht le linn na tréimhse faoi bhreathnú níos airde faoi ghnáthchoinníollacha iomaíochta. Ní raibh na táirgeoirí in ann an maíomh sin a thomhas, áfach. Dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid gur cheart an spriocbhrabús a shocrú ag 6 % i gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán.

(444) I gcomhréir le hAirteagal 7(2d) den bhun-Rialachán, mar chéim chríochnaitheach, rinne an Coimisiún measúnú ar na costais amach anseo a eascróidh as Comhaontuithe Iltaobhacha Comhshaoil, agus prótacail fúthu, ar páirtí iontu an tAontas, agus Coinbhinsiúin EIS a liostaítear in Iarscríbhinn Ia, costais a thabhóidh tionscal an Aontais le linn thréimhse chur i bhfeidhm an bhirt de bhun Airteagal 11(2) den bhunRialachán. Ós rud é nach raibh táirgeoirí an Aontais in ann sonraí iomlána a sholáthar, níor cuireadh aon chostas breise leis na praghsanna neamhdhíobhálacha.

(445) Ar an mbonn sin, ríomh an Coimisiún praghas neamhdhíobhálach thart ar 10 200 – EUR 12 300 in aghaidh an tona do tháirge comhchosúil thionscal an Aontais tríd an gcorrlach brabúis thuasluaite (féach aithris (443)) a chur i bhfeidhm ar chostas táirgthe tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(446) Ansin chinn an Coimisiún leibhéal an chorrlaigh díobhála ar bhonn comparáid idir an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe atá ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha fíoraithe sna tíortha lena mbaineann ar bhonn cineál ar chineál, mar a suíodh i leith ríomhanna sladghearrtha praghais, agus meánphraghas ualaithe neamhdhíobhálach an táirge chomhchosúil arna dhíol ag na táirgeoirí sampláilte san Aontas ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léiríodh aon difríocht a d'eascair ón gcomparáid sin mar chéatadán den mheánluach ualaithe CAL ar allmhairiú.

(447) Sainítear an leibhéal díothaithe díobhála le haghaidh 'cuideachtaí comhoibríocha eile' agus le haghaidh 'gach allmhaire eile de thionscnamh Mheicsiceo agus na hÚisbéiceastáine' ar an mbealach céanna agus a shainítear an corrlach dumpála le haghaidh na gcuideachtaí agus na n-allmhairí sin (féach aithrisí (254) go (256) do Mheicsiceo, agus (291) go (292) don Úisbéiceastáin).

(448) Taispeántar toradh na ríomhanna sin sa tábla thíos.

Tír	Cuideachta	Corrlach dumpála (%)	Corrlach díobhála (%)
Meicsiceo	GD Affiliates de RL de CV	32,2	18,2
	Gach allmhaire eile de thionscnamh Mheicsiceo	32,2	18,2
an Úisbéiceastáin	ICG Infinity Copper Group LLC Metal Processing Technology LLC	36,7	11
	Angren Pipe Plant LLC	31,1	5,6
	JV Sharq Tubes LLC	37,6	6,8
	Gach allmhaire eile de thionscnamh na hÚisbéiceastáine	37,6	11

6.2. **Scrúdú ar an gcorrlach is leordhóthanach chun deireadh a chur leis an díobháil do thionscal an Aontais i gcás na Síne agus Vítneam**

6.2.1. *Comparáid idir corrlach dumpála agus corrlach díobhála*

(449) De réir Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún ar dtús, i ndáil leis an tSín agus le Vítneam, cé acu an mbeadh an corrlach dumpála a suíodh go sealadach níos airde ná an corrlach atá leordhóthanach chun deireadh a chur leis an díobháil do thionscal an Aontais. Chuige sin, rinneadh comparáid idir meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha i Vítneam agus spriocphraghas thionscal an Aontais mar a mhínítear i roinn 6.1 thuas.

(450) Sainítear an leibhéal díothaithe díobhála le haghaidh 'cuideachtaí comhoibríocha eile' agus le haghaidh 'gach allmhaire eile de thionscnamh Vítneam ar an mbealach céanna agus a shainítear an corrlach dumpála le haghaidh na gcuideachtaí agus na n-allmhairí sin (féach aithrisí (308) agus (313)). I gcás allmhairí de thionscnamh na Síne, chinn an Coimisiún leibhéal an chorrlaigh díobhála ar bhonn an chorrlaigh ab airde a suíodh maidir le gach cineál táirge arna onnmhairiú ag táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch de chuid na Síne.

(451) Taispeántar toradh na ríomhanna sin sa tábla thíos.

Tír	Cuideachta	Corrlach dumpála (%)	Corrlach díobhála (%)
an tSín	Ningbo Jintian Copper Tube Co. Ltd.,	33,5	13,8
	Gach allmhaire eile de thionscnamh na Síne	51,5	17,3
Vítneam	Hailiang (Vietnam) Copper Manufacturing Co., Ltd	20,4	12,3
	Jintian Copper Industrial Company Limited	13,8	14,4
	Cuideachtaí comhoibríocha eile i Vítneam	17,4	13,3
	Gach allmhaire eile de thionscnamh Vítneam	20,6	14,4

(452) Ós rud é go raibh an corrlach díobhála a ríomhadh do tháirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne agus do tháirgeoirí onnmhairiúcháin áirithe de chuid Vítneam níos ísle ná an corrlach dumpála, rinne an Coimisiún measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil saobhadh amhábhar ann maidir leis an táirge faoi imscrúdú, de bhun Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán.

6.2.2. *Saobhadh amhábhar*

6.2.2.1. Saobhadh amhábhar sa tSín

(453) De réir na fianaise sa ghearán, tá catóidí copair, fuíoll copair nó billéid chopair (nó meascán de chatóidí copair agus fuíoll copair), arb ionann iad agus idir 75 agus 90 % de chostas táirgthe an táirge lena mbaineann, faoi réir taraifí onnmhairiúcháin sa tSín.

(454) Shainaithin an Coimisiún na príomh-amhábhair ar dtús a úsáideann an táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríoch i dtáirgeadh an táirgthe lena mbaineann. Measadh gur príomh-amhábhair iad na hamhábhair sin ar dócha go bhfuil 17 % ar laghad de chostas táirgthe an táirge lena mbaineann i gceist leo. Shuigh an Coimisiún gurb ionann níos mó ná 90 % den chostas táirgthe agus costas an phríomh-amhábhair, is é sin catóidí copair.

(455) Rinne an Coimisiún scrúdú ansin lena fháil amach an saobhtar aon cheann de na príomh-amhábhair a úsáidtear i dtáirgeadh an táirge lena mbaineann le ceann de na bearta a liostaítear in Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán: scéimeanna déphraghsála, cánacha onnmhairiúcháin, forchánacha onnmhairiúcháin, cuóta onnmhairiúcháin; toirmeasc onnmhairiúcháin, cáin fhioscach ar onnmhairí, ceanglais cheadúnúcháin, praghas onnmhairiúcháin íosta, aisíocaíocht chánach breisluacha (CBL) a laghdú nó a aistarraingt, srian ar phointe imréitigh custaim le haghaidh onnmhaireoirí, liosta d'onnmhaireoirí cáilithe, oibleagáid an mhargadh intíre, mianadóireacht faoi chuing. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún bunachar sonraí taraifí agus cánacha custaim na Síne a bhí ar fáil go poiblí ([129]).

(456) Shuigh an Coimisiún go bhfuil catóidí copair faoi réir cáin onnmhairiúcháin agus aistarraingt aisíocaíochta CBL sa bhreis air sin.

(457) Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún praghas na gcatóidí copair i gcomparáid le praghsanna sa mhargadh idirnáisiúnta ionadaíoch – an tSeirbia. Cuireadh na praghsanna a d'íoc na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha ar na catóidí copair a ceannaíodh ar bhonn intíre i gcomparáid leis na praghsanna catóide copair mar a shuitear i d*Tábla 1*. Léiríodh sa chomparáid sin go raibh na praghsanna a cuireadh i bhfeidhm ar an margadh idirnáisiúnta [6-8] % níos airde ná mar a bhí sa tSín. Ós rud é gurb ionann catóidí copair agus níos mó ná 90 % de na costais iomlána, bheadh méadú foriomlán níos mó ná 5 % ar chostas an táirge mar thoradh ar mhéadú [6-8] % ar phraghsanna amhábhar. Ós rud é nach bhfuil i gcorrlach brabúis tháirgeoir an táirge comhchosúil sa tír ionadaíoch ach 5 %, bheadh éifeacht dhíobhálach ábhartha ag gluaiseacht chostais den sórt sin ar bhrabúsacht, agus dá bhrí sin meastar gur mór an difríocht idir praghsanna.

(458) De cheal comhoibriú ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin eile sa tSín, suíodh na leibhéil praghsanna intíre do mhargadh na Síne ar bhonn idirbhearta ceannaigh na gcatóideach copair a thuairiscigh an t-aon onnmhaireoir comhoibríoch amháin, Jintian China. Leathnaíodh na torthaí san aithris thuas chuig gach táirgeoir onnmhairiúcháin sa tSín.

(459) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil catóidí copair faoi réir saobhadh de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán.

6.2.2.2. Saobhadh amhábhair i Vítneam

(460) De réir na fianaise sa ghearán, i Vítneam, tá catóidí copair a bhfuil os cionn 75 % de chostas táirgthe an táirge lena mbaineann i gceist leo, faoi réir dleachtanna onnmhairiúcháin idir 10-22 %.

(461) Mar a léirítear in aithris (460) thuas, shuigh an Coimisiún gurbh iad na catóidí copair an príomh-amhábhar i dtéarmaí rannchuidiú leis an gcostas táirgthe.

(462) Rinne an Coimisiún scrúdú ansin lena fháil amach an saobhtar aon cheann de na príomh-amhábhair a úsáidtear i dtáirgeadh an táirge lena mbaineann le ceann de na bearta a liostaítear in Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán: scéimeanna déphraghsála, cánacha onnmhairiúcháin, forchánacha onnmhairiúcháin, cuóta onnmhairiúcháin; toirmeasc onnmhairiúcháin, cáin fhioscach ar onnmhairí, ceanglais cheadúnúcháin, praghas onnmhairiúcháin íosta, aisíocaíocht chánach breisluacha (CBL) a laghdú nó a aistarraingt, srian ar phointe imréitigh custaim le haghaidh onnmhaireoirí, liosta d'onnmhaireoirí cáilithe, oibleagáid an mhargadh intíre, mianadóireacht faoi chuing. Chun na críche sin, scrúdaigh an Coimisiún an fhaisnéis a chuir Rialtas Vítneam isteach maidir lena fhreagra ar an gceistneoir, agus foinsí eile a bhí ar fáil, amhail sceideal taraifí na tíre, an reachtaíocht ([130]) is infheidhme maidir le cuideachtaí atá bunaithe i gcriosanna próiseála onnmhairí.

(463) Chuir Rialtas Vítneam barúlacha i scríbhinn agus ó bhéal isteach, ([131]) inar léiríodh go raibh soláthar neamhleor na gcatóidí copair agus na méine copair i margadh intíre Vítneam ina chúis le táirgeoirí an táirge lena mbaineann a fháil ó mhargaí idirnáisiúnta, agus d'áitigh sé an méid seo a leanas:

(464) Ní soláthróir catóidí copair é Vítneam, toisc nach bhfuil dóthain scaglann speisialaithe ná méine copair ardcháilíochta ann do chuideachtaí chun catóidí copair a fháil ón margadh intíre.

([129]) https://www.transcustoms.cn/.

([130]) An Dlí maidir le Dleachtanna Onnmhairiúcháin agus Allmhairiúcháin Uimh. 107/2016/QH13; An Dlí maidir le Custam Uimh. 54/2014/QH13; Foraithne Uimh. 35/2022/ND-CP; Foraithne Uimh. 08/2015/ND-CP; Ciorclán Uimh. 38/2015/TT-BTC.

([131]) Féach uimhir sábhála TRON t26.007930.

(465) Ós rud é gur bhraith táirgeoirí Vítneamacha go príomha ar chopar allmhairithe, ní dhearna dleachtanna onnmhairiúcháin difear do chostais táirgthe ná níor chruthaigh siad buntáiste éagórach d'onnmhaireoirí feadán copair i Vítneam.

(466) Shuigh an Coimisiún go raibh taraifí onnmhairiúcháin i bhfeidhm le haghaidh catóidí copair, fuíoll copair agus mian chopair, ar leibhéil 1-20 %, 22 % agus 40 % faoi seach.

(467) Ina dhiaidh sin, rinne an Coimisiún comparáid idir praghas na gcatóidí copair a cheannaigh na cuideachtaí sampláilte agus praghsanna sa mhargadh idirnáisiúnta ionadaíoch (i.e. praghsanna Mhalartán Miotail Londan).

(468) Ós rud é nár aimsigh an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte catóidí copair ó Vítneam, agus nach raibh aon dleacht i bhfeidhm ar allmhairí catóidí copair isteach sa tír le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh aon éifeacht ag na taraifí onnmhairiúcháin a bhí i bhfeidhm ar phraghsanna na n-amhábhar a d'íoc ceachtar cuideachta.

(469) A mhéid a bhaineann le táirgeoirí eile i Vítneam, thug an Coimisiún dá aire go dtugann an fhaisnéis ar taifead le fios gur ar éigean a d'fhéadfadh na táirgeoirí sin catóidí copair a fháil ó Vítneam. Ina theannta sin, níl aon fhianaise ar taifead a thugann le fios go bhfuil difríocht shuntasach sa phraghas idir na praghsanna intíre agus na praghsanna ar an margadh idirnáisiúnta. Ar na forais sin, mheas an Coimisiún go bhféadfaí glacadh leis nach ndéanfadh na dleachtanna onnmhairiúcháin difear do na táirgeoirí onnmhairiúcháin eile.

(470) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil catóidí copair (scagtha agus ó fhuíoll) faoi réir saobhadh, i bprionsabal, de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Suíodh, áfach, nach ndearna an saobhadh sin difear do na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte.

6.2.3. *Leas an Aontais faoi Airteagal 7(2b) den bhun-Rialachán*

(471) I gcomhréir le hAirteagal 7(2b) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an bhféadfadh sé teacht ar an gconclúid go soiléir go mbeadh sé le leas an Aontais méid na ndleachtanna sealadacha a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán i gcás na Síne. Rinneadh leas an Aontais a chinneadh agus aird á tabhairt ar an bhfaisnéis uile a bhaineann leis an imscrúdú seo, lena n-áirítear na hacmhainneachtaí breise sa tír is onnmhaireoir, iomaíocht le haghaidh amhábhar agus an éifeacht ar shlabhraí soláthair le haghaidh chuideachtaí an Aontais.

6.2.3.1. Acmhainneachtaí breise sa tír is onnmhaireoir

(472) De réir na faisnéise a soláthraíodh sa ghearán, meastar gur [1 000 000-1 500 000] tona atá i gceist le ró-acmhainneacht dhomhanda an táirge lena mbaineann agus go bhfuil [500 000-900 000] tona de sa tSín ([132]). Is ionann na cainníochtaí sin agus idir 4.5 agus 8 n-oiread mhéid na bhfeadán copair a thomhlaítear san Aontas.

(473) Tá comhdhearcadh ginearálta ann freisin go bhfuil meath tromchúiseach ag teacht ar earnáil tógála na Síne, rud a mhéadóidh dreasacht tháirgeoirí feadán copair na Síne deiseanna margaidh onnmhairiúcháin a lorg ([133]).

(474) Tá bearta cosanta trádála forchurtha ag roinnt tíortha ar fheadáin chopair de thionscnamh na Síne. Tá bearta frithdhumpála i bhfeidhm ag Ceanada ó bhí 2013 ann. Tá bearta frithdhumpála i bhfeidhm sna Stáit Aontaithe freisin, agus tá éifeacht le taraifí 50 % ar na hallmhairí uile isteach sna Stáit Aontaithe de tháirgí copair leathchríochnaithe agus de dhiantáirgí díorthach copair ó bhí mí Lúnasa 2025 ann faoi imscrúdú faoi roinn 232. In 2023, d'fhorchuir an Chóiré Theas bearta frithdhumpála freisin ar phíopaí copair gan uaim ón tSín ([134]).

(475) Dá bhrí sin, is léir go bhfuil acmhainneacht bhreise mhór agus acmhainneacht onnmhairiúcháin mhór ag táirgeoirí sa tSín. Mar gheall ar mhéid mór an mhargaidh san Aontas, is ceann scríbe tarraingteach é d'allmhairí feadán copair ar phraghas íseal.

([132]) Gearán, mír 302.
([133]) Gearán, mír 307.
([134]) Gearán, mír 348.

6.2.3.2. Iomaíocht le haghaidh amhábhar

(476) Mar a luaitear in aithris (456), shuigh an Coimisiún go bhfuil catóidí copair faoi réir cáin onnmhairiúcháin agus ina theannta sin aistarraingt aisíocaíochta CBL agus go raibh praghsanna catóide copair ar mhargaí idirnáisiúnta níos airde ná praghsanna na Síne. Dá bhrí sin, tairbhíonn táirgeoirí feadán copair na Síne de rochtain ar chatóidí copair ar phraghsanna faoi bhun leibhéil an mhargaidh idirnáisiúnta, rud a thugann buntáiste costais substaintiúil dóibh.

(477) Os a choinne sin, ceannaíonn táirgeoirí an Aontais catóidí copair ar an margadh oscailte, áit a bhfuil praghsanna faoi réir dinimic soláthair agus éilimh dhomhanda, costais fuinnimh, agus tosca geopholaitiúla. Dá bhrí sin, bhí tionscal an Aontais faoi mhíbhuntáiste i leith táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne.

6.2.3.3. Éifeacht ar shlabhraí soláthair le haghaidh chuideachtaí an Aontais

(478) Meastar go mbeidh tionchar teoranta ag forchur dleachtanna frithdhumpála ar fheadáin chopair na Síne isteach san Aontas ar an slabhra soláthair. Mar a thaispeántar i dTábla 5— **Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsaid acmhainneachta** thuas, bhí acmhainneacht bhreise de níos mó ná 80 000 tona le linn na tréimhse imscrúdúcháin ag tionscal an Aontais. Bhí an acmhainneacht bhreise sin i bhfad níos airde ná méid na n-allmhairí ón tSín le linn na tréimhse céanna. Dá bhrí sin, tá tionscal an Aontais in ann a tháirgeacht féin a chur in ionad allmhairí ón tSín, agus fiú éileamh iomlán an Aontais ar an táirge faoi imscrúdú a chumhdach. Thairis sin, is féidir leis an tSín agus le gach tír eile lena mbaineann onnmhairiú chuig an Aontas fós ar phraghsanna cothroma neamhshaofa.

(479) Thairis sin, d'fhéadfadh úsáideoirí an Aontais an táirge faoi imscrúdú a fhoinsiú fós ó thríú tíortha eile, amhail an tSeapáin, an Téalainn, na Stáit Aontaithe, an Tuirc nó an India ([135]).

(480) Dá bhrí sin, bheadh rochtain leordhóthanach ag úsáideoirí ar an táirge faoi imscrúdú fiú i gcás ina dtiocfadh laghdú ar na hallmhairí ón tSín. Dá bhrí sin, níltear ag súil le cur isteach ar shlabhraí luacha úsáideoirí an Aontais.

6.2.3.4. Conclúid maidir le leas an Aontais faoi Airteagal 7(2b) den bhun-Rialachán

(481) Tar éis don Choimisiún an fhaisnéis ábhartha uile a bhaineann leis an imscrúdú seo a mheasúnú, tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil sé le leas an Aontais méid na ndleachtanna sealadacha a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán.

(482) I bhfianaise na hanailíse a leagtar amach thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, gur chun leasa an Aontais é leibhéal na ndleachtanna sealadacha i gcás na Síne a shocrú ar bhonn leibhéal na dumpála, faoi réir na mbreithnithe breise i gcomhthéacs Airteagal 21 a leagtar amach i roinn 7 thíos.

7. **LEAS AN AONTAIS**

(483) Tar éis dó a chinneadh Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm i gcás na Síne, scrúdaigh an Coimisiún an bhféadfadh sé a chinneadh go soiléir nach raibh sé chun leas an Aontais bearta a ghlacadh sa chás seo, d'ainneoin an chinnidh maidir le dumpáil dhíobhálach, i gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán, i gcás na dtíortha uile lena mbaineann. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla uile lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, soláthróirí réamhtheachtacha, allmhaireoirí agus úsáideoirí.

7.1. **Leas thionscal an Aontais**

(484) Tá 11 chuideachta ag táirgeadh feadáin chopair san Aontas, agus tá 1 049 mball foirne (FTE) fostaithe acu. Tá na táirgeoirí lonnaithe san Ostair, san Fhionlainn, sa Ghearmáin, sa Ghréig, san Iodáil agus sa Spáinn. Thacaigh os cionn 63 % de tháirgeacht iomlán an Aontais go sainráite le tionscnamh an imscrúdaithe agus níor chuir aon táirgeoir de chuid an Aontais in aghaidh an imscrúdaithe.

([135]) Gearán, mír 501.

(485) Léirigh an t-imscrúdú go bhfuil díobháil ábhartha á déanamh do thionscal an Aontais mar gheall ar na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann. De réir na conclúide ar thángthas uirthi i roinn 4.80thuas, tháinig meath ar staid thionscal iomlán an Aontais mar thoradh ar chainníochtaí méadaitheacha na n-allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann ar phraghsanna ísle. Tá na hallmhairí dumpáilte sin ar phraghsanna ísle ag saothrú sciar den mhargadh sa Aontas i gcónaí agus is é tionscal an Aontais atá thíos leis, agus cuireadh bac ar thionscal an Aontais a phraghsanna siúd a ardú go leibhéil bhrabúsachta réasúnacha a cheadódh dóibh an spriocbhrabús a bhaint amach.

(486) Mar thoradh ar fhorchur beart, beidh praghsanna allmhairiúcháin níos airde ann agus athbhunófar cothrom iomaíochta ar mhargadh an Aontais. Meastar go gcuirfidh sé sin ar a chumas do thionscal an Aontais téarnamh ón staid dhíobhálach, agus cuid den sciar den mhargadh a cailleadh de dheasca allmhairí dumpáilte a fháil ar ais ar a laghad. Beidh díolacháin in ann tarlú ar phraghsanna córa, rud a chuirfidh feabhas ar a mbrabúsacht i dtreo leibhéal inbhuanaithe agus chun téarnamh.

(487) Mura bhforchuirfí bearta d'éireodh cás díobhála ábhartha thionscal an Aontais níos measa fós dá bharr, tionscal nach bhfuil láidir go leor méadú ar allmhairí dumpáilte ar phraghsanna atá faoi bhun chostas táirgthe thionscal an Aontais a sheasamh. Mura bhforchuirfí bearta, is féidir coinne a bheith leis go leanfaí den mhéadú ar allmhairí feadán copair dumpáilte ar phraghas íseal ó na tíortha lena mbaineann. Sa chás sin, ní bheadh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna a ardú go leibhéil bhrabúsacha agus leanfadh sé de dhíolacháin a chailleadh de dheasca allmhairí dumpáilte, rud a d'fhágfadh go ndúnfaí tuilleadh gléasraí táirgthe ([136]).

(488) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim sin go mbeadh forchur beart sealadach chun leasa thionscal an Aontais.

7.2. **Leas na soláthróirí réamhtheachtacha**

(489) Lasmuigh d'éifeachtaí na mbeart ar thionscal an Aontais, thug an gearánach le fios go bhféadfadh sé go ndúnfaí teilgcheártaí copair san Aontas mar thoradh ar iomaíocht éagórach ó allmhairí, ar teilgcheártaí iad atá ríthábhachtach do sholáthar copair na hEorpa ([137]).

(490) In éagmais faisnéis bhreise a bheith ar fáil don Choimisiún, bunaithe ar an méid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim sin go mbeadh forchur dleachtanna frithdhumpála sealadacha chun leasa soláthróirí feadán copair san Aontas freisin.

7.3. **Allmhaireoirí neamhchomhlachaithe a shampláil**

(491) Ar thionscnamh an imscrúdaithe, chuathas i dteagmháil le roinnt allmhaireoirí neamhghaolmhara agus iarradh orthu comhoibriú. Níor sholáthair aon allmhaireoir neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a iarradh san Iarscríbhinn a ghabhann leis an bhfógra tionscnaimh don Choimisiún laistigh den sprioc-am, agus chinn an Coimisiún nach raibh gá le sampláil.

(492) Chuir Emmedi Metalli Srl, allmhaireoir agus úsáideoir feadán copair, freagra ar an gceistneoir ar fáil le haghaidh allmhaireoirí neamhchomhlachaithe an 14 Lúnasa 2026. Ós rud é go bhfuarthas an freagra ar an gceistneoir beagnach 5 mhí tar éis an sprioc-ama reachtúil a leagtar amach san fhógra tionscnaimh, thug an Coimisiún neamhaird air.

(493) In éagmais comhoibriú ó allmhaireoirí neamhchomhlachaithe, ní raibh an Coimisiún in ann tionchar beacht na ndleachtanna frithdhumpála ar a ngnó a chinneadh.

(494) In aon chás, beidh allmhaireoirí san Aontas fós in ann feadáin chopair a allmhairiú ó na tíortha lena mbaineann, ós rud é nach é cuspóir an imscrúdaithe stop a chur le hallmhairí ach iomaíocht chóir a athbhunú trí aghaidh a thabhairt ar allmhairí dumpáilte. Ina theannta sin, d'fhéadfadh allmhaireoirí an táirge faoi imscrúdú a fhoinsiú fós ó thríú tíortha eile, amhail an tSeapáin, an Téalainn, na Stáit Aontaithe, an Tuirc nó an India. Cé gur dócha go mbeidh tionchar diúltach áirithe ag na bearta frithdhumpála ar allmhaireoirí, mheas an Coimisiún freisin go mbeidh siad in ann cuid den mhéadú ar chostais de bharr na dleachta a ionsú nó a chur ar aghaidh chuig a gcustaiméirí.

([136]) Gearán, mír 413.
([137]) Gearán, mír 497.

(495) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim seo nach ndéanfadh forchur na mbeart difear díréireach d'allmhaireoirí neamhchomhlachaithe.

7.4. **Leas na n-úsáideoirí**

(496) Chuir 19 n-úsáideoir feadán copair iad féin in aithne. Chuir cúig úsáideoir freagraí ar an gceistneoir isteach agus chuir roinnt mhaith eile barúlacha isteach.

(497) Ar bhonn na faisnéise neamhfhíoraithe a soláthraíodh i gceistneoirí na n-úsáideoirí, bhí idir 3.2 % agus 18.5 % de chostas iomlán monaraíochta na dtáirgí ina n-úsáidtear é i gceist leis an táirge faoi imscrúdú. Cé gur thuairiscigh freagróirí uile na n-úsáideoirí brabúis, déanfar scrúdú breise ar na leibhéil éagsúla bhrabúsachta le linn an imscrúdaithe.

(498) Thacaigh formhór na gcuideachtaí a chuir barúlacha isteach go láidir leis an imscrúdú agus le dleachtanna frithdhumpála a fhorchur, agus béim á leagan acu ar a thábhachtaí atá soláthróirí iontaofa áitiúla, agus ar na rioscaí a bhaineann le spleáchas ar shlabhraí soláthair idirnáisiúnta luaineacha. Mhol dhá chuideachta gur cheart aon bheart a chothromú agus a athbhreithniú go cúramach, ionas nach ndéanfar difear diúltach d'iomaíochas ná d'inmharthanacht tionscal iartheachtach ná nach mbeidh siad i gcoinbhleacht le cuspóirí beartais níos leithne de chuid an Aontais, lena n-áirítear inbhuanaitheacht, iomaíochas tionsclaíoch agus athléimneacht an tslabhra soláthair.

(499) Ina theannta sin, mar a mhínítear in aithris (479), níl aon riosca ann go mbeidh ganntanas soláthair feadán copair san Aontas.

(500) Dá bhrí sin, ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil ag an gcéim sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach ndéanfadh forchur na mbeart difear díréireach d'úsáideoirí.

7.5. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(501) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nárbh ann d'aon chúis láidir nach mbeadh sé le leas an Aontais bearta a fhorchur ar allmhairí feadán copair de thionscnamh na Síne, Mheicsiceo, Vítneam agus na hÚisbéiceastáine ag an gcéim seo den imscrúdú.

8. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA SEALADACHA**

(502) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir le dumpáil, díobháil, cúisíocht, leibhéal na mbeart agus leas an Aontais, ba cheart bearta sealadacha a fhorchur chun cosc a chur le tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte.

(503) Ba cheart bearta frithdhumpála sealadacha a fhorchur ar allmhairí feadán copair de thionscnamh Mheicsiceo, Vítneam agus na hÚisbéiceastáine, i gcomhréir le riail na dleachta is lú in Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán. Chuir an Coimisiún na corrlaigh dhíobhála agus na corrlaigh dhumpála in aithrisí (448) agus (451) thuas i gcomparáid le chéile. Is ar leibhéal an chorrlaigh dumpála nó an chorrlaigh díobhála, cibé acu luach ab ísle, a socraíodh méid na ndleachtanna.

(504) Ba cheart bearta frithdhumpála sealadacha a fhorchur ar allmhairí feadán copair de thionscnamh na Síne, i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithrisí (482) gur cheart gurbh é an corrlach dumpála an leibhéal iomchuí chun deireadh a chur leis an díobháil.

(505) I bhfianaise a bhfuil thuas ba cheart na dleachtrátaí frithdhumpála sealadacha, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh an dleacht chustaim a íoc, a bheith mar a leanas:

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach
Daon-Phoblacht na Síne	Ningbo Jintian Copper Tube Co. Ltd.	33,5 %
	Gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne	51,5 %
Meicsiceo	GD Affiliates de RL de CV	18,2 %
	Gach allmhaire eile de thionscnamh Mheicsiceo	18,2 %

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach
Vítneam	Jintian Copper Industrial Company Limited	13,8 %
	Hailiang (Vietnam) Copper Manufacturing Co., Ltd	12,3 %
	Cuideachtaí comhoibríocha eile i Vítneam	13,3 %
	Gach allmhaire eile de thionscnamh Vítneam	14,4 %
an Úisbéiceastáin	ICG Infinity Copper Group LLC Metal Processing Technology LLC	11 %
	Angren Pipe Plant LLC	5,6 %
	JV Sharq Tubes LLC	6,8 %
	Gach allmhaire eile de thionscnamh na hÚisbéiceastáine	11 %

(506) Na dleachtrátaí frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, bunaíodh iad ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, is léiriú iad ar an staid mar a suíodh le linn an imscrúdaithe seo maidir leis na cuideachtaí sin. Tá na dleachtrátaí sin infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann de thionscnamh na dtíortha lena mbaineann agus arna tháirgeadh ag na heintitis dhlíthiúla ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá comhlachaithe leo siúd a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an dleachtráta is infheidhme maidir le 'gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann'. Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na dleachtrátaí frithdhumpála aonair.

(507) Chun na rioscaí maidir le himchéimniú a íoslaghdú de bharr na difríochta i ndleachtrátaí, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna frithdhumpála aonair a áirithiú. Níl cur i bhfeidhm dleachtanna frithdhumpála aonair infheidhme ach amháin nuair a chuirtear sonrasc tráchtála bailí faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát.. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo. Go dtí go gcuirfear an sonrasc sin i láthair, ba cheart allmhairí a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le 'gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann'.

(508) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na dleachtrátaí frithdhumpála aonair a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc d'údaráis chustaim na mBallstát a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo, ní mór dóibh a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(509) Má thagann méadú suntasach ar an méid onnmhairí a dhéanann ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na dleachtrátaí aonair is ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gurb éard atá i méadú den sórt sin ann féin athrú ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar scrúdú a dhéanamh san imscrúdú sin, *inter alia*, ar an ngá atá le deireadh a chur le dleachtráta/dleachtrátaí aonair agus ar an ngá le dleacht ar an leibhéal náisiúnta a fhorchur dá bharr sin.

9. **CLÁRÚ**

(510) Mar a luaitear in aithris (3), chuir an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir a gcláraithe. Rinneadh an clárú chun go mbeadh an fhéidearthacht ann dleachtanna a bhailiú go cúlghabhálach faoi Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán.

(511) I bhfianaise na dtorthaí ag an gcéim shealadach, ba cheart scor de chlárú na n-allmhairí nó deireadh a chur leis an gclárú.

(512) Ní dhearnadh aon chinneadh ag an gcéim seo den nós imeachta maidir le cur i bhfeidhm cúlghabhálach féideartha i ndáil le bearta frithdhumpála.

10. **FÁISNÉIS AG AN gCÉIM SHEALADACH**

(513) I gcomhréir le hAirteagal 19a den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas faoi fhorchur beartaithe na ndleachtanna sealadacha. Cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil don phobal i gcoitinne freisin trí shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála. Tugadh 3 lá oibre do na páirtithe leasmhara chun barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna a nochtadh go sonrach dóibh.

(514) Thug Jintian China, EUTCDC agus GDA barúlacha maidir leis an réamhnochtadh a thagair don mhodheolaíocht a úsáideadh chun an corrlach dumpála a ríomh. Ós rud é nár bhain na barúlacha sin le cruinneas an ríomha féin, tabharfar aghaidh orthu, i gcás inarb iomchuí, ag céim chinntitheach an imscrúdaithe.

(515) Chuir Sharq Tubes an Coimisiún ar an eolas faoi earráid chléireachais a rinne sé ina fhreagra ar an gceistneoir a rinne difear do chostais lasta. Scrúdaigh an Coimisiún an maíomh agus rinne sé na coigeartuithe comhfhreagracha ar na praghsanna onnmhairiúcháin.

(516) Chuir Jintian Vítneam barúlacha isteach inar thug sé dá aire gur ríomhadh costais SGA a thrádálaí comhlachaithe bunaithe ar fhaisnéis ó chuideachta chomhlachaithe eile. D'iarr an chuideachta freisin go ndéanfaí athbhreithniú ar an leibhéal brabúis a chuirtear i bhfeidhm maidir lena trádálaí comhlachaithe agus go ndéanfaí tástáil OCOT ar bhonn sonraí míosúla.

(517) Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar fhigiúirí SGA agus choigeartaigh sé an ríomh dá réir. Maidir le gach maíomh eile, thug an Coimisiún dá aire, mar a léirítear sa litir chumhdaigh a seoladh chuig gach cuideachta shampláilte an 14 Deireadh Fómhair 2026; ag an réamhnochtadh, ba cheart barúlacha a theorannú do chruinneas na ríomhanna, agus ní bhreithneofar aon bharúil eile ach amháin tar éis na bearta sealadacha a nochtadh. Dá réir sin, tugadh neamhaird ar bharúlacha maidir le foinse an chorrlaigh brabúis dá thrádálaí comhlachaithe, agus ar úsáid sonraí míosúla.

(518) Thug Hailiang Vítneam dá aire difríocht sna cainníochtaí iomlána ar ar a mbonn a ríomhadh corrlaigh dhíobhála agus dhumpála. Mhínigh an Coimisiún gur chomhfhreagair an difríocht sa mhéid do dhíolacháin ó stoic agus gur choigeartaigh sé a ríomh dumpála chun iad a eisiamh ón measúnú.

11. **FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA**

(519) Ar mhaithe leis an dea-riarachán, iarrfaidh an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara barúlacha a chur isteach i scríbhinn agus/nó éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála laistigh de sprioc-am seasta.

(520) Is torthaí sealadacha iad na torthaí maidir le forchur na ndleachtanna sealadacha, agus féadfar iad a leasú ag céim chinntitheach an imscrúdaithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí píopaí agus feadán, de chopar mínghlanta, i gcornaí atá tochraiste go cothrom, bídís réidh nó le heitrí istigh, nach bhfuil tuilleadh próiseála déanta orthu, atá faoi láthair faoi chóid AC ex 7411 10 90 (cód TARIC 7411 10 90 10) agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, Mheicsiceo, Vítneam agus na hÚisbéiceastáine iad.

2. Is mar a leanas a bheidh an dleachtráta frithdhumpála sealadach is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Tír thionscnaimh	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach (%)	Cód breise TARIC
Daon-Phoblacht na Síne	Ningbo Jintian Copper Tube Co., Ltd	33,5	88GX
	Gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne	51,5	8999
Meicsiceo	GD Affiliates de RL de CV	18,2	88GY
	Gach allmhaire eile de thionscnamh Mheicsiceo	18,2	8999
an Úisbéiceastáin	ICG Infinity Copper Group LLC Metal Processing Technology LLC	11	88GZ
	Angren Pipe Plant LLC	5,6	88HA
	JV Sharq Tubes LLC	6,8	88HB
	Gach allmhaire eile de thionscnamh na hÚisbéiceastáine	11	8999
Vítneam	Jintian Copper Industrial Company Limited	13,8	88HC
	Hailiang (Vietnam) Copper Manufacturing Co., Ltd	12,3	88HD
	Cuideachtaí comhoibríocha eile i Vítneam	13,3 %	Féach an Iarscríbhinn
	Gach allmhaire eile de thionscnamh Vítneam	14,4	8999

3. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: *'Déanaimse, a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid i dtonaí)) d'fheadáin chopair a díoladh lena n-onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh iad sa tír seo: (an tír lena mbaineann). Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.'* Go dtí go dtíolacfar an sonrasc sin, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann.

4. An táirge dá dtagraítear i mír 1, beidh a scaoileadh chun saorchúrsaíochta san Aontas faoi réir taisce ráthaíochta a sholáthar a bheidh comhionann le méid na dleachta sealadaí.

5. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

1. Cuirfidh páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha i scríbhinn maidir leis an Rialachán seo faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 15 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Maidir leis na páirtithe leasmhara ar mian leo éisteacht leis an gCoimisiún a iarraidh, déanfaidh siad amhlaidh laistigh de 5 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Más mian le páirtithe leasmhara éisteacht a iarraidh leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála, iarrtar orthu déanamh amhlaidh laistigh de 5 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Féadfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú a dhéanamh ar iarrataí a chuirtear isteach lasmuigh den teorainn ama sin agus cinneadh a dhéanamh ar cheart glacadh leis na hiarrataí sin más iomchuí.

Airteagal 3

1. Ordaítear leis seo do na húdaráis chustaim scor de chlárú na n-allmhairí mar a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1161.

2. Maidir le sonraí arna mbailiú i ndáil le táirgí a tháinig isteach san Aontas Eorpach lena dtomhailt tráth nach faide ná 90 lá roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfar iad a choimeád go dtí go dtiocfaidh aon bhearta cinntitheacha i bhfeidhm, sin nó go dtí go bhfoirceannfar na himeachtaí seo.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Samhain 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Tairgeoirí allmhairiúcháin comhoibríocha eile nár sampláladh

Tír	Ainm	Cód breise TARIC
Vítneam	LS Metal Vilna LLC	88HE
	TOAN PHAT COPPER TUBE Joint Stock Company	88HF